

STADÉAR AR PHOLASAÍ AGUS
CLEAGHTAS TEANGA AN CHUMAINN
LÚTHCHLEAS GAEL

Áine Ní Cheárnaigh

**Tráchtas á chur isteach mar pháirt-chomhlíonadh ar
riachtanais chéim MA sa Chleachtas Dátheangach**

Fiontar
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
2009

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar atáim a thíolacadh le haghaidh measúnachta mar chuid den chlár staidéir don chéim MA sa Chleachtas Dátteangach agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs mo shaothair.

Scoil:	Fiontar
Ainm an Iarrthóra:	Áine Ní Cheárnaigh
Uimhir ID:	57210913
Stiúrthóir:	An Dr. Emer Ní Bhrádaigh
Sínithe:	<i>Áine Ní Cheárnaigh</i>
Dáta:	20 Lúnasa 2009

Achoimre

Tuigtear go bhfuil Pleanáil Teanga tábhachtach i gcás athbheochan teanga atá i mbaol. Tugtar léargas ar Phleanáil Teanga sa staidéar seo agus pléitear na slíte ina ndéantar pleanáil ar theanga a thabhairt slán nó ‘Reversing Language Shift’ (Fishman 1991, 2001, 2006). Déantar iniúchadh ar Phleanáil Teanga na Gaeilge in Éirinn ó bhunú an tSaor Stáit i 1922 agus léirítear na leibhéil ar Scála ‘GIDS’ Fishman (1991, 2001) (Graded Intergenerational Disruption Scale), ar a dtagann an Ghaeilge mar theanga i mbaol. Déantar moltaí ón litríocht bhunaithe ar sochtheangeolaíocht agus pleanáil teanga a phlé agus léirítear go bhfuil pleanáil teanga ar Leibhéal 6 don ‘GIDS’ fíor-thábhachtach i gcaomhnú na Gaeilge mar theanga labhartha in Éirinn mar is ar an leibhéal seo a dhéantar an nasc teanga idir baile, clann, comharsanacht agus pobal a threisiú (Fishman 1991).

Léirítear an Cumann Lúthchleas Gael mar institiúid feiliúnach inar féidir suíomhanna úsáid na Gaeilge a fhorbhairt. Is eagraíocht spóirt dheonach é an Cumann Lúthchleas Gael a fhorbraíonn spórt Gaelach na tíre. Feictear feiliúnacht na heagraíochta spóirt seo i bpleanáil teanga mar go bhfuil fréamhacha na heagraíochta sáite in athbheochan na Gaeilge agus gur eagraíocht cultúrtha é ina bhfuil sé mar aidhm bhreise an Ghaeilge agus an cultúr a chur chun cinn.

Déantar ainilís ar pholasaí teanga an CLG agus ag úsáid modhanna il-leibhéalacha ina mbailítear sonraí ó thrí leibhéal san eagraíocht (na gnáthbhaill, baill de Bhoird na gCondaethe agus Ard Oifigeach na heagraíochta náisiúnta), déantar cur i bhfeidhm an pholasaí teanga a mheas. Léirítear na príomhdifríochtaí idir pholasaí agus cleachtas teanga agus pléitear na fáthanna leis seo.

Déantar eolas a bhailiú ó na gnáthbhaill ag úsáid sé chumainn samplacha, trí cinn acu cumainn Gaeltachta agus trí cinn acu cumainn neamhGaeltachta. Déantar comparáid idir chleachtas teanga sa dá cheantar.

Chun ról a aimsiú don gCLG i bPleanáil Teanga, aimsíodh ceisteanna tábhachtacha sa litríocht maidir le meon na mball agus a dtuiscint ar pholasaí teanga. Déantar na ceisteanna sin a fhreagairt agus meon na mball i leith na teanga a phlé, ag léiriú difríochtaí idir mheon na mball Gaeltachta agus neamhGaeltachta.

Cruthaíodh sa staidéar seo go bhfuil an difríocht is mó idir pholasaí agus cleachtas teanga ar leibhéal an chumainn áitiúil sa neamhGhaeltacht. Is é easpa scil agus easpa cumais sa teanga a ba chúis leis seo seachas meon diúltach i leith na teanga. Léiríodh go bhfuil na baill sa neamhGhaeltachta ag súil go gcuirfear an teanga chun cinn sa CLG ach nach bhfuil sé ag tarlú go leanúnach ar leibhéal an chumainn áitiúil mar nach bhfuil an tacaíocht ann ó bharr na heagraíochta nó an comhphairtnéireacht idir an eagraíocht agus eagraíochtaí teanga nó comhlachtaí poiblí sa cheantar.

Léiríodh chomh maith, go bhfuil cuid mhaith de pholasaí agus moltaí teanga an CLG mí-réadúil sa neamhGhaeltacht agus go bhfuil athbhreithniú ag teastáil ar an bpolasaí chun spricanna teanga gur féidir a bhaint amach sa chumann áitiúil a aontú.

Léiríodh go bhfuil cleachtas teanga láidir sa Ghaeltacht agus go bhfuil na baill ann ag súil le caighdeán árd na Gaeilge sa CLG. Níl polasaí teanga faoi leith do na ceantair Gaeltachta agus moltar sa staidéar seo go mbeadh, mar is sna cumainn Gaeltachta gur féidir úsáid na teanga a threisiú agus suíomh labhairt na Gaeilge a chinntiú. Molann an Staidéar Chuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007), díriú ar 'gréasáin pobail' an aos óg a fhorbairt chun deiseanna labhairt na Gaeilge a threisiú taobh amuigh de saol na scolaíochta.

Feictear go bhfuil polasaí struchtúrtha agus treoir ó bharr na heagraíochta ag teastáil má tá an CLG chun aidhm 4(a) a chomhlíonadh agus an Ghaeilge a chur chun cinn sa CLG. Moltar go mbeadh an CLG páirteach i bpleanáil teanga mar chuid d'fheachtas athbheochan na Gaeilge, i gcomhphairtnéireacht le eagraíochtaí eile agus leis an Stáit, chun an teanga a chur chun cinn tríd na himeachtaí spóirt seachas in iomaíocht leo.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo stiúrthóir, Dr. Emer Ní Bhrádaigh, as ucht an cúnamh agus an tacaíocht a thug sí dom le linn an staidéar seo.

Tá mé an-bhuíoch, chomh maith, d'fhoireann Fiontar uilig as ucht an comhairle agus an tacaíocht a tugadh dom le dhá bhliain anuas.

Tá focal speisialta buíochais tuillte ag an na baill den gCumann Lúthchleas Gael a chabhraigh liom le linn an staidéar seo; na baill de na cumainn áitiúla a líon na ceistneoirí, na hOifigigh Cultúr agus Teanga a cuireadh faoi agallamh agus m'fhoinsí eolais ar bharr na heagraíochta. Thug na rannpháirithe uilig a gcuid ama go fial agus tá mé fíor bhuíoch dóibh go léir.

Murach an tacaíocht a bhí – agus atá - agam ó mo chlann agus mo chairde, ní bheadh ceann scríbe sroichte agam. Míle buíochas do m'athair, Pádraig, as ucht a chabhair agus a chomhairle agus do mo mháthair, Eilís, dá cineáltacht agus don cluas éisteachta a thug sí dom go minic.

Buíochas speisialta do Chiaráin, mo chara agus mo chomhairleor.

CLÁR

	<i>Lch</i>
Caibidil 1: CÚLRA	1
1.1: Réamhrá	
1.2: Aidhmeanna an Taighde	
1.3: Sainmhíniú ar an dTéarmaíocht	
1.4: Cúlra an taighdeora	
1.5: Leagan Amach	
1.6: Conclúid	
Caibidil 2: LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA	8
2.1: Réamhrá	
2.2: Pleanáil agus Polasaí i leith Teanga	
2.3: Scála Fishman	
2.4: Teanga agus Cultúr	
2.5: Pleanáil Teanga in Éirinn	
2.6: An Ghaeilge ar Scála Fishman	
2.7: Cúlra agus bunú an Chumann Lúthchleas Gael	
2.8: An Cumann Lúthchleas Gael agus an Ghaeilge	
2.9: Conclúid	
Caibidil 3: MODHEOLAÍOCHT	27
3.1: Réamhrá	
3.2: Sprioc	
3.3: Modheolaíocht	
3.4: An Ceistneoir	
3.5: Ainilís ar an eolas	
Caibidil 4: TORTHAÍ	39
4.1: Réamhrá	
4.2: Torthaí Cainníochtúla	
4.3: Torthaí Cáilíochtúla	
4.4: Cuid 1	
4.5: Cuid 2	
4.6: Cuid 3	
4.7: Conclúid	

Caibidil 5: ANAILÍS	63
5.1: Réamhrá	
5.2: Anailís ar Chleachtas Teanga an CLG	
5.3: Anailís ar mheon na mbaill i leith na Gaeilge	
5.4: Anailís ar Thuiscint na mbaill ar an bPolasaí Teanga	
5.5: Conclúd	
Caibidil 6: CONCLÚID	77
6.1: Léargas ar an dTaighde	
6.2: Moltaí	
6.3: Impleachtaí na Moltaí	
6.4: Conclúid	

Aguisíní

- Aguisín 1:** Treoirínte d'Oifigigh Cultúr & Teanga a tugtar sa cháipéis 'Gaeilge sa chlub'
- Aguisín 2:** Rialacha Oifigiúla an Chumainn Lúthchleas Gael i leith na Gaeilge
- Aguisín 3:** Ceistneoir ar bhail de Chumann Lúthchleas Gael
- Aguisín 4:** Achoimre ar na Cumainn Áitiúil
- Aguisín 5:** Feidhmeanna na gCeisteanna: Cuid 1 den gCeistneoir
- Aguisín 6:** Feidhmeanna na gCeisteanna: Cuid 2 den gCeistneoir
- Aguisín 7:** Torthaí na gCeistneoirí: Cleachtas Teanga an CLG
- Aguisín 8:** Torthaí na gCeistneoirí: Meon na mball i leith na Gaeilge
- Aguisín 9:** Torthaí na gCeistneoirí: Tuiscint na mball ar an bpolasaí teanga
- Aguisín 10:** Ceisteanna a úsáideadh don Agallamh le Ard Oifigeach CLG
- Aguisín 11:** Ceisteanna a úsáideadh do na hAgallaimh le Oifigigh Cultúr agus Teanga.

Táblaí

	<i>Lch</i>
Tábla 2.1: Ról na hEarnála Dheonach i bPleanáil Teanga	15
Tábla 3.1: Na Ceisteanna Taighde agus Ceisteanna na Pleanála Teanga	36
Tábla 4.1: Plean Stráitéiseach an CLG	40
Tábla 4.2: An ghaol idir na réimsí taighde agus na ceisteanna maidir le Pleanáil Teanga	44
Tábla 5.1: Cur i bhfeidhm Polasaí Teanga an CLG	64

Figiúirí

Figiúr 1.1: Struchtúr an Chumainn Lúthchleas Gael	5
Figiúr 2.1: Múnla Pleanála Teanga Mhic Dhonnacha (2001)	10
Figiúr 2.2: Scála Fishman; 'Graded Intergenerational Disruption Scale'	11
Figiúr 2.3: An Earnáil Dheonach, An Earnáil Phoiblí agus an Earnáil Príobháideach	16
Figiúr 2.4: Rogha Teanga, Spolsky (1991)	19
Figiúr 3.1: Foinsí Eolais an taighde seo sa CLG	30
Figiúr 3.2: Foinsí Eolais agus Modhanna Bailiúcháin	35
Figiúr 4.1: Polasaí Teanga an CLG	41
Figiúr 4.2: An Fráma Taighde	42
Figiúr 4.3: Tábhacht na teanga sa CLG inniú i gcomparáid le fadó	57

Figióúr 5.1:	Có-pháirtíocht atá molta ag lucht an CLG	69
Figióúr 5.2:	Tacaíocht d'fheachtas cur chun cinn na Gaeilge	72
Figióúr 6.1:	Torthaí na gceisteanna a léiríonn difríocht idir chleachtas teanga agus meon baill CLG	78
Figióúr 6.2:	Torthaí na gceisteanna maidir le suim sa chultúr agus sa teanga	79

Caibidil a hAon CÚLRA

1.1 Réamhrá

“The heights you attain depend on the depths of your roots” (An Cumann Luthchleas Gael, 2009).

Feictear i bhfocail manna oifigiúil an Chumainn Lúthchleas Gael, go bhfuil an eagraíocht ag moladh an nasc idir dhúchas agus forbairt sa todhchaí a chaomhnú ina n-imeachtaí. Moltar an nasc céanna a chaomhnú agus a threisiú i bPleanáil Teanga i gcás mionteanga atá i mbaol (Fishman 1991, 1996, 2001, Romaine 2000, Spolsky 1991). Tá lucht tacaíochta an CLG i dtaithí ar ról éigin a fheiceáil ag an dteanga i gcúrsaí spóirt na heagraíochta. Na samplaí is coitianta agus is infheicthe de seo ná na focail ‘Maor Uisce’, ‘Maor Oifigiúil’ nó ‘Bainisteoir’ scríobhtha ar gheansaithe lucht bainistíochta na foirne agus focail chaipitín na foirne a bhuann comórtas Sraith nó Craobh na hÉireann; “Tá an-áthas orm an corn seo a ghlacadh ar son fhoireann.....”.

Ní cheistítear na nósanna thuas-luaite agus glactar leo mar chuid d’imeachtaí an CLG. Baineann bunús an taighde seo le fírinneacht an mhanna oifigiúil thuas a mheas. Cé go dtuigtear go bhfuil fréamhacha an CLG tábhachtach in imeachtaí na heagraíochta, cloistear go minic gearáin maidir leis an gcaoi a dhéantar ‘lip-service’ ná ‘cur i gcéill’ maidir leis an dteanga sa CLG. Ní chloistear chomh minic céanna plé ar na féidearthachtaí maidir le forbairt teanga san eagraíocht nó conas an polasaí teanga a threisiú ann. Ní coincheap ‘nua’ é go n-úsáidfidís an CLG chun an teanga náisiúnta a fhorbairt agus moltar an teanga a chur chun cinn, ar shlí éigin, in imeachtaí na heagraíochta sna pleananna agus tuarascáileacha ar fad atá scrúdaithe le linn an taighde seo. Tá moltaí chuimsitheacha leagtha amach do chur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht agus déanann an taighde seo staidéar ar an bpolasaí seo agus ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm é.

Tá pointe cinniúnach sroichte ag an nGaeilge in Éirinn inniú. Tá feachtas cur chun cinn na teanga ar bun in earnáil poiblí na tíre mar gheall ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, agus tá áiseanna de chuid an Stáit - i dtaca le eagraíochtaí Gaeilge – dírithe ar aisiompú a dhéanamh ar an meath atá tagtha ar an dteanga dúchasach le dhá chéad bliain anuas. Tá níos mó eolais le fáil ar

méid agus líon lucht labhartha na Gaeilge ná mar a bhí riamh, agus tá moltaí soiléire tugtha ar chonas an teanga a shábháil.

I 1952 ba é Uacharáin an CLG, Michéal Ó Donnacha, a labhair ag oscailt oifigiúil Oireachtas na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Labhair sé ar stádas na Gaeilge agus ar an méadú a bhí tagtha ar líon lucht labhartha na teanga, rud a rinne Higgins (1952) trácht ar ag an am; “..but the language cannot be revived without the will to save it and the energy and spirit to make the necessary efforts.” (Irish Independent, 13ú Deireadh Fómhair, 1952). Ag an am sin, is cosúil go raibh comh-oibriú agus comhpháirtíocht idir eagraíochtaí Ghaeilge agus an CLG chun tabhairt faoi athbheochana na Gaeilge leis an ‘bhfuinneamh’ agus an ‘spírid’ luaite thuas. Breis agus fiche blian ó shin bhí comhpháirtíocht dearfach fós ann idir an Earnáil Gaeilge agus an CLG maidir le cúrsaí teanga. Feictear i bPlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 1983-1986 le Bord na Gaeilge, go raibh spriocanna aontaithe ag an dá eagraíocht chun an Ghaeilge a fhorbairt sa CLG;

- (a) méadú ar úsáid na Gaeilge ag leibhéal an Choiste Contae. Bheadh cúrsaí deireadh seachtaine i gceist do na baill.
 - (b) comórtas speisialta a chur ar bun sna hIonaid Shóisialta.
 - (c) méadú ar líon na gclubanna a bhfuil oifigigh Ghaeilge acu
 - (d) oiliúint trí Ghaeilge a chur ar fáil do thraenáilithe foirne sna bunscoileanna.
- (Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge, 1983-1986, lch 19).

Níl aidhmeanna cinnte i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge sa CLG i gcáipéis pleanála teanga ar bith ó shin, cé go nainmnítear ‘eagraíochtaí spóirt’ i Staidéar Chuimsitheach Teangeolaíochta ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht 2007, Tatal agus Moltaí. Ceistíonn an taighde seo ról an CLG i bpleanáil teanga agus fiosraítear polasaí teanga na heagraíochta. Ceistítear an chaoi a gcuirtear polasaí teanga an CLG i bhfeidhm agus an éifeacht atá leis in aisiompú a dhéanamh ar mheath na Gaeilge.

Feictear i gcáipéisí pleanála teanga (Fishman 1991, 2001) go bhfuil gá le ‘institiúid’ a aimsiú chun úsáid na teanga a chothú idir an baile agus an comharsanacht, agus gur institiúidí tábhachtacha iad eagraíochtaí spóirt. Is ‘institiúid’ é an CLG sa tír, ina bhfuil sé mar aidhm bhreise an teanga náisiunta a chur chun cinn, agus cé nach bhfuil riachtanais reachtúla ar an eagraíocht, is cúis é sin go mbeadh polasaí teanga atá soiléar agus aontaithe i measc na mbaill

agus go gcuirtear i bhfeidhm é. D'eascraigh aidhmeanna an dtaighde seo as taithí an taighdeora féin ar imeachtaí an CLG agus an áit lárnach a aimsíodh don eagraíocht san litríocht ar sochttheangeolaíocht agus Pleanáil Teanga.

1.2 Aidhmeanna an Taighde

- Sa staidéar seo déantar anailís ar fhorbairt an CLG agus ar an nasc atá idir an eagraíocht agus cur chun cinn na teanga. Aithnítear go raibh aidhmeanna teanga ag an gCLG ó thús agus scrúdaítear polasaí agus cleachtas na heagraíochta chun dílseacht na heagraíochta i leith na haidhmeanna a mheas. Déantar léargas ar éifeacht an pholasaí agus an chleachtas i gcomthéacs Pleanáil Teanga agus scrúdaítear dearcadh agus meon na baill i leith éifeacht na nósanna teanga thuas-luaite.
- Déanann an staidéar seo anailís ar an gCLG mar 'institiúid' inar féidir Pleanáil Teanga a dhíriu ar an nasc idir: **baile-clann-comharsanacht agus pobal**, mar a mholann Fishman (1991). Scrúdaítear fírinne an mhanna oifigiúil in imeachtaí na heagraíochta; an gcaomhnaíonn an eagraíocht an cultúr agus é ag fás agus ag forbairt? An féidir áit ghníomhach a thabhairt don teanga sa CLG, mar atá tarlaithe in earnáil poiblí na tíre, seachas áit siombalach?

Is é téama an taighde seo ná; Staidéar ar pholasaí agus cleachtas an Cumann Luthchleas Gael i leith na Gaeilge. Aimsíodh an phríomhcheist taighde:

- Céard iad na difríochtaí idir pholasaí agus cleachtas an Chumainn Lúthchleas Gael i leith cur chun cinn na Gaeilge?

Faoi sin, tagann dhá fo-cheist;

- An léiríonn polasaí agus cleachtas an CLG i leith na teanga meon formhóir na mbaill, idir gnáthbhaill agus iad sin ar bharr na heagraíochta?
- An bhfuil baill den gCLG – ar na leibhéil ar fad san eagraíocht (Figiúr 1.1) - ag súil go gcuirfí an Ghaeilge chun cinn san eagraíocht?

1.3 Sainmhiniú ar an dTéarmaíocht

Polasaí: Sa staidéar seo úsáidtear an téarma ‘polasaí teanga’ chun an méid atá scríobhtha i leith cur chun cinn na Gaeilge, idir aidhmeanna oifigiúla, rialacha agus treoirlínte, a chur in iúl.


Cleachtas: ‘Séard is brí le ‘cleachtas’ sa staidéar seo ná an méid a dhéantar chun polasaí teanga (thuas-luaite) a chur i bhfeidhm. ‘Sé sin an méid a dhéantar go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil chun an teanga a chur chun cinn san eagraíocht i gceist.

An Cumann Luthchleas Gael: Is ionann an Cumann Luthchleas Gael agus eagraíocht náisiunta a bunaíodh in 1884 chun spoirt dúchasach na tíre a chaomhnú. Baineann peil, iománaíocht, cluiche corr, liathroid láimhe agus luthchleasaíocht le ‘spóirt dúchasach’.

Barr na heagraíochta: Is ionann ‘barr na heagraíochta’ sa staidéar seo agus lucht ceannaireachta an Chumainn Luthchleas Gael. ‘Siad sin na daoine atá i mbun gnó na hÁrd Comhairle agus an Coiste Bainistí a lámhseáileann gnó laethúil an CLG. Is ag an leibhéal seo a aithrítear polasaí nó riail ar bith sa CLG. (Féach Tábla 1.1: Struchtúr na hEagraíochta)

An Cumann: Is ionann an cumann áitiúil (an club) agus an bhunleibhéil ag a n-eagraítear imeachtaí an CLG. Bíonn aoisgrupaí ó faoi 6 go faoi 21 i gceist agus leibhéil imeartha Soisearach go Sinsearach. Bíonn sraitheanna agus craobhacha ar gach leibhéal idir chumainn sa chonrad. Tá breis agus 2,500 cumainn áitiúla ar fud na tíre (An Cumann Luthchleas Gael, ar líne, 2009).

Figiúr 1.1: Struchtúr an Chumainn Lúthchleas Gael



(Clerkin, 2008:10)

1.4 Cúlra an taighdeora

Tá cúlra pearsanta an taighdeora tábhachtach i roghnú ábhair an taighde seo. Is baill de chumann áitiuil de chuid an CLG mé i gceantar Gaeltachta i gCo. Na Gaillimhe. Ba suíomhanna tábhachtacha inar spreagadh muid le Gaeilge a labhairt iad imeachtaí an CLG le linn m'óige, mar shampla; traenáil, campaí samhraidh agus Scór.

Tá baint agam le cumainn i mBaile Átha Cliath mar gheall ar mo phost mar mhúinteoir bunscoile agus mar go bhfuil curaim orm traenáilithe peile agus iománaíochta a eagrú sa scoil.

Ba léir dom le roinnt blianta go bhfuil an CLG ag fás agus ag forbairt ach go bhfuil an teanga dúchasach ag dul sa treo eile sa tír, go háraithe mar theanga labhartha sa nGaeltacht. Creidim gur féidir an Ghaeilge a chur chun cinn mar aidhm bhreise sa CLG, mar a leagtar amach sna hAidhmeanna Oifigiúla, ach

feictear dom go bhfuil gá le polasaí teanga atá aontaithe idir bun agus barr na heagraíochta.

Ní mór polasaí teanga na heagraíochta a scrudú agus cur i bhfeidhm an polasaí a mheas. Thuig mé go mbeadh gá meon na mbaill i leith na Gaeilge agus a dtuiscint ar an bpolasaí – mar atá sí anois - a aimsiú. Más féidir an CLG a úsáid chun an teanga a chothú caithfear aontacht a lorg maidir leis na haidhmeanna.

1.5 Leagan Amach

Tugann Caibidil 2 iniúchadh ar an litríocht a thugann fráma don taighde seo. Tá dhá chuid leis seo;

- (1) Litríocht bunaithe ar an tsochtheangeolaíocht agus Pleanáil Teanga i gcás mionteanga a léiriú. Cás na Gaeilge in Éirinn a phlé agus léargas a thabhairt ar phleanáil teanga sa tír.
- (2) Litríocht a thugann léargas ar an gCLG ó bunaíodh é a phlé. Stair agus forbairt na heagraíochta a leiriú agus an áit atá ag an eagraíocht in eiseamlár pleanála teanga a phlé.

Tugtar léargas i gCaibidil 2 ar pholasaí teanga an CLG agus ar na treoirlínte atá ann d'Oifigigh Cultúr agus Teanga na heagraíochta polasaí teanga a chur i bhfeidhm.

Léirítear 'modh-oibre' an taighde i gCaibidil 3 agus tugtar léargas ar;

- (1) Na foinsí eolais. Roghnaíodh foinsí ó trí leibhéal san eagraíocht.
- (2) Na modhanna a usáideadh chun eolas agus sonraí a bhailiú ar an ábhar.
- (3) Na fáthanna a roghnaíodh modhanna faoi leith.

Roghnaíodh na modhanna is éifeachtaí chun an t-eolas a bhaineann leis an téama taighde a léiriú agus ceisteanna na pleanála teanga a fhreagairt.

Léirítear torthaí an taighde ó na foinsí uilig i gCaibidil 4 agus déantar anailís ar na torthaí ag léiriú phríomhghnéithe na téamaí taighde i gCaibidil 5;

1. Cleachtas agus polasaí an CLG i leith na Gaeilge,
2. Meon baill den CLG i leith na Gaeilge agus
3. Tuiscint na mball ar pholasaí teanga an CLG.

Forbrófar ceisteanna na pleanála teanga faoi na fo-théamaí thuas agus déantar anailís ar an léargas a thugann torthaí an taighde ar na gceisteanna. Beidh

comparáid le déanamh idir thorthaí ó na leibhéail a míníodh i gCaibidil 3 agus idir na cumainn Gaeltachta agus neamhGhaeltachta.

Déanfar conclúid ar an méid a bhfoghlaímíodh i gCaibidil 6 agus déanfar cur síos anailís chriticiúil ar phríomhmoltaí an taighde.

1.6 Conclúid

Tá cúlra tugtha don ábhar taighde sa chaibidil seo agus plé déanta ar thábhacht an taighde i gcómhthéacs na pleanála teanga. Léiríodh go bhfuil cúlra pearsanta an taighdeora san eagraíocht atá faoi staidéir – an CLG – fite fuaite le haidhmeanna an staidéair. Sa léarmheas litríochta i gCaibidil a Dó, déanfar múnla oibre a chruthú ó litríocht na pleanála teanga, inar féidir aidhmeanna an taighde a chomhlíonadh. Pléifear an áit a aimsítear d’eagraíocht chultúrtha, spóirt mar institiúid i bPleanáil Teanga agus déantar anailís ar an gcineál pleanáil teanga gur féidir díriú air sa CLG.

Caibidil a Dó

LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA

2.1 Réamhrá

Déantar staidéar chuimsitheach agus anailís ar an litríocht a bhaineann leis an gceist taighde sa chaibidil seo. Is é an cheist taighde ná:

- Céard iad na difríochtaí idir pholasaí agus cleachtas an Chumainn Lúthchleas Gael i leith cur chun cinn na Gaeilge?

Chun staidéar chuimsitheach a dhéanamh ar an nGaeilge sa CLG ní mór na fo-cheisteanna seo a leanas a fhreagairt;

- An léiríonn polasaí agus cleachtas an CLG i leith na teanga meon formhóir na mbaill, idir ghnáthbhaill agus iad sin ar bharr na heagraíochta?
- An bhfuil baill den gCLG – ar na leibhéil ar fad san eagraíocht (Figiúr 1.1) - ag súil go gcuirfí an Ghaeilge chun cinn san eagraíocht?

Ní mór iniúchadh a dhéanamh ar an litríocht ar phleanáil agus ar pholasaí teanga go háirithe chun múnla a aimsiú a fheileann an t-ábhar cuí. Sa chéad cuid den léirmheas seo, tugadh léargas ar an dteoiric a bhaineann le planáil teanga i gcás mion-teanga a thabhairt slán. Léiríodh na hinstiúidí atá páirteach i bplanáil teanga agus an tábhacht atá leis an nasc idir an baile, an chlann, an chomharsanacht agus an pobal i gcás aisiompú a dhéanadh ar athrú theanga (Fishman 1991, 1996, 2001, Walsh 2004).

Tugadh léargas ar stádas na Gaeilge mar mhionteanga in Éirinn agus ar na réimsí éagsúla ina bhfuil planáil teanga ar bun. Léiríodh go bhfuil áit ag an earnaíl dheonach i bplanáil teanga, tríd earnaíl na Gaeilge agus eagraíochtaí eile atá páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge ar léibhéal éigin.

Sa dara cuid den léirmheas, déantar staidéar ar stair an Chumainn Lúthchleas Gael agus ar an gcomhthéacs phoilitiúil agus cultúrtha inar bunaíodh é. Déantar anailís ar na nascanna a bhí ó thús, agus atá go fóill idir an eagraíocht agus an Ghaeilge agus léiríodh na fáthanna go bhfuil polasaí teanga ag an gCLG. Cruthaítear sa chaibidil seo go bhfuil áit thábhachtach ag an gCLG i bplanáil teanga agus feictear go bhfuil gá leis an taighde seo chun feidhmiú polasaí

teanga a mheas agus chun comhaontas a lorg san eagraíocht maidir leis na haidhmeanna teanga.

CUID A hAON

2.2 Pleanáil agus Polasaí i leith Teanga

Dearbhaíodh ar shuíomh idir-líne oifigiúil UNESCO go bhfuil leath de na 6,700 teangacha a labhraítear ar an domhain inniú i mbaol a mbáis. (UNESCO, ar líne, 2009) Chun mionteanga atá i mbaol a chaomhnú nó aisiompú a dhéanamh ar an athrú atá tagtha uirthi, ní mór go ndéantar pleanáil cúramach ar pholasaí teanga. Baineann formhór den litríocht ar 'Phleanáil Teanga' le conas malairt a dhéanamh ar theanga atá i mbaol nó Reversing Language Shift (RLS), (Fishman 1991, 2001, Romaine 2000, Spolsky 2001). Léiríodh gur chóir 'feidhm' a thabhairt do mhionteanga atá i mbaol.

Threatened languages must establish
(1) A priority of functions, and
(2) a priority of linkages between functions in order to derive the maximal benefit from their relatively weak resource base and unfavourable resource competitive setting. (Fishman, 2001:14)

Déantar pleanáil maidir leis na feidhmeanna luaite thuas ar mhodhanna éagsúla a bhaineann le (1) Pleanáil Chorpais agus (2) Pleanáil Stádais. Baineann Pleanáil Chorpais le hiarrachtaí ceannasacha struchtúr an teanga a fhorbairt. Is cuid de Phleanáil Chorpais é forbairt ghramadaí, téarmaíochta agus caighdeánú. Baineann Pleanáil Stádais le forbairt a dhéanamh ar fheidhmeanna shóisialta na teanga, mar shampla deiseanna labhartha a chruthú (Blommaert 1996, Cooper 1989, Fishman 2006).

Forbraíonn Mhic Dhonnacha (2000) an múnla thuas le plean trí-leibhéalach atá bunaithe aige ar mhodhanna atá in úsáid i gcúrsaí gnó. (Féach Tábla 1) Sa phlean seo tá 'Pleanáil Stádais', 'Pleanáil Teanga' agus 'Pleanáil Fheidhmeach'. Mar chuid den chéad leibhéal tá ról an Rialtais pléite; achtanna, an reachtaíocht agus an dlí. Ar Leibhéal 2 is é an aidhm ná cur leis an teanga. Ar Leibhéal 3 ní mór meoin na ndaoine i leith na teanga a athrú tré ghníomhachtaí a chruthaíonn íomhá dearfach den teanga agus a thugann deis í a úsáid. Caithfear feabhas a chur ar an gcaoi a dtéann teanga ó ghlúin go glúin ar an leibhéal seo chomh maith.

Aithnítear sna heiseamláir luaite, go bhfuil tábhacht le stádas a fháil don mhionteanga i reachtaíocht na tíre agus sa Chóras Oideachais ach léiríonn acadulaí go gcaithfear ról agus feidhm a chruthú don teanga lasmuigh den scolaíocht, don aos óg ach go háirithe. “Post-and-out-of-school functions for the threatened language must also be increasingly assured for adolescents and young adults. (e.g. clubs, sports teams, study groups, hobby groups.)” (Fishman, 2001:15).

Figiúr 2.1: Múnla Pleanála Teanga Mhic Dhonnacha (2000)

LEIBHÉAL 3:	<u>Pleanáil Fheidhmeach</u>
→	Deiseanna úsáidte a chur ar fáil don teanga. Íomhá dearfach a chruthú den teanga, mar shampla sna meáin. Forbairt a dhéanamh ar an teanga a chur ar aghaidh ó ghlúin go glúin.
LEIBHÉAL 2:	<u>Pleanáil Teanga</u>
	Cur leis an teanga; téarmaíocht agus gramadach a fhorbairt.
LEIBHÉAL 1:	<u>Pleanáil Stádais</u>
	Stádas a thabhairt don teanga sa reachtaíocht; dlíthe agus achtanna a thugann sábháilteacht don teanga.

2.3 Scála Fishman

Baineann an cinéal pleanáil teanga a fheileann riachtanaisí an mhionteanga le stádas na teanga mar theanga i mbaol. Bhunaigh Fishman (1991) scála a chuireann an mhiontheanga ar leibhéal éigin atá bainteach le méid agus tréithe sochtheangeolaíochta na gcainteoirí. GIDS ná ‘Graded Intergenerational Disruption Scale’ a thugtar ar an scála seo agus tugtar spriocanna maidir leis an gcinéal pleanáil teanga is éifeachtaí ar gach leibhéal. Is ar Leibhéal 8 a chuirtear na teangacha is mó atá i mbaol agus ar Leibhéal 1 na cinn is láidre (Féach Figiúr 2.2).

Figiúr 2.2: Scála Fishman; Graded Intergenerational Disruption Scale

	<u>LEIBHÉAL 1</u>	Úsáid na teanga ar leibhéal ard in imeachtaí an Rialtais, sna meáin agus Oideachas tríú leibhéal sa teanga a bheith ar fáil.	Léibhéil 1 go 4 (a): Seachadadh teanga.
	<u>LEIBHÉAL 2</u>	Úsáid na teanga i seirbhísí ísle de chuid an Rialtais agus na meáin cumarsáide ach ní ar leibhéal árd i gceachtar acu.	
	<u>LEIBHÉAL 3</u>	Feidhm eacnamaíoch a thabhairt don mhionteanga. Úsáid a fhorbairt san áit oibre. DEARBHAÍONN FISHMAN NACH BHFUIL GÁ GO SROICHTEAR AN LEIBHÉAL SEO AGUS NACH LEOR É CHUN TEANGA A THABHAIRT SLÁN.	
	<u>LEIBHÉAL 4</u>	Oideachas Léibhéal (a): Scolaíocht tré mhéan an Xish amháin. Nasc idir seo agus forbairt le cúsaí reiligiún, clubanna óige, foirne spóirt sa mhionteanga srl. Léibhéal (b): Go dtugann údaráis an mhóirtheanga cead gnéithe den Oideachas a chur ar fáil sa mhionteanga.	
	<u>LEIBHÉAL 5</u>	Feidhm a thabhairt don teanga tríd an litríocht. Litríocht sa mhionteanga a chinntiú.	
	<u>LEIBHÉAL 6</u>	Tá an teanga in úsáid sa bhaile ar leibhéal éigin. Ní mór insitiúidí sa chomharsanacht ina bhfuil an mhionteanga in úsáid a threisiú. Sprioc: Go mbeadh méadú ag teacht ar líon na dteaghlaigh sa mhionteanga agus go dtabharfar deiseanna do lucht na mhionteanga caidrimh shóisialta a dhéanamh lena chéile taobh amuigh den teaghlach.	Léibhéil 4 (b) go 8: Cothú teanga
	<u>LEIBHÉAL 7</u>	Labharthóirí na teanga mar ghrúpa gníomhach ach tá siad ós cionn aois tógáil clainne. Ní mór nasc a chruthú idir na daoine seo agus an aos óg. Sprioc: leanúnachas teanga ó ghlúin go glúin.	
	<u>LEIBHÉAL 8</u>	Corr dhuine aosta a thuigeann agus a labhraíonn an teanga scaipthe ar fud na tíre. Maireann an teanga i bpaidreacha, beannachtaí ná nathanna seachas mar theanga labhartha.	

Idir Leibhéal 4(b) agus Leibhéal 8 is ar an bpobal labhartha atá an fócas. Cuireann polasaí agus pleanáil teanga deiseanna labhartha ar fáil agus tugtar feidhmeanna don mhionteanga. Idir léibhéal 1 agus 4 (a), díritear ar pholasaí de chuid an stáit nó ar an gcóras reachtaíochta chun stádas agus sábháilteacht a thabhairt don teanga. Dá bhrí sin, feictear gur ‘Pleanáil Chorpais’ den chuid is mó, atá ar leibhéal 1 go 4 agus ‘Pleanáil Stádais’ atá ar leibhéal 5 go 8.

2.3.1 Scála Fishman; Leibhéal a 6

Aithnítear gur leibhéal ‘fíor thabachtach’ in eiseamlár Fishman é Leibhéal 6. (Fishman, 1991) Díritear ar an dteanga labhartha a fhorbairt i measc na ndaoine óga agus pobail lárnach a chruthú, seachas teaghlaigh aonaracha. Tugann Fishman ‘Xish’ ar an mionteanga agus ‘Xmen’ ar lucht labhartha na mionteanga agus molann sé gur chóir go mbeadh idir-ghréasán an t-Xish ag fás. “Xish must also become the language of interfamily interaction and of interaction with playmates, neighbours, friends and acquaintances” (Fishman, 1991:93). Ní mór an nasc a threisiú idir bhaile, teaghlach, comharsanacht agus pobal, dár leis.

Is leibhéal dúshlánach é Leibhéal 6 mar go bhfuil sé deacair pleanáil a dhéanamh ar imeachtaí a tharlaíonn sa chlann agus sa phobal. “The informality and spontaneity of everyday life does not lend itself to excessive planning...” (Fishman, 1991:112).

Tagann imeachtaí eagraíochtaí teanga agus aon eagraíocht a bhíonn imeachtaí foirimiúil acu ina bhfuil an teaghlach agus an pobal páirteach faoin leibhéal seo; “local economic, religious, cultural and recreational units as rub shoulders with the daily neighbourhood life of ordinary folk..” (Fishman, 1991:92). Úsáideann Fishman an frása ‘Language-in-Culture’ arís agus arís eile i gcomhthéacs pleanáil teanga agus léiríonn sé go bhfuil sé tábhachtach an coincheap a chur i bhfeidhm ar dhaoine óga i bpolasaí agus i bpleanáil teanga.

2.4 Teanga agus Cultúr

Tá easaontas i measc acadúlaí maidir le láidreacht an nasc idir theanga agus cultúr agus ar an ról atá ag an nasc seo i gcúrsaí pleanála teanga. Léiríodh sa litríocht gur cuid lárnach í teanga de chultúr agus ionannas, cé go bhfuil éagsúlacht i dtuairimíocht ar an gcinéal nasc atá eathartha. Aontaíonn Wash

(2004) le Fishman (1991, 1996, 2001), go bhfuil nasc tábhachtach idir teanga agus cultúr i gcúrsaí sochtheangeolaíochta: “Tá an tsochtheangeolaíocht... tábhachtach toisc go soláthraíonn sí bunús don cheangal cúisíoch idir an teanga agus an fhéiniúlacht chultúrtha” (Walsh, 2004:18). Dearbhaíonn Fishman (1991, 1996) nach bhfuil gá go dtagann teanga dúchasach agus cultúr dúchasach ar an gcéim chéanna an t-am ar fad. Is féidir, mar atá tarlaithe in Éirinn, go bhfuil daoine bródúil as a gcultúr gan an teanga. Déanann Fishman cur síos ar seo mar “Xmen via Yish”. Ba iad Xmen an pobal mionteanga agus Yish an mórtheanga. (Fishman, 1991, 16) Ba cheart go mbeadh iarrachtaí RLS (Reversing Language Shift), nó aisiompú athrú teanga, ag treisiú an nasc idir chultúr agus teanga, más rud é go bhfuil sé laghdaithe. “RLS is an attempt to foster, to fashion to attain and to assist a particular language-in-culture content and pattern.” (Fishman, 1991:17).

Laghdaíonn May et al (2004) an bhéim atá curtha ar an nasc idir teanga agus cultúr i saothair Fishman, agus dearbhaíonn sé nach gá go mbeadh nasc ar bith eatarthu. Tá sé mí-réadúil, dar leis, a bheith ag súil lena leithéid. (Ich 40) Déanann sé tagairt ar chás na hÉireann chomh maith; “Thus Irish identity, while once distinguished by Irish Gaelic, is now distinguished primarily by a dialectal version of English..” (May, 2004).

2.5 Pleanáil Teanga in Éirinn

2.5.1 An Stáit

Roimh bhunú an tSaoir Stáit i 1922, ghlac eagraíochtaí dheonacha ról i gcur chun cinn na Gaeilge in Éirinn. Ba é Conradh na Gaeilge an phríomheagraíocht teanga a d’fhás as athbheochan na Gaeilge, cé go raibh réimse leathan d’eagraíochtaí a raibh sé mar aidhm acu teanga agus cultúr na hÉireann a chaomhnú. Ghabh Poblacht na hÉireann an ról caomhnú agus cur chun cinn na teanga orthu féin i 1922 agus tugadh stádas don teanga mar ‘phríomh-theanga Oifigiúil na tíre’ i mBunreacht na hÉireann 1937 don chéad uair riamh.

Thug an Stáit faoi phleanáil teanga ó 1922 ar aghaidh agus ba é ‘Pleanáil Stádais’ agus ‘Pleanáil Teanga’ den chuid is mó, ar mhúnla Mhic Donnacha (2000), a bhí i gceist (Féach Tábla 2.3). Síníodh dlíthe agus achtanna a thug cearta do lucht labhartha na Gaeilge agus a chinntigh a husáid; mar shampla an

Ghaeilge mar theanga éigeantach sa Chóras Oideachas agus mar theanga riachtanach sa Stáit Seirbhís. Tugann Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, stádas faoi leith don Ghaeilge agus cuirtear riachtanaisí teanga ar gach comhlacht poiblí sa tír.

Tugadh cúram cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht do Choimisiún na Gaeltachta i 1926. I 1956 don chéad uair le Acht Airí agus Rúnaithe (Leasaithe), dearbhaíodh gur féidir cuspóirí oifigiúla teanga a aimsiú sna limistéir Gaeltachta; “..agus sna horduithe reachtúla a leanann é a úsáidtear chun limistéir na Gaeltachta a rianú chun críche reachtaíochta agus cuspóirí oifigiúla eile.” (An Staidéar Teangeolaíoch, 2007:26). Sa bhliain 2000 cuireadh an Coimisiún ar bun arís chun an Stáit a chur ar an eolas maidir le lucht labhartha na Gaeilge sa tír agus is as na moltaí sin a rinneadh An Staidéar Teangeolaíoch ar usáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2007.

Bhí an Stáit páirteach i gcaighdeánú agus nuachóiriú ar an dteanga ó 1945 ar aghaidh tríd ‘Rannóg an Aistriúcháin’ a d’fhoilsigh ‘Litriú na Gaeilge; lámhleabhar an chaighdeáin oifigiúil’ sa bhliain sin agus ‘Gramadach na Gaeilge: caighdeán Rannóg an Aistriúcháin’ i 1953 (Ó Croídheáin, 2006, 206). Baineann na hiarrachtaí seo de chuid an Stáit le Leibhéal 2 de mhúnla Mhic Donnacha (2000).

2.5.2 Eagraíochtaí Dheonacha

Cuireann an earnáil dheonach le pleanáil teanga ar Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 de mhúnla Mhic Donnacha (2000); ‘siad sin; ‘Pleanáil Teanga’ agus ‘Pleanáil Fheidhmeach’. Léirítear samplaí i dTábla 2.3. Tá cuid mhaith de na heagrais in earnáil na Gaeilge mar bhaill de Comhdháil na Gaeilge a bunaíodh i 1943 agus atá mar ‘lár-chomhairle phobal na Gaeilge’. (Gréasáin de chuid Comhdháil na Gaeilge, Gaelport, 2009)

Léiríonn focail Ernest Blythe, Uachtarán Comhdháil na Gaeilge 1952, an coimhlint a bhí, agus atá fós uaireanta, idir eagraíochtaí Ghaeilge agus an Stáit; “He notes that an indifferent or negligent state can undermine or even destroy ‘the effectiveness of the work done by voluntary organisations of private citizens’” (Ó Croidheáin, 2006: 203).

Léiríodh i Staidéar Chuimsitheach Teangeolaíoch 2007 a bhaineann le úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, go bhfuil gá le stráitéis ilghnéitheach ina bhfuil

eagraíochtaí dheonacha páirteach má tá an teanga chun teacht slán. Is ar an bPleanáil Teanga agus an Pleanáil Feidhmeach ar mhúnla Mhic Donnacha (2000) a chaithfear an pleanáil a dhírú mar níl céim in airde faighte ag an nGaeilge, mar Ghaeilge labhartha, de bharr Pleanáil Stádais go dtí seo.

Tábla 2.1: Ról na hEarnála Dheonach i bPleanáil Teanga


Pleanáil Fheidhmeach
<p>‘Comhlúadar’; tacaíocht do thuismitheoirí clann a thógáil trí Ghaeilge.</p> <p>‘Feachtas’; eagraíocht do dhaoine óga, eagraíonn siad laethanta Spóirt, Tráth na gCeist, Campaí Samhraidh.</p> <p>‘Conradh na Gaeilge’; Seachtain na Gaeilge/Oireachtas a eagrú a thugann poiblíocht agus íomhá dearfach don teanga.</p> <p>An CLG.</p>
Pleanáil Teanga
<p>‘Foras na Gaeilge’; An Coiste Téarmaíochta: An-obair déanta ar théarmaíocht a chaighdeánú. Tugtar tacaíocht don Stáit, an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach agus réimsí eile den earnáil dheonach.</p> <p>‘Pobal an Aifreann’; déanann siad iomlánú ar an Liotúirge trí mheán na Gaeilge.</p>
Pleanáil Stádais
<p>Cúraim an Stáit: Coimisiún na Gaeltachta, Iomisteir Gaeltachta a leagan amach, dlíthe, achtanna srl.</p>

2.5.3 An Earnáil Phoiblí agus an Earnáil Phríobháideach

Cuireann Acht na dTeangacha (2003) (thuas-luaite) dualgaisí ar chomhlachtaí poiblí faoi Alt(11) seirbhísí Gaeilge a sholáthair do phobal na tíre (Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, Alt (11)). Ní chuirtear dualgaisí ar eagraíochtaí dheonacha faoin Acht seo, ach bíonn teagmháil agus imoibriú i bpleanáil scéimeanna teanga idir chomhlachtaí poiblí agus an earnáil dheonach. Mar sin, tá ról i gcur chun cinn na Gaeilge ag an earnáil poiblí i dtaca leis an earnáil dheonach.

Is beag ról a ghlac an triú earnáil, An Earnáil Phríobháideach le blianta i gcúir chun cinn na Gaeilge. Níl dualgaisí reachtúla orthu agus mar sin is mar chuid de ‘Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach’ a thagann cur chun cinn na Gaeilge san earnáil seo. Le deich mbliana anuas tá an-fhorbairt tagtha ar an gcoincheap ‘Freagracht Chorporáideach’ agus ‘Freagracht Shóisialta Chorporáideach’ i gcúrsaí gnó. Tá tábhacht mhór leagtha ar na luachanna atá ag comhlacht agus ar an ‘dea-ainm’ atá acu. Tá comhlachtaí ag iarraidh ‘an rud ceart’ a dhéanamh, agus a gcuid gnó a dhéanamh ar bhealach atá ar leasa na geallsheallbhoirí uilig;- fostaithe, tomhaltóirí, an pobal agus scairsheallbhoirí, seachas ar bhealach a ardaíonn brabús amháin. Tá tuiscint ag comhlachtaí anois go bhfuil siad freagrach as an tionchar atá ag an gnó agus an méid atá ar siúl acu ar an gcóras sóisialta ar fad (Carroll & Bucholtz, 2006). Tá comhlachtaí ann, mar sin, atá ag iarraidh ‘an rud ceart’ a dhéanamh i dtaobh pobal labhartha na Gaeilge agus a dhéanann iarracht éigin an Ghaeilge a chur chun cinn, le comharthaíocht nó fógraíocht mar shampla.

Figiúr 2.3: An Earnáil Dheonach, An Earnáil Phoiblí agus an Earnáil Phríobháideach



2.6 An Ghaeilge ar Scála Fishman

Dearbhaíonn Ó Riagáin i Fishman (2001) go bhfuil stádas éagsúl ag an nGaeilge ar Scála Fishman, agus go seasann sí ar gach léibhéal, ar shlí éigin; “Thus from the outset it seems fair to say that Irish Language Policy incorporated, to varying degrees, practically all of the ‘stages’ of Fishman’s model.” (Ó Riagáin, 2001:196). Is cinnte go bhfuil an teanga go mór i mbaol nó ‘definitely endangered’ de réir tuairisc UNESCO ar theangacha an domhain (Suíomh UNESCO, ar líne). Tá líon na gcainteoirí Gaeltachta ag titim, (Staidéar Teangeolaíoch, 2007) agus is ar Leibhéal 6 ar Scála Fishman a fheictear an dul i leig is mó le leath chéad bliain; an Ghaeilge mar theanga labhartha sa teaghlach. Cruthaíonn sé seo ceisteanna maidir le Scála Fishman. Cé go bhfuil na tréithe ar Leibhéal 1 agus 2 soiléar i gcás na Gaeilge in Éirinn, níl sé fíor go bhfuil an teanga ‘níos láidre’ mar mhionteanga dá bharr. Sa tír seo, is cosúil go bhfuil dul chun cinn ar Leibhéal 6 riachtanach chun stádas na Gaeilge mar theanga labhartha a fheabhsú; ar bhealach is ionann Leibhéal 6 agus an bharr-leibhéal in Éirinn sa Ghaeltacht. B’fhéidir an teanga a thabhairt slán más féidir na tréithe ar Leibhéal 6 a fhorbairt.

Níl teipeadh iomlán léirithe ag acadúlaíthe ar pholasaí teanga an Stáit go dtí seo; dearbhaíonn Fishman go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcainteoirí taobh amuigh den Ghaeltacht agus go bhfuil eolas ag méid mór daoine ar an dteanga de bharr polasaí teanga le caoga blian anuas (Fishman 1991, Spolsky & Shohamy 2001). Dála an scéil, chun tabhairt faoi forbairt na Gaeilge ar Leibhéal 6, ní mór pleanáil teanga a dhíriú ar an dteanga labhartha sa chlann mar a phléitear i gCuid 2.3.1 thuas.

2.6.1 Nasc idir Theanga agus Cultúr in Éirinn

Dearbhaíodh i nDaonáireamh 2006 go bhfuil labhairt na Gaeilge ag 1,656 790 daoine in Éirinn inniú, céatadán de 40% den daonra (Príomh Oifig Staidrimh na hÉireann, ar líne 2009). Is fiú trácht a dhéanamh ar shuirbhé de chuid an ISSP (International Social Survey Programme) atá pléite ag Davis (2003). Ceistíodh rannpháirtithe ar fud an domhain ar an tábhacht a bhaineann le tréithe áirithe den náisiúnachas. Cé gur léirigh na freagraí Éireannacha ar an bhformhór go raibh na tréithe – mar shampla Caitliceachas agus gur rugadh in Éirinn an duine – an-tábhachtach i gcás an ‘náisiúnachas’, níor fhreagair ach 14.5% de na hÉireannaigh go mbeadh sé an-tábhachtach a bheith in ann an Ghaeilge a

labhairt chun a bheith i do fhíor-náisiúnaí. Bhí an figiúr seo i bhfad níos lú ná an meán domhanda maidir le teanga dúchasach, a bhí gar go 59.6%. Cuireann sé seo leis an méid atá dearbhairthe ag Fishman, go bhfuil Éireannaigh mar “Xmen via Yish” (Éirinnigh tré mhéan an Bhéarla).

Tá coimhlint le feiceáil idir ábhar na litríochta maidir le teanga, cultúr agus náisiúnachas agus meon sochaí na hÉireann. An bhfuil sé mí-réadúil, mar atá dearbhairthe ag May (2004), go mbeadh an Ghaeilge mar chuid lárnach de chultúr na hÉireann nuair nach bhfuil cumas sa teanga ach ag 40% den daonra agus nach labhraíonn ach 84,697 í go laethuil lasmuigh den scolaíocht? (Príomh Oifig Staidrimh na hÉireann, #75647, ar líne, 2009) Is é tuairim Davis (2002) go bhfuil meas ag muintir na hÉireann ar an dteanga ach go gcuireann siad tábhacht ann mar ‘shiombal’ in áit ghné gníomhach den saol. Cuireann sé seo leis an méid atá á rá ag Fishman; “The one thing that the populations in the Gaeltacht and in the East (Galltacht) had in common was a huge preponderance of positive attitudes towards Irish..” (Fishman, 1991:124).

Léiríonn Ó Doibhlinn (2004) agus Romaine (2000) an paradacsa céanna; tá bá ag timpeall 70% den daonra leis an dteanga ach is ionann an bhá agus ‘cumha’, dar le Ó Doibhlinn, rud nach bhfuil úsáideach i gcur chun cinn na teanga.

2.6.2 Pleanáil na Gaeilge ar Leibhéal a 6

Ceann de na príomhchuspóirí atá aimsithe sa Staidéar Chuimsitheach Teangeolaíoch 2007 ná go bhfuil gá le ‘gréasán phobail’ chun úsáid na Gaeilge a leathnú.


Príomhchuspóir: Dul i gcion ar aos óg na Gaeltachta agus a chur ina luí orthu go mbaineann na nósmaireachtaí teanga a chleachtann siad ina measc féin faoi láthair le cinniúint na Gaeilge sa Ghaeltacht amach anseo; úsáid na Gaeilge a neartú sna gréasáin phobail a bhaineann leis na daoine óga go sonrach, mar shampla na heagraíochtaí spóirt agus na struchtúir tacaíochta óige, agus iad a bheith á riaradh ar bhealach a chothaíonn sóisialú trí Ghaeilge ina measc (Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch, 2007, Achoimre:30).

Déanann an chuspóir seo athrá ar an “Home-family-neighbourhood-community link” atá molta ag Fishman ar leibhéal a sé den Scála GIDS (Fishman, 1991:92).

2.6.3 Rogha Teanga

Déanann Spolsky (1991) diospóireacht shuimiúl a bhaineann le teanga a thabhairt slán nó í a athbheochan. Molann sé an mhiontanga a mhúineadh mar dara theanga agus suíomhanna foirmiúil (oideachas) agus neamhfoirmiúil a chur i bhfeidhm chun deiseanna foghlamtha a chruthú. Ní gá, dar leis, go mbeadh foghlaim neamhfoirmiúil bainteach le litríocht na teanga; “informal learning in the home or in the market-place of a non-standard variety will not necessarily be accompanied by control of literacy of the language.” (Spolsky, 1991:139) Roghnaítear teanga amháin thar teanga eile, dar le Spolsky, mar go bhfuil sí úsáideach go praiticiúil ó thaobh eacnamaíochta de, ná mar go bhfuil luach sóisialta, cultúrtha nó cúis a bhaineann le náisiúnachas ná reiligiún aici (Spolsky, 1991:140). Tugann saothar Spolsky feidhm breise don Ghaeilge agus cúis eile í a ‘mhúineadh’ go neamhfoirmiúil tré pleanáil teanga bhunaithe ar leibhéal a 6 do Scála Fishman.

Figiúr 2.4: Rogha Teanga, Spolsky (1991:140)



2.6.4 Nasc a bhaineann le ‘Baile-clann-comharsanacht-pobal’

Feictear thuas go bhfuil go leor suíomhanna agus ‘institiúidí’ ina bhfuil gá le pleanáil teanga, ina measc an baile, an pobal, clubanna spóirt, reiligiún agus scolaíocht. Baineann an taighde seo leis an ról atá ag eagraíocht neamhbhrabach spóirt le pleanáil teanga, ‘sé sin an Cumann Lúthchleas Gael. Chun an nasc idir an CLG agus an Ghaeilge a thuiscint, ní mór léargas a thabhairt ar stair an CLG a léiríonn na fréamhacha atá ag an eagraíocht le cúrsaí cultúr agus teanga.

CUID A DÓ

2.7 Cúlra agus bunú an Chumainn Lúthchleas Gael

Bhain bunú an CLG le feachtas athbheochana cultúrtha a bhí ann ag deireadh an naoú haois déag chun an mheath a bhí tagtha ar na tréithe dúchasacha den chultúr a aisiompú; an teanga, an ceol, an damhsa, an litríocht agus an spórt Gaelach. Bhí tréithe difriúla agus gluaiseachtaí éagsúla ag baint leis an t-athbheochan; bunaíodh Conradh na Gaeilge agus Cumann Gaelach Bhaile Átha Cliath chun cúrsaí teanga agus cúrsaí litríochta a fhorbhairt agus bunaíodh an Chumann Lúthchleas Gael – ar an gcéad lá de mhí na Samhna 1884 – chun an spóirt dúchasach a chur chun cinn.

Tugann ceiliúradh 125 blian i mbliana deis maith anailís agus plé a dhéanamh ar an gCumann Lúthchleas Gael, agus go háirithe, ar na hathruithe agus ar an bhforbairt atá feicthe ag acadúlaí san eagraíocht ó bunaíodh é i 1884.

Aithníodh sa dara cuid den naoú haois déag go raibh náisiúnachas Éireannach faoi bhagairt (Puirseal, 1982:33). Bhí an chosúlacht ar an scéal go mbeadh spórt na tíre ar fad faoi smacht an t-ard aicme, an chuid is mó acu Sasanaigh agus i gcoinne an náisiúnachas (De Búrca, 1980:11). B'iad a bhí i mbun riaracháin ar rugbaí, rámhaíochta agus cricéid ag an am a bhí dhá forbairt i mBaile Átha Cliath go háraithe.

Thuig daoine cosúil le Mícheal Cíosóg agus Dubhghlas de hÍde, an baol a bhí ann don spórt agus don gcultúr dúchasach agus d'aithin siad nárbh fhéidir an spórt a chur chun cinn mar chuid 'd'Éire Gaelach' le ceannasaíocht Sasanach. Trína nascanna i mBráithreachas Phoblacht na hÉireann agus sna Fínníní, fuair Ó Cíosóg tacaíocht d'fheachtas cur chun cinn spóirt dúchasach. Ón gcruinniú a fógraíodh don chéad lá de Mhí na Samhna 1884, i nDúrlas Éille, d'eascraigh an eagraíocht ar a dtugadh An Cumann Lúthchleas Gael.

The founders and later leaders of the GAA must be numbered among those dedicated men who, passionately clinging to the belief that the embers of national identity had never died, continued to blow until the new coals began to glow (De Búrca,80:102).

Feictear an meas atá ar an seachtar atá ainmnithe mar bhunaitheoirí oifigiúla Chumainn Lúthchleas Gael, ní amháin i measc lucht spóirt ach i measc stairithe

na tíre a d'aithin gur cuid d'fheachtas cur chun cinn cultúrtha a bhí i mbunú an CLG (Corry, 2005:6).

Níl easaontas ar bith idir acadúlaí go raibh 'an náisiúnachas' i gcroí láir imeachtaí an CLG ón tús (De Búrca 1980, Lyons 1971). Ó fhoclaíocht phríomh-aidhm oifigiúil na heagraíochta inniú, feictear gur caomhnaíodh an nasc láidir seo sa pholasaí: tá sé mar phríomh-aidhm ag an gCLG ionannas na hÉireann a threisiú i gcomhthéacs tríocha dó condae, le cur chun cinn na cluichí Gaelacha (An Cumann Lúthchleas Gael, Treoirínte Oifigiúil, 2009). Bhí sé gcinn de spóirt i gceist le 'cluichí gaelacha' ón tús; lúthchleasaíocht, liathróid láimhe, cluichí corr, camógaíocht, iománaíocht agus peil ghaelach agus cé go dtugtar tacaíocht éigin dóibh siúd ar fad go fóill, is iad an iománaíocht agus peil gaelach a fhaigheann an tacaíocht agus an phoiblíocht is mó, ón eagraíocht agus ó mhuintir na tíre (Corry, 2005:4).

2.8 An Cumann Lúthchleas Gael agus an Ghaeilge

2.8.1 Mícheál Cíosóg

Léiríonn Ó Conchubhair gurb é Mícheál Cíosóg ba chúis leis an nasc a bhí idir an ngluaiseacht teanga agus an CLG ó thuas. "A native speaker of Irish for whom English was with him an acquired language." (Ó Conchubhair, 2009, 137) Chaith sé an-chuid ama ag troid ar son na teanga ar Choiste Caomhnú na Gaeilge (Society for the Preservation of the Irish Language) agus mar chisteoir onórach ar Aontacht na Gaedhilge.

Léiríonn De Búrca (1980) a mhíshástacht nach dtugann acadúlaithe aitheantas do ról Uí Chíosóg in athbheochan teanga agus spóirt agus i stair na hÉireann. "Since he was also a pioneer of the Irish Language movement and a founder member of the Gaelic League, he deserves more than the scant treatment he has been accorded by modern Irish historians." (9)

2.8.2 Polasaí na hEagraíochta i leith na Gaeilge

Ó chúlra Uí Chíosóg agus ó litríocht an CLG, is léir go raibh sé ag súil go dtabharfadh an eagraíocht tacaíocht don teanga. Tá rian den bhfís sin soiléar

inniu agus dearbhaítear i gcuid 4 (a) de ráiteas ghinearálta an CLG, aidhmeanna breise, go dtabharfar tacaíocht don teanga, an rince, an amhránaíocht Gaelach agus gnéithe eile den chultúr (Cumann Lúthchleas Gael, Treoirlínte Oifigiúla, 2009). Ó 2008 tá dualgais ar gach cumann agus gach Bord an Chondae 'Oifigeach Cultúr agus Teanga' a ainmniú agus is ag an duine sin atá an cúram an Ghaeilge a chur chun cinn. Tugann an cáipéis oifigiúil 'Gaeilge sa Chlub' treoirlínte ar chonas tabhairt faoi seo faoi cheithre chinn teidil:

1. Atmaisféar Gaeilge a chothú sa chlub,
2. An Ghaeilge mar theanga chaidrimh sa chlub,
3. An Ghaeilge a chur chun cinn in Imeachtaí Shóisialta eile lasmuigh de chluichi agus scór,
4. An Ghaeilge mar theanga Chaidrimh ar pháirc na himeartha.

Feictear na treoirlínte seo in Aguisín 1.

Dearbhaítear i gcuid a II de na Treoirlínte Oifigiúla go mbeadh liosta de na himreoirí tugtha don réiteoir, faoi dhó agus i nGaeilge, roimh gach cluiche oifigiúil. Tá sé de dhualgas ar an réiteoir na hainmneacha a shíniú i nGaeilge agus cóip a thabhairt don fhreasúra roimh an gcluiche. Déantar eisceacht faoi Riail 10, cuid a haon;

In the cases of unusual surnames or where there is more than one form of a surname in Irish, the English form of the surname may be added for the purpose of identification. In cases where there is no Irish form of a name, names mentioned in Referees' Reports may be in English (Treoirlínte Oifigiúla an CLG, luaite ag Ó Conchubhair, 2009: 141).

Dearbhaíonn Ó Conchubhair go luaitear an riail eisceachtúl seo go minic chun bealach timpeall a fháil ar riail na Gaeilge thuas-luaite. Léiríonn an t-iriseoir spóirt Eugene McGee a mhí-shástacht le polasaí teanga a bhaineann le ainmneacha Gaeilge. Ag trácht ar imreoir a sheachain cosc dhá mhí ón imirt mar gheall ar phointe 'teicniciúil', 'sé sin nach raibh a ainm as Gaeilge ar liosta an réiteora, cáineann sé Ard Chomhairle an CLG agus an maitheas atá leis an bpolasaí, don eagraíocht agus don teanga.

What sort of world do GAA legislators actually live in? Are they seriously saying that it is more important to use two words of Irish than to enforce discipline in the GAA?.....This in effect is a form of compulsory Irish and is a totally negative approach to the Irish language which even the State has long since abandoned. ...There are many other

way for the GAA to promote Irish and many clubs and officials do so very well (McGee, Irish Independent, 12ú Samhain 2007 luaite i Ó Conchubhair 2009,142).

Feictear rialacha oifigiúla a bhaineann leis an teanga in Aguisín 2.

Tugann Tuarascáil Bliantúil 2008, agus an méid a bhí le rá ag Ard-Stiúrthóir Paraic Ó Dufaigh go háirithe, le fios nach bhfuil an CLG féin go hiomlán sásta leis an bpolasaí i leith na teanga. “..we have always played an important role in the preservation and promotion of the Irish Language, and of Irish culture generally...Unfortunately, in terms of policy, our commitment to both language and culture has frequently been, at best, aspirational” (Tuarascáil Bliantúil 2008, An Cumann Lúthchleas Gael).

2.8.3 Coiste Cultúr agus Teanga

Is iad baill de Choiste Cultúr agus Teanga a fhorbraíonn cúrsaí teanga agus cultúr ar an leibhéal is airde sa CLG. Seachtar atá ar an gCoiste seo agus chomh maith le cruinnithe gach cúig nó sé seachtain chun cúrsaí cultúr agus teanga san eagraíocht a phlé, cuireann an Coiste seiminear bliantúla ar siúl d’Oifigí Cultúr agus Teanga na gCondaeth. I 2000, faoi stiúr iar-Chathaoirleach Seosamh Mac Donnacha, seoladh Plean Gaeilge na Mílaoise ach níor cuireadh an phlean i bhfeidhm riamh. Bhí an Coiste Cultúr agus Teanga páirteach i gcur le chéile an cuid “Club, Culture and Community” de Phlean Stráitéiseach an Cumann Lúthchleas Gael. Tá trí phríomh-aidhm faoin gcuid sin den bPlean Stráitéiseach agus cé go bhfuil mionrudaí faoi chuile aidhm bainteach le cultúr agus teanga, mar shampla go gcuirfear nasc ‘as gaeilge’ ar shuíomh idirlíne an Chondae, níl aidhm ar bith dírithe go hiomlán ar an nGaeilge (Plean Stráitéiseach, 2009-2015:36). Foilsíodh an Plean as Béarla amháin.

2.8.4 Forbairt na Gaeilge sa CLG

Tá an patrún a tosaíodh le Mícheál Cíosóg, ‘sé sin baill an CLG páirteach in eagraíochtaí Gaeilge, fós le feiceáil san eagraíocht, dar le Ó Conchubhair. Bhí iar-Ard Stiúrthóir Seán Ó Síocháin mar bhaill de Gael Linn, a chomharba Liam Ó Maolmhichíl mar chaothaorlach ar Fhoras na Gaeilge. Bhí Peadar Quinn, iar-Uachtarán an CLG mar chathaoirleach ar TG4 agus iar-Uachtaráin eile Seosamh Mac Donnacha mar Ard Fheidhmeannach ar Fhoras na Gaeilge idir 200-2004 (Ó Conchubhair,2009:139).

Dála an scéil, ní thugann an polasaí léirithe thuas, nó an chaoi ina bhfuil ballraíocht có-chósúil lena chéile ag an CLG agus eagraíochtaí Gaeilge, le fios go dtugann an eagraíocht tacaíocht phraiticiúil don dteanga. Tá Ó Conchubhair dearfach go bhfuil an CLG dílis dá naidhmeanna maidir le cúrsaí teanga. “The GAA, loyal to its roots, has long preserved its efforts to promote Irish” (2009:140). Tá, ar an lámh eile, léargas níos diúltaí le fáil. Cáineann Ciarán Dunbarrach an CLG ar an easpa Gaeilge ar an suíomh-idirlíon oifigiúil agus ar an gcaoi nach bhfuil na Treoirínte Oifigiúla ar fáil as Gaeilge (Dunbarrach, Irish Independent, 3ú Lúnasa 2007).

Ag cur an Ghaeilge sa CLG i gcomparáid leis an méid atá léirithe thuas ar mheoin na nÉireannach i leith na teanga, tá ciall le tuairim Rouse:

The true place of the Irish language within the GAA reflects the position of the language in wider life: official window-dressing, popular disinterest, sporadic enthusiasm... There are those within the GAA whose love of Irish is as central to their lives as their love of hurling and football. However, the sincerity of their pro-language initiatives is smothered by the disinterest in the wider membership which sees the GAA only as a sporting body. (Rouse,2004, Irisleabhar Village)

2.9 Conclúid

Tugann an iniúchadh ar an litríocht sa chaibidil seo cúlra agus soiléireacht don taighde. Léiríodh go raibh, ó thús, bunú an CLG mar chuid de ghluaiseacht níos leithne ina raibh sé mar aidhm cultúr na hÉireann a chur chun cinn. Cruthaíodh go bhfuil aidhmeanna agus polasaí ag an gCLG a bhaineann le cur chun cinn na teanga ach go bhfuil easaontas i leith an méid a chuirtear an polasaí i bhfeidhm agus an buntáiste atá leis an an bpolasaí agus an cleachtas i leith na Gaeilge san eagraíocht.

Léiríodh diospóireacht idir acadúilaithe ar an ról atá ag teanga agus cultúr in ionannas agus náisiúnachas agus aithníodh go bhfuil nasc idir theanga agus cultúr, cé nach gá go gcuireann an sochaí an tábhacht céanna i dteanga agus a cuirtear i dtréithe eile den gcultúr. Rinneadh trácht ar an nós, in Éirinn go háraithe, a bheith mar ‘Xman via Yish’, ‘sé sin a bheith mar Éireannaigh trí mheán an Bhéarla (Fishman 1991, 2001, May 2004).

Is tríd an litríocht ar phleanáil teanga agus ar shochtheangeolaíocht inar tugadh an soiléireacht is mó don taighde seo. Ar scála GIDS Fishman, feictear go bhfuil

gá pleanáil a dhéanamh ar Leibhéal 6 a chruthaíonn feidhmeanna don mhionteanga idir chlann agus pobal. Moltar imeachtaí a bhaineann le ‘pleisiúr’ agus ‘spórt’ a úsáid, rud atá luaite ag Mac Donnacha, Ó Giollagáin et al i Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch 2007 chomh maith. Soiléireann an frása ‘Language-in-Culture’ an ról atá ag eagraíochtaí cosúil leis an gCLG i bpleanáil teanga, go háraithe sa Ghaeltacht chun an nasc a threisiú idir clann agus pobal. Tá ról so-fheicthe, má tá sé dílis dá aidhmeanna agus dá pholasaí, ag an gCumann Lúthchleas Gael in eiseamlár Mhic Donnacha (2000) chomh maith. Feictear dom gur ‘íomhá dearfach’ í an eagraíocht agus an spóirt dúchasach go háraithe, a thabharfadh an-deis do dhaoine óga an teanga a úsáid i dtraenáil agus in imeachtaí eile.

Léiríonn argóint Spolsky go bhfuil gá deiseanna foghlamtha a chur ar fáil – go foirmiúl agus go neamhfhoirmiúl – an teanga a mhúineadh mar dara theanga. Múintear an Ghaeilge mar dara theanga sa tír seo sa Chóras Oideachas, ach feictear dom go bhfuil gá deiseanna foghlamtha agus labartha a chur ar fáil, don aos óg go háirithe, i gcás na Gaeilge in Éirinn. Cuireann an méid seo le pleanáil teanga ar Leibhéal a 4 de Scála Fishman chomh maith. Cé go bhfuil pleanáil déanta ar leibhéal 4 (a) agus 4 (b) in Éirinn, caithfear na deiseanna foghlamtha a leathnú agus clubanna óige a úsáid mar a mholann Fishman (1991).

Dearbhaíonn Fishman agus Spolsky gur chóir feidhm a thabhairt do theanga agus nascanna a threisiú idir na feidhmeanna. Más rud é go bhfuil suim ag baille de Chumann Lúthchleas Gael sa chultúr agus sa teanga, is féidir trácht a dhéanamh ar an méid a dhearbhaigh Spolsky (2001) ar na cúiseanna le teanga a roghnú. Tá sé soiléir nach gá Gaeilge a úsáid mar gheall ar leasa eacnamaíochta ach más féidir an luach ‘cultúrtha agus sóisialta’ a phléann Spolsky a threisiú in imeachtaí an Chumainn Lúthchleas Gael, bheadh ‘feidhm’ á thabhairt don teanga.

Dearbhaíonn Fishman nár cheart go mbeadh gluaiseachtaí teanga ar fad ag baint le reachtaíocht; “Many RLS efforts can be undertaken on a small and voluntary scale by organized individuals who are whole-heartedly in agreement with specific RLS goals and willing to devote their means to them.” (Fishman, 1991:82).

Ag trácht arís ar pholasaí an CLG i leith na teanga agus ar na príomhaidhmeanna mar a chuirtear síos orthu i Léirmheas Stráitéiseach 2002,

feictear gur b'é príomhaidhm an Chumainn Lúthchleas Gael na cluichí gaelacha a chur chun cinn; "nevertheless, the GAA should also be active in supporting other facets of Irish identity and culture including the promotion of the Irish Language, while carrying out its core activities." (Léirmheas Stráitéiseach, 2002, lch 80).

Tugann an dá ráiteas atá luaite agam thuas fáth leis an dtaighde seo. Ar an gcéad dul síos caithfear staidéar a dhéanamh ar pholasaí an CLG i leith na Gaeilge agus ar chur i bhfeidhm an polasaí sin chun bearna san eolais idir pholasaí agus cleachtas a líonadh. Ach, chomh tábhachtach céanna ní mór an méid comhaontas nó "whole-hearted agreement" atá san eagraíocht maidir leis an bpolasaí agus an cleachtas teanga a mheas. An bhfuil an eagraíocht seo, ar an leibhéal is airde agus ar an leibhéal is ísle, ag iarraidh go gcuirfí an teanga chun cinn? An bhfuil sé soiléar in imeachtaí na heagraíochta go bhfuil an nasc sin le náisiúnachas agus cultúr chun cinn, mar a léirítear sa mhanna oifigiúil, lch 1. Tá polasaí teanga ag an gCLG ar bhonn dheonach ó bunaíodh an eagraíocht agus mar gheall ar líon mór na mbaill, an áit lárnach atá ag an eagraíocht i saol na hÉireann agus ar stádas na Gaeilge inniú, ní mór an polasaí sin a scrúdú i gcomhthéacs pleanáil teanga chun a éifeacht a mheas. Níos tábhachtaí fós, ní mór cur i bhfeidhm an pholasaí a fhiosrú agus an leas atá ann d'fhorbairt na teanga. Chun tuairimí agus aontacht a lorg i dtaobh na Ghaeilge san eagraíocht, ní mór tomhas a dhéanamh ar mheon na mball. Aithníonn Fishman (2001) nach ionann dearcadh i leith teanga agus iompar i leith na teanga sin agus mar sin, chomh maith le meon a thomhas ní mór an toil a bheadh gníomhach i bhfeachtas cur chun cinn na teanga san eagraíocht a léiriú.

Chun sonraí agus eolas a bhailiú a shásaíonn gnéithe an taighde seo, beidh sé tábhachtach modheolaíocht ilghnéitheach a úsáid a fheilleann có-théacs an staidéar.

Caibidil 3 MODHEOLAÍOCHT

3.1 Réamhrá

Braitheann an ‘paraidím taighde’ a ghlacann duine agus iad i mbun taighde, leis an dearcadh atá acu ar ghnéithe éagsúla den saol agus ar an gcomhthéacs lena mbaineann an taighde atá ar bun acu. Roimh staidéar nó taighde a dhéanamh bunaithe ar na heolaíochta sóisialta, caithfidh an taighdeoir ceisteanna a chur air nó uirthi féin maidir leis an ngaol atá aige/aici leis an taighde, na luachanna a bhaineann leis agus an próiseas taighde a bheidh acu (Hussey & Hussey, 1997:43).

Tabharfaidh freagraí na gceisteanna sin le fios don taighdeoir an i dtreo an Posaitíbeachas nó i dtreo an bhFeiniméaneolaíocht atá sé/sí agus é/í i mbun taighde.

‘Sé an bposaitíbeachas an paraidím traidisiúnta a tháinig as na heolaíochta fisiciúla. De ghnáth, is sonraí chainníochtúil atá bailithe chun ceist ‘trialach’ nó ‘eolaíoch’ a staidéar. ‘Séard atá i gceist le ábhar cainníochtúil nó tomhas a dhéanamh tré ghaol éigin ag úsáid athróga chainníochtúla; ‘sé sin go bhfuil an taighdeoir ag iarraidh an ‘méid’ a chuireann x isteach ar y a thomhas (Hussey agus Hussey, 1997).

Feiniméaneolaíocht an paraidím a thugann fráma taighde do thaighdeoirí nuair nach bhfeileann an posaitíbeachas an cheist taighde ná an taighdeoir féin. Úsáidtear taighde cháilíochtúil den chuid is mó sa pharaidím seo.

Tá cúlra an taighde seo dhá-fréamhach. Tá bunús an taighde sáite i stair an Chumainn Lúthchleas Gael agus na nascanna a bhí ag an eagraíocht le chur chun cinn na teanga. Déantar na fréamhacha sin a mheas in imeachtaí na heagraíochta inniú agus úsáidtear fráma planála teanga a thugann Fishman et al (Caib 2) chun polasaí agus cleachtas teanga an CLG a fhiosrú.

Mar a mhíníodh i gCaibidil 1, tá baint ag an taighdeoir leis an eagraíocht faoi thaighde. Is baill gníomhach den eagraíocht í agus tá, d’ár ndóigh, an-suim aici i gcur chun cinn na Gaeilge. Cruthaítear nascanna ón ngaol sin atá tábhachtach don taighde ach chun léargas oibiachtúil a thabhairt ar an ábhar, ní mór go roghnaítear modheolaíocht il-ghnéitheach a shásódh príomhaidhmeanna ar fad an taighde seachas tuairimí an taighdeoir féin.

3.2 Sprioc

Chun an príomhcheist agus na fo-cheisteanna taighde a fhreagairt, socraíodh go raibh gá na sonraí seo leanas a aimsiú agus na bearnaí san eolas a líonadh;

- Céard é polasaí an CLG i leith na teanga? (Cuid dó aimsithe i gCaibidil a Dó agus Aguisíní 1 agus 2)
- An gcuirtear i bhfeidhm an polasaí teanga?
- An bhfuil tuiscint ag na baill sna cumainn áitiúil ar pholasaí an CLG i leith na teanga agus tréithe eile den chultúr?
- An bhfuil baill den eagraíocht (ón mbarr agus ón mbun) ag súil go gcuirfean an Ghaeilge chun cinn?
- An bhfuil comhaontas idir na baill ar bharr an CLG agus na gnáthbaill maidir le aidhmeanna agus polasaí na heagraíochta i leith na teanga?

Beartaíodh tabhairt faoin dtaighde seo ar mhodh il-leibhéalach agus foinsí eolais a roghnú ó bharr agus ó bhun an Chumainn Lúthchleas Gael. Léirigh an litríocht (Caibidil a Dó) go raibh gá pleanáil teanga ar Leibhéal a Sé de Scála Fishman a dhíriú ar ‘institiúidí’ teanga agus caithfean feilúnacht an Chumainn Lúthchleas Gael (eagraíocht chultúrtha, spóirt) mar ‘institiúid’ teanga a fhiosrú. Aimsíodh sa litríocht chomh maith, go bhfuil gá go mbeadh soiléireacht i measc baill den eagraíocht ar an bpolasaí agus ar na haidhmeanna atá acu. Ní féidir tabhairt faoi pholasaí a chur i bhfeidhm ar bhonn éifeachtach gan comhaontú idir na leibhéil ar fad san eagraíocht. Is iad príomhcheisteanna na pleanáile teanga atá aimsithe ná;

- An gréasáin pobail é an CLG ina neartaítear an Ghaeilge? (Cleachtas teanga an CLG)
- An bhfeiceann baill den gCLG go bhfuil luach cultúrtha ag an teanga? (Meon na mball)
- An bhfuil aontú i measc na mball maidir leis na haidhmeanna teanga? (Tuiscint ar pholasaí agus aontú idir na baill maidir leis an bpolasaí)

3.3 Modheolaíocht

Ba iad modhanna cáilíochtúla den chuid is mó a úsáideadh don taighde seo. Cé go raibh roinnt oibre chainníochtúil le déanamh chun polasaí i leith teanga a aimsiú i gcáipéisí an CLG, ba iad modhanna cáilíochtúla ar fad a úsáideadh chun sonraí a bhailiú ar chleachtas na heagraíochta i leith polasaí teanga. Ba chuid lárnach den taighde seo tomhas a dhéanamh ar mheon baill den eagraíocht i leith na teanga, agus an dearcadh atá acu sin ar bharr na heagraíochta a chur i gcomparáid le tuairimí iad sin ag ‘bun’ na heagraíochta, nó na gnáthbhaill.

Beartaíodh gan claoí le modh amháin sonraí a bhailiú agus éagsúlacht a úsáid mar atá molta ag Berg (2004). ‘Triantánú’ ná ‘Triangulation’ a thugtar ar seo agus bíonn torthaí níos iomláine le fáil; “By combining several lines of sight, researchers obtain a better, more substantive picture of reality; a richer, more complete array of symbols and theoretical concepts; and a means of verifying many of these elements..” (Berg,2004:5). Úsáideadh ceistneoirí agus agallaimh mar mhodhanna le sonraí a bhailiú. B’fhiú go mór an méid foghlaimíodh tré comhrá neamhfhoirimiúil le baill de

na cumainn éagsúla agus le baill den gCoiste Cultúr agus Teanga sa CLG chomh maith.

Aimsíodh trí leibheáil sa CLG ina raibh sonraí tábhachta le bailliú agus úsáideadh gréasánú chun foinsí feiliúnacha a aimsiú ar gach leibhéal (Figiúr 3.1).

3.3.1 Leibhéal 1: Barr na hEagraíochta

Is ón mbarr a thagann ceannasaíocht i gcur i bhfeidhm polasaí i ngnó nó eagraíocht ar bith agus bhí sé riachtanach foinse eolais ó bharr an Chumainn Lúthchleas Gael a aimsiú don taighde seo. Is duine atá ag obair go lán-aimseartha sa Chumann Lúthchleas Gael agus a bhí páirteach in ullmhuchán Plean Stráitéiseach 2009-2015 a foilsíodh i mbliana a roghnaíodh. Is plean gníomhach é an cáipéis seo ina leagtar síos aidhmeanna teanga na heagraíochta faoin gcinn-teideal ‘Club, Culture and Community’. Cuireadh an duine faoi agallamh ina oifig i bPáirc an Chrócaigh.

Rinneadh teagmháil le baill de Choiste Cultúr agus Teanga an CLG le linn an taighde chomh maith agus baillíodh eolas tábhachtach ar fheidhmeanna agus spriocanna an choiste uaidh na baill úd.

Figiúr 3.1: Foinsí eolais an taighde seo sa CLG

<p>Modhanna taighde Foirimiúil: Agallamh: 7/7/'09</p> <p>Agallaimh: Idir 9ú Iúil agus 10ú Lúnasa.</p> <p>Ceistneoirí: Dáileadh na gceistneoirí ar 8ú Meitheamh.</p>	<p>Leibhéal 1: Barr na heagraíochta</p>	<p>Chun léargas cruinn a fháil ar mheon agus ar thuairimíocht iad sin ar bharr na heagraíochta, cuireadh duine ag leibhéal na hArd Comhairle faoi agallamh. (Féach Figiúr 1.1)</p>	<p>Modhanna taighde neamh-foirimiúil: Comhrá le baill de Choiste Cultúr agus Teanga, Páirc an Chrócaigh. Comhrá le baill de choistí agus lucht bainistíocht sna cumainn áitiúil. Plé le himreoirí agus lucht tacaíochta an CLG.</p>
	<p>Leibhéal 2: Boird na gCondaethe</p>	<p>Cuireadh ceathrar Oifigigh Cultúr agus Teanga ar Bhoird na gCondaethe – duine as gach cúige - faoi agallamh chun cur chun cinn na Gaeilge ag leibhéal an Chondae a mheas. Tugann na hOifigigh seo cabhair agus tacaíocht do na cumainn áitiúil.</p>	
	<p>Leibhéal 3: An Cumann Áitiúil</p>	<p>Roghnaíodh 6 chumainn áitiúil mar chásanna staidéar don taighde seo. Úsáideadh ceistneoirí chun sonraí a bhailiú ó na cumainn. Bhí cúig réimse de na baill mar fhreagróirí ar an gceistneoir; Imreoirí Peil, Imreoirí Iománaíochta, Imreoirí Chamógaíochta, Baill de choistí agus Lucht bainistíochta idir mná agus fir.</p>	

3.3.2 Leibhéal 2: Bord an Chondae

Léiríodh an tábhacht atá le hOifigigh Cultúr agus Teanga i gcur chun cinn na Gaeilge sa CLG i gCaibidil 1 agus Caibidil 2. Is orthu atá an dualgas an teanga agus an chultúr a chaomhnú san eagraíocht. Aithníodh go bhfuil tuairimí agus sonraí ag na hOifigigh seo atá riachtanach don staidéar. Beartaíodh ceathrar Oifigeach Teanga de chuid Boird na gCondaethe a chur faoi agallaimh agus an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm polasaí an CLG a mheas, ag leibhéal an Chondae agus ar leibhéal an chumainn áitiúil.

Ó liosta a cuireadh ar fáil ón gCoiste Cultúr agus Teanga i bPáirc an Chrócaigh de na hOifigigh C&T ar fad, roghnaíodh duine amháin as gach cúige.

Rinneadh taifeadadh ar na hagallaimh.

3.3.3 Leibhéal 3: An Cumann Áitiúil

Chun eolas a bhailiú ar chleachtas an CLG i leith na Gaeilge ar leibhéal an chumainn, agus ar mheoin baill den eagraíocht ar chur chun cinn na teanga mar chuid d'imeachtaí an CLG, roghnaíodh sé chlub mar chásanna staidéar. Úsáideadh ceistneoirí chun sonraí maidir le cur chun cinn na teanga san eagraíocht agus meoin na mbaill a aimsiú (Aguisín 3).

Sampla

Roghnaíodh sé chumann agus cinntítear go raibh baill den cúig ghrúpa a aimsíodh i bhFigiúr 3.1 san áireamh; Imreoirí Peil, Imreoirí Iománaíochta, Imreoirí Chamógaíochta, Baill de choistí agus Lucht bainistíochta idir fir agus mná.

Roghnaíodh trí chumann Gaeltachta agus trí chumann neamhGaeltachta. Ba Shampláil Bhreithiúnais nó 'Purposive Sampling' a bhí i gceist sa taighde seo (Denscombe, 2007:17). Roghnaíodh na clubanna chun an réimse eolais is fearr a fháil agus ní ar bhonn randamach. Aithníodh go mbeadh dúshlán maidir leis na ceistneoirí a scaipeadh (agus a bhailiú) ar imreoirí agus ar choistí ar fud na tíre, mar sin úsáideadh Sampláil Áisiúil nó 'Convenience Sampling' chun go mbeadh nasc éigin ag an dtaighdeoir leis an gcumann. Dearbhaíonn Denscombe (2007) go nglactar leis an mhodh seo nuair atá rogha ag an dtaighdeoir; "when faced with equally viable alternatives". (18)

Clúdaíodh foirne Sinsireach, Idir-mhéanach agus Sóisireach, idir na trí chumann. Aithníodh go raibh tábhacht leis seo ó thaobh tomhas a dhéanamh ar mheoin agus chun sampla a chlúdaigh gach réimse den daonra Gaeltachta a úsáid. Feictear achoimre ar na cumainn samplacha in Aguisín 4.

Na Cumainn Gaeltachta

Tá éagsúlacht i gceist maidir le láidreacht na Gaeltachtaí de réir moltaí Staidéar Chuimsitheach Teangeolaíoch, 2007, Tátal agus Moltaí. Dearbhaíodh sa staidéar seo go bhfuil "trí chinéal pobal teanga faoi leith laistigh de na limistéir reachtúla Gaeltachta" (Achoimre:13). Is ionann na ceantair a thagann i gCatagóir A ná na ceantair ina bhfuil breis is 67% dá ndaonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. I gCatagóir B, tá idir 44% agus 66% dá ndaonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge agus i gCatagóir C, tá níos lú ná 44% den daonra ina gcainteoirí laethúla

Gaeilge. Is ionann ‘an daonra’ agus iad sin ar fad os cionn trí bliana d’aois ina gcónaí sa cheantar. Don taighde seo, roghnaíodh cumann samplacha gaeltachta ina bhfuil Catagóir A, Catagóir B agus Catagóir C san áireamh, de réir moltaí an Staidéar Teangeolaíoch (2007).

3.4 An Ceistneoir

Clúdaíodh trí chineál ceist ar an gCeistneoir:

1. Ceisteanna chun cur i bhfeidhm polasaí na Gaeilge a mheas
2. Ceisteanna chun tuairimí na mbaill ar chur chun cinn na Gaeilge sa CLG a aimsiú
3. Ceisteanna a fhiosraíonn tuiscint na mbaill ar pholasaí an CLG i leith na Gaeilge agus an tábhacht a bhaineann leis i gcomparáid le polasaí agus aidhmeanna eile na heagraíochta.

Aithnítear nach ionann dearcadh dearfach i leith na teanga agus an toil a bheith páirteach in imeachtaí a bhaineann le cur chun cinn na teanga, mar sin clúdaíodh ráitis chun an toil a thomhas chomh maith leis an dearcadh.

3.4.1 Leagan Amach

Úsáideadh ceistneoir bunaithe ar scála Likert. Roghnaíodh scála le cúig phointe a úsáid, ó Easaontú Láidir go Aontú Láidir. Tá ráitis le léamh ag an bhfreagróir agus uimhir le ciorclú a chuireann in iúl a dtuairim phearsanta i dtaobh gach ráiteas. Is é uimhir a trí an pointe neodrach, cé gur bhféadfaí gur ‘níl a fhios agam’ a bheadh i ann chomh maith, ag braith ar an gceist.

Cuid a hAon

Baineann Cuid a hAon den gCeistneoir le polasaí agus cleachtas cur chun cinn na Gaeilge sa Chumann Lúthchleas Gael ar leibhéal náisiúnta. Baineann an chuid is mó de na ceisteanna seo le meon i leith na teanga agus tuiscint ar pholasaí na Gaeilge a thomhas. Mar gur ráitis bunaithe ar an eagraíocht náisiúnta atá i gCuid a hAon, ní féidir mórán eolais a fháil maidir le cleachtas na heagraíochta i leith cúrsaí teanga. Feictear feidhmeanna na gceisteanna in Aguisín 5.

Cuid a Dó

Baineann Cuid a Dó den gCeistneoir le tuairimí agus dearcadh an fhreagróra bunaithe ar chleachtas an Chumainn Áitiúil i leith na Gaeilge. Clúdaíodh ráitis a bhaineann le gnéithe eile den chultúr, Scór na nÓg mar shampla, agus a dtábhacht sa CLG. Rinneadh iarracht tuiscint na mbaill ar pholasaí an CLG a thomhas le ráitis bunaithe ar na haidhmeanna breise atá ann. Léiríonn Aguisín 6 feidhmeanna na gceisteanna.

Feictear go dtéann na feidhmeanna thar a chéile go minic ar an gCeistneoir. Mar shampla, i gCuid 2, Ceist a 4, baineann an cheist le meon an fhreagróra agus a dtuiscint ar pholasaí teanga sa CLG; *Tá sé mar aidhm ag an t-Oifigeach Cultúr agus Teanga 'atmaisféar Gaelach' a chothú sa chumann.* (Cuid a Dó, Ceist 4)

Chun claonadh freagartha a sheachaint, go háraithe i gcás na ráitis bunaithe ar mheon, úsáideadh foclaíocht dhiúltach i gcuid de sna ráitis. Ní hionann 'Aontú Láidir' agus dearcadh dearfach i leith na Gaeilge sa CLG sna ráitis ar fad, mar a fheictear i gCeist 8 i gcuid a dó den gCeistneoir; *Níl mórán suim sa Ghaeilge i measc baill an chumainn seo.*

Ba cheistneoir dátheangach a bhí i gceist agus dáileadh an ceann céanna ar na cumainn Gaeltachta agus neamh-Ghaeltachta.

3.4.2 Ceistneoir Píolótach

Rinneadh tástáil ar an gCeistneoir sular dáilíodh é ar chumann ar bith. Rinne deichniúr an Ceistneoir Píolótach. Roghnaíodh freagróirí píoltótach chun tástáil a dhéanamh ar an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla. Bhí baint ag ochtar den ghrúpa le imeachtaí an CLG agus clúdaíodh freagróirí le réimse leathan d'oideachas. Bhí ar a laghad duine ó na haois ghrúpaí ar fad sa sampla pháilótach. Dearbhaíonn Youngman (1978:26), go bhfuil eolas luachmhar le bailiú ó thástáil a dhéanamh ar an gCeistneoir: 'The information collected at the pilot stage can itself be of value'. B'fhiú go mór an céim seo a dhéanamh, agus bailíodh eolais chruinn ar:

- An méid ama a thóg sé an ceistneoir a líonadh.
- Deacrachtaí le Scála Likert.
- Moltaí a bhain le leagan amach an Cheistneora.

Ar mhaithe leis na moltaí thuas, beartaíodh 'Níl a fhios agam' a chur ar an bpointe neodrach ar an scála chun riachtanaisí na ráitis ar fad a shásadh; Mar shampla Ceist a trí, Cuid a Dó; *Tá Oifigeach Gaeilge, nó Oifigeach Teanga agus Cultúr sa chumann seo.*

Beartaíodh an bhrí a bhí leis na huimhreacha 1 go 5 a chur isteach faoi dhó, ag tús gach cuid, chun míthuiscint a sheachaint.

Deich nóimead an méan ama a thóg sé ar an sampla píolótach an Cheistneoir a líonadh.

3.4.3 Dáileadh an Cheistneora

Bhí teagmháil déanta ag an taighdeoir leis na Cumainn ar fad ar dtús chun cead an Chathaoirligh a fháil na ceistneoirí a dháileadh. Bhí ar a laghad duine amháin aimsithe chun na ceistneoirí a thabhairt amach do bhaill de choistí agus imreoirí ag deireadh cruinniú nó seisiún traenála. Uaireanta bhí teagmháil déanta le beirt ná triúr chun go gclúdófaí réimsí uilig an CLG: Imreoirí Peil, Iománaíochta, Baill de choistí srl. Tugadh coicís don gClub na ceistneoirí a chur ar ais sa phost, cé gur bailíodh iad go pearsanta ó dhá chlub.

Tugadh amach fiche cúig ceistneoir do gach club, agus mar sin dáilíodh céad caoga ar fad. Tháinig céad cúig déag ar ais, mar sin ba é an ráta cur ar ais ná 76.6%. Bhí ráta 93.3% ó na Cumainn Gaeltachta agus ráta 64.2% ó na Cumainn neamhGaeltachta. Ba léir go raibh gréasánú an taighdeora, agus an teagmháil a bhí déanta le lucht na gcumainn go háraithe, an-tábhachtach sa ráta ard cur ar ais.

3.5 Anailís ar an eolas

Rinneadh anailís ar an eolas bailithe ar na slíthe thuas-luaite ag úsáid modhanna ainilíse a bhí feiliúnach don ábhar. Bhí sonraí ó thrí leibhéal san eagraíocht bailithe, mar sin bhí gá an t-eolas a laghdú, struchtúr a chur air agus é a chur i láthair ar shlíthe eile, seachas mar théacs (Hussey et al, 1997). Chun na ceistanna taighde a fhreagairt, agus feidhm a thabhairt don gCLG i bPleanáil Teanga, rinneadh ainilís ar an eolas agus ar na sonraí a baillíodh faoi trí réimse;

1. Cleachtas na heagraíochta náisiúnta agus na cumainn i leith polasaí teanga.

2. Meon na mball i leith cur chun cinn na teanga a mheas.
3. Tuiscint na mball ar pholasaí teanga na heagraíochta.

Feictear na modhanna bailiúcháin i bhFigiúr 3.2 agus na foinsí eolais a úsáideadh chun teacht ar an t-eolas a bhí ábhartha don staidéar.

Figiúr 3.2: Foinsí Eolais agus Modhanna Bailiúcháin

Leibhéal a hAon:

Agallamh le hArd Oifigeach an CLG. (Aguisín 7)

Tré mhéan an bhéarla a tharla an t-agallamh seo. Gealladh don oifigeach nach nainmneofar é nó an post atá aige sa staidéar seo.

Leibhéal a Dó:

Agallamh le ceathrar Oifigigh C&T. (Aguisín 8)

Tré mhéan na Gaeilge a tharla na hagallaimh seo. Gealladh do na hoifigigh nach nainmneofar iad go pearsanta sa staidéar.

Leibhéal a Trí:

Ceistneoirí ar bhail de sé chumainn. (Aguisín 3)

Ní ainmnífeadh na cumainn sa staidéar ach tugtar cúlra agus réamheolas fúthu in Aguisín 4.

Tugann na torthaí ó na trí leibhéil thuas fráma don taighde ról a aimsiú don CLG i bPleanáil Teanga. Léiríonn Tábla 3.1 na ceisteanna tábhachtacha a eascraíonn ón Léirmheas Litríochta agus ón litríocht ar phleanáil teanga a fhiosraítear sa taighde seo. Feictear go bhfuil dhá phríomhcheist aimsithe faoi na réimsí taighde. Tabharfaidh an anailís a dhéanfar ar an eolas bailithe freagraí na ceisteanna taighde agus léargas ar cheisteanna na Pleanála Teanga.

Tábla 3.1: Na ceisteanna taighde agus ceisteanna na Pleanála Teanga

<p><u>1. Cleachtas na heagraíochta náisiúnta agus na cumainn i leith polasaí teanga a thomhas.</u></p>	<p>An Staidéar Teangeolaíoch 2007: “úsáid na Gaeilge a neartú sna gréasáin phobail a bhaineann le daoine óga.” (Achoimre:30)</p> <p>An gréasáin pobail é an CLG ina neartaítear na Gaeilge?</p>	<p>Fishman, 1991: Leibhéal 6: “home-family-neighbourhood-community processes...must remain centre of efforts on Stage 6.” (93)</p> <p>An dtugann imeachtaí an CLG feidhmeanna teanga don Ghaeilge sna réimsí thuasluaite?</p>
<p><u>2. Meon na mball i leith cur chun cinn na teanga a mheas.</u></p>	<p>Fishman, 1991: “RLS efforts must initially be primarily based on the self-reliance of pro-RLSers and on the community of Xish users + advocates whom pro-RLS ‘forces’ can reasonably support.” (111)</p> <p>An pro-RLSers formhór de bhaill an CLG?</p>	<p>Spolsky, 1991: D’fhéadfadh go roghnaítear teanga amháin thar teanga eile mar; “..one values it for some social cultural, nationalistic, or religious reason.”</p> <p>An aithníonn baill den gCLG go bhfuil luach cultúrtha ag an teanga?</p>
<p><u>3. Tuiscint na mball ar pholasaí teanga an CLG a léiriú.</u></p>	<p>Fishman, 1991: “Many RLS efforts can be undertaken on a small and voluntary scale by organized individuals who are whole-heartedly in agreement with specific RLS goals.”</p> <p>An bhfuil aontú i measc na mbaill maidir leis na haidhmeanna teanga?</p>	<p>Fishman, 2001: “Language policy is always enforced in accordance with the values and conventions of the culture within which it exists.” (159)</p> <p>An léiríonn polasaí teanga an CLG luachanna agus dearcadh na mbaill?</p>

3.5.1 Anailís ar na gCeistneoirí

Rinneadh anailís ar na figiúirí ar fad mar chéatadán de na fhreagróirí sa dá ghrúpa; cumainn Gaeltachta (G=70) agus cumainn neamhGaeltachta (NG=45), agus mar chéatadán den iomlán (I=115).

1: Cleachtas na cumainn i leith polasaí teanga;

Cuirtear na céatadáin a léiríonn deá-chleachtas polasaí sna cumainn Gaeltachta agus neamhGhaeltachta i gcomparáid leis na céatadáin a léiríonn neamhchinnteacht nó droch-chleachtas. Déantar plé ar na réimsí inar léirítear na céatadáin is dearfaí agus is diúltaí agus fiosraítear na fáthanna le easaontas idir chumainn Gaeltachta agus neamhGhaeltachta.

Tabharfaidh na torthaí seo freagraí ar na ceisteanna thuas; An gréasáin pobail é an CLG ina neartaítear na Gaeilge? An dtugann imeachtaí an CLG feidhmeanna teanga don Ghaeilge a threisiónn an nasc teanga idir chlann-baile-comharsanacht agus pobal?

2: Meon na mball i leith na teanga;

Déantar anailís ar na céatadáin de fhreagróirí a léirigh deá-thoil agus dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus ceistítear na céatadáin de fhreagróirí diúltacha sa dá ghrúpa. Aimsíodh na réimsí inar léiríodh an tuairimíocht is dearfaí agus na féidearthachtaí maidir le forbairt na teanga a bhaineann leo.

Freagraífean an cheist tábhachtach; An pro-RLSers (daoine atá ag iarraidh an teanga a thabhairt slán) iad baill an CLG? Ní féidir eagraíocht ar bith a úsáid i bpleanáil teanga gan meon na mbaill i leith athbheochan na teanga a thomhas. Sin a dhéantar tríd na ceisteanna seo.

3: Tuiscint na mball ar pholasaí teanga;

Ní féidir polasaí a chur i bhfeidhm gan aontacht a lorg maidir leis na haidhmeanna. Scrúdaíonn na ceisteanna seo tuiscint na mbaill ar pholasaí an CLG agus an tábhacht atá leis an bpolasaí teanga i gcomparáid le polasaí na heagraíochta maidir le rudaí eile; mar shampla spórt na mban agus tacaíocht d'thionscadal Éireannach.

Déantar anailís ar na céatadáin de fhreagróirí a léirigh deá-thuiscint ar pholasaí teanga agus fiosraítear an tábhacht a léiríodh i leith na haidhmeanna teanga i gcomparáid le aidhmeanna eile na heagraíochta. Déantar comparáid idir torthaí Gaeltachta agus neamhGhaeltachta.

3.5.2 Anailís ar na hAgallaimh

Rinneadh na hagallaimh ar fad a threas-scríobh ar mhaithe leis an taighde. Rinneadh anailís ‘neamhfhoirmiúil’ ar an ábhar chun é a laghdú mar atá molta ag Hussey et al, (1997:250); “Researchers often quantify data informally in the process of reducing it or examining ‘such things as repetitive or patterned behaviours’”. Cuireadh an t-eolas a d’eascaigh ón agallamh le hArd Oifigeach an CLG, agus a thuairimí, i gcomparáid le ráitis i leith na Gaeilge i gcáipéisí na heagraíochta. Rinneadh anailís ar an aontacht agus an easaontacht a bhí soiléar idir pholasaí scríobhtha na Gaeilge agus an méid a bhí le rá ag an duine seo i leith cur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht. Déantar an tacaíocht atá ar fáil ón eagraíocht náisiúnta do chur chun cinn na Gaeilge a mheas ón agallamh seo.

Ar Leibhéal 2, rinneadh anailís chriticiúil ar an gcaoi ina gcomhlíontar ról an t-Oifigeach Cultúr agus Teanga de réir an ceathrar a cuireadh faoi agallamh. Cuireadh dualgaisí agus tuairimí na hOifigigh i gcomparáid lena chéile agus rinneadh meastóireacht ar comhpháiríocht idir na leibhéil (‘siad sin an eagraíocht náisiúnta, bord an chondae agus an cumann áitiúil) chun an teanga a fhorbairt san eagraíocht.

Úsáideadh tagairtí do na hagallaimh nuair a bhí comhaontas nó easaontas idir na daoine faoi agallamh nó idir duine faoi agallamh agus an polasaí scríobhtha.

Caibidil a Ceathar

TORTHAÍ

4.1 Réamhrá

Bhí sé mar aidhm ag an staidéar seo léargas a thabhairt ar chleachtas agus ar pholasaí an Chumainn Lúthchleas Gael i leith na Gaeilge, i gcomhthéacs an Phleanáil Teanga.

Sa chaibidil seo, cuirtear na torthaí ar fáil a thugann léargas ar pholasaí na heagraíochta i leith na teanga, conas a chuirtear an polasaí sin i bhfeidhm agus meon na mball i gclubanna Gaeltachta agus neamhGaeltachta.

Déantar anailís ar thorthaí na gceistneoirí, i gcomhthéacs na pleanála teanga, ag úsáid an fráma a thugann Tábla 3.3.

4.2 Torthaí Chainníochtúil

Is ionann na torthaí cainníochtúil agus an t-eolas maidir le polasaí teanga an CLG a aimsíodh ó cháipéisí na heagraíochta. Bailíodh eolas agus sonraí ó Threoirlínte Oifigiúla an CLG, na Tuarascáileacha Bliantúla, Pleananna Stráitéiseacha agus treoirlínte nó lámhleabhair a foilsíodh chun moltaí agus tacaíocht a thabhairt do na cumainn áitiúla.

4.2.1 Polasaí Teanga

Rinneadh plé ar pholasaí teanga an CLG i gCaibidil a Dó agus i gCaibidil a Trí. Feictear in Aguisín 1 agus 2 na Rialacha Oifigiúla agus na moltaí a phléitear i gcáipéisí oifigiúla de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael.

Pléitear an Phlean Stráitéiseach 2009-2015 sna Caibidil thuas, agus go háirithe an cuid ‘Club, Culture and Community’ a phléann aidhmeanna na heagraíochta i leith na teanga agus an chultúr. Déantar príomhspríocanna teanga na cáipéise sin a aistriú go Gaeilge agus a léiriú ar Thábla faoi na cinnteidil Oifigeach Cultúrtha, Suíomh Idirlíne, Comharthaíocht, Scór agus Cultúr agus Nascanna le heagraíochtaí ar Thábla 4.1. Tá na spríocanna faoi leith luaite ar na leibhéil faoina dtagann siad sa cháipéis (The GAA Strategic Vision and Action Plan, 2009-2015:36); 1. An Cumann Áitiúil, 2. Bord an Chondae, 3. An Cúige agus 4. An Eagraíocht Náisiúnta.

Tábla 4.1 Plean Stráitéiseach an CLG

Leibhéal	Spríocanna teanga				
	Oifigeach Cultúrtha:	Suíomh Idirlíne:	Comharthaíocht:	Scór + Cultúr:	Nascanna le eagraíochtaí:
An Cumann Áitiúil:	Go mbeadh Oifigeach Cultúrtha gníomhach i ngach cumainn. (Láithreach)	Go mbeadh nasc 'As Gaeilge' ar shuíomh idirlíne an chumainn. (Roimh 2011)	Go mbeadh forbairt déanta ar chomharthaíocht oifigiúil an chumainn ag na páirceanna imeartha, trí Ghaeilge. (50% roimh 2011, 100% faoi 2015)	Go n-eagrófar ceiliúradh 125bliain do gach cumann le tacaíocht ó Bhord an Chonadae i mbliana. (2009)	—
An Condae:	Traenáil a chur ar fáil d'Oifigigh Cultúrtha an Chonadae. (2009)	Go mbeadh nasc 'As Gaeilge' ar shuíomh idirlíne an Chonadae. (Roimh 2011)	Go mbeadh comharthaíocht oifigiúil an CLG le feiceáil ag na hionaid agus na páirceanna de chuid an Chonadae. (Roimh 2011)		—
An Cúige:	—	Tacaíocht a chur ar fáil do na Condaethe agus do na cumainn ó leibhéal an Chúige i bhforbairt comharthaíocht oifigiúil agus i bhforbairt na suíomhanna oifigiúla. Ceardlann traenála a thabhairt d'Oifigigh C&T ar chonas forbairt a dhéanamh ar na suíomhanna idirlíne.		—	—
An Eagraíocht Náisiúnta:	Liosta de na hOifigigh Cultúrtha a chur ar shuíomh oifigiúil an CLG. (Láithreach)	—	Comharthaíocht oifigiúil caighdeánach a fhorbairt do na cumainn.	Athbhreithniú agus athphleanáil a dhéanamh ar an gcomórtas Scór. (2009)	Nascanna struchtúrtha a fhorbairt idir eagraíochtaí chultúrtha eile sa phobal. Campaí samhraidh cónaithe trí Ghaeilge a

					fhorbairt. (Roimh 2011)
--	--	--	--	--	----------------------------

(The GAA Strategic Vision and Action Plan 2009-2015:36)


Tugann an cháipéis oifigiúil ‘Club Manual’ a foilsíodh i 2007 treoir do na cumainn ar chonas coiste maith a bhunú. Tugann Cuid 11 (Ich 43/44) léargas ar dhualgaisí an Oifigeach Cultúr agus Teanga. “The Culture & Language Officer position should be filled by someone who has a working knowledge of Gaeilge.” (Club Manual, 43). Tugtar deich gcinn de threoracha don Oifigeach C&T sa cháipéis seo a chlúdaíonn go leor de na moltaí in Aguisín 1. Moltar, chomh maith, go mbeadh sé de dhualgas ar an Oifigeach C&T:

- Tacaíocht a thabhairt d’Oifigh agus baill eile in úsáid na Gaeilge.
- Cinntiú go gclaoífead le rialacha maidir le húsáid na Gaeilge.
- Comh-oibriú le eagraíochtaí Gaeilge agus cultúrtha sa cheantar.

4.2.2 Polasaí Teanga an CLG

Aimsíodh sna torthaí chainníochtúla thuas, agus in Aguisíní 1 agus 2, go bhfuil polasaí teanga ag an gCLG atá dhá-fhréamhach;

Figiúr 4.1: Polasaí Teanga an CLG



Tugtar stádas do na rialacha oifigiúla a bhaineann le cúrsaí teanga (Aguisín 2), atá ar chómhchéim le gach rial eile a bhaineann leis na cluichí agus le struchtúr


na heagraíochta agus is féidir iad a chur i gcomparáid le reachtaíocht. Tá na rialacha éigeantach, (Féach Caib 2.8.2), agus má déantar neamhaird dóibh, tá an sean ann go ndéanfaí agóid nó frithagóid in aghaidh an chumainn nó an duine. Baineann na rialacha le páipéarachas agus le cur i bhfeidhm an pholasaí sin a mheas, bheadh cáipéisí dhá lorg ó rúnaithe Boird na gCondaethe agus réiteoirí ar fud na tíre. Díríodh, mar sin, ar an dara cuid de pholasaí an CLG agus ar chur i bhfeidhm na moltaí agus treoirlínte atá léirithe sna Táblaí agus Aguisíní luaite.

Sna torthaí cháillíochtúla déantar cur i bhfeidhm an polasaí a mheas chomh maith leis an dá réimse eile den taighde; Meon na mball i leith na Gaeilge agus Tuiscint na mball ar pholasaí na heagraíochta. Léirítear na torthaí cháillíochtúla i gcomhthéacs litríocht na pleanála teanga mar a leagtar amach ar Thábla 3.3.

4.3 Torthaí Cháilíochtúil

Baineann torthaí cháilíochtúla an taighde seo le heolas a bailíodh ó na trí leibhéal sa CLG chun na trí réimsí den taighde a léiriú.

Figiúr 4.2 An Fráma Taighde



4.3.1 Torthaí na gCeistneoirí

Feictear torthaí na gceistneoirí faoi na trí chinn teidil ar Aguisín 9, 10 agus 11:

(1) Cleachtas i leith Polasaí Teanga (Aguisín 9)

(2) Meon na mBall i leith na Gaeilge (Aguisín 10)

(3) Tuiscint na mBall ar pholasaí na hEagraíochta (Aguisín 11)

Léirítear na freagraí dearfacha, neodracha agus diúltacha mar chéatadán den iomlán. Mar a míníodh i gCaib 3, 'sé 70 an t-iomlán i gcás na cumainn Gaeltachta (G=70), 45 i gcás na cumainn neamhGhaeltacha (NG=45) agus 115 líon na bhfreagróirí ar fad (I=115).

Léirítear líon na bhfreagróirí a roghnaigh 4 nó 5 ar an gceistneoir faoi A (Aontú nó Aontú Láidir). Léirítear an méid a roghnaigh 3 faoin litir N (Neodrach) agus léirítear an méid a dhearbhaigh Easaontas nó Easaontas Láidir i gcás na ráitis (1 nó 2) faoin litir E. Mar go bhfuil cuid de na ráitis sa bhfoirm diúltach, 'sé sin gurbh ionann Easaontú nó Easaontú Láidir agus deá-thuairim nó deá-thoil i leith na Gaeilge sa CLG, déantar an chéatadán a léiríonn an freagra dearfach maidir leis an nGaeilge a chuir i gcló trom. Féach Aguisíní 9, 10 agus 11.

Úsáidtear na cinnteidil ar Thábla 4.2 chun na torthaí a phlé.

Tábla 4.2; An ghaol idir na réimsí taighde agus na ceisteanna maidir leis an bPleanáil Teanga

<p>Réimse taighde an Staidéir seo;</p>	<p>Bunús an taighde seo i gcomhthéacs na Pleanála Teanga;</p>
<p>1. Cleachtas na heagraíochta náisiúnta agus na cumainn i leith polasaí teanga a thomhas.</p> <p>Cur chun cinn na Gaeilge ar leibhéal na heagraíochta náisiúnta.</p> <p>Oifigigh Cultúr & Teanga agus an ról atá acu.</p> <p>Deiseanna labhartha agus so-fheisceacht na Gaeilge sa chumann.</p> <p>Scór.</p>	<p>An gréasán pobail é an CLG ina ndéantar an teanga a neartú agus a threisiú?</p> <p>An dtugann imeachtaí an CLG feidhmeanna teanga don Ghaeilge?</p>
<p>2. Meon na mbaill i leith cur chun cinn na teanga a mheas.</p> <p>Tábhacht na teanga san eagraíocht.</p> <p>An toil an teanga a chur chun cinn.</p> <p>Meon i leith Cultúr agus Scór.</p> <p>Luachanna an Chumainn Áitiúil.</p>	<p>An ‘pro-RLSers’ (daoine atá toilteanach an teanga a chur chun cinn) iad formhór de bhaill an CLG?</p> <p>An gcreideann na baill go bhfuil luach cultúrtha ag an teanga?</p>
<p>3. Tuiscint na mbaill ar pholasaí teanga an CLG a léiriú.</p> <p>Aidhmeanna Oifigiúla an CLG.</p> <p>Tábhacht aidhm na Gaeilge i gcomparáid le aidhmeanna eile.</p> <p>Dualgaisí teanga an Chondae agus an Chumainn Áitiúil.</p>	<p>An bhfuil aontú (‘whole-hearted agreement’ Fishman (1991)) i measc na baill maidir le na haidhmeanna teanga?</p> <p>An léiríonn polasaí teanga an CLG luachanna na mball?</p>

4.4 Cuid 1: Cleachtas na heagraíochta náisiúnta agus na gcumainn i leith polasaí teanga a thomhas

4.4.1 Leibhéal 1:

Barr na heagraíochta:

4.4.1.1 Cur chun cinn na Gaeilge ag leibhéal na heagraíochta náisiúnta;

Dhearbhaigh an tArd Oifigeach de chuid an CLG go raibh ról an an gCLG i gcur chun cinn na Gaeilge ach gur b'é príomhaidhm na heagraíochta an spórt dúchasach a chur chun cinn. "Above all else our primary purpose is the development of the native games, everything else is secondary to that." (Ard Oifigeach, 2009)

Aithníonn barr na heagraíochta, dár leis, go bhfuil dualgais ar an gCLG tacaíocht a thabhairt don teanga agus don chultúr ina n-imeachtaí, mar aidhm bhreise, mar a dhearbhaíonn an polasaí.

Déanann an eagraíocht náisiúnta roinnt oibre i soláthar áiseanna a chabhraíonn leis na cumainn (an leabhrán Gaeilge, liostaí téarmaí srl.) ach creidtear nach bhfuil an scil nó an saineolas acu tabhairt faoi cur chun cinn na teanga ar leibhéal níos airde ná seo; "The GAA as a standalone body are not necessarily the best organisation to promote the language, what we can do is work with other bodies in developing resources or using existing resources." (Ard Oifigeach, 2009)

Moltar go dtiocfadh eagraíochtaí teanga chuig an gCLG leis na smaointe chun go ndéanfar comhpháirtíocht eatarthu.

'Sé an Phlean Stráitéiseach an t-aon cháipéis ina bhfeictear aidhmeanna agus moltaí dírithe ar an eagraíocht náisiúnta. Baineann na haidhmeanna seo le liostaí d'Oifigigh Cultúrtha a chur ar fáil, áiseanna cultúrtha a scaipeadh ar pháistí, comharthaíocht caighdeánach a bhunú, athbhreithniú a dhéanamh ar chomórtas Scór srl. Ní raibh aidhm ar bith maidir le fógraí i bPáirc an Chrócaigh nó foilsiú cáipéisí go dátheangach, mar atá ag leibhéal an chumainn.

Is laigeacht é, i mo thuairimse, nach bhfuil cáipéisí oifigiúla, mar shampla na tuarascáileacha bhliantúla agus na pleananna stráitéiseacha le fáil go

dhátheangach, fiú chun freastal ar riachtanaisí na gcumainn Gaeltachta. Ní difríocht idir pholasaí agus cleachtas é seo ach bearna sa pholasaí.

4.4.1.2 Oifigigh Cultúr & Teanga agus an ról atá acu;

Cé go moltar go mbeadh Oifigeach Cultúr agus Teanga i ngach cumann, níl sé réadúil go dtárlóidh sé sin agus níl an CLG chun é a bhrú ar na cumainn. Dearbhaíodh go mbeadh Oifigeach C&T sna cumainn is fearr sa tír ach nach dtárlóidh sé go mbeadh duine gníomhach i ngach cumann. “..GAA policy is constantly burdening volunteers at a time when volunteerism is under threat....it is not going to be pushed.” (Ard Oifigeach CLG, 2009).

Dhearbhaigh an t-Oifigeach faoi agallamh nach bhfuil rogha déanta dualgaisí teanga an CLG a laghdú faoin dteideal ‘Oifigeach Cultúrtha’, ach go bhfuil ciall leis an nuatheideal mar go mbíonn sé deacair i gcónaí daoine le Gaeilge mhaith a aimsiú don ról agus go bhfuil sé níos éasca dul chun cinn a dhéanamh faoin dteideal ‘Cultúr’ ná mar atá faoin dteideal ‘Gaeilge’. “As an organisation we can do the most on a broader sense of culture rather than language alone.” (Ard Oifigeach CLG, 2009)

4.4.1.3 Deiseanna labhartha na Gaeilge agus so-fheisceacht na Gaeilge:

Is réimse é seo a bhaineann le dualgaisí an chumainn níos mó ná dualgaisí na heagraíochta náisiúnta. Maidir le so-fheiscint na Gaeilge, caithefear a rá go bhfuil deá-chleachtas de chomharthaíocht dátheangach le tabhairt faoi deara i bPáirc an Chrócaigh, áit ar tharla an agallamh, rud a d’aithin beirt d’Oifigigh C&T na gCondaethe.

Dhearbhaigh an tArd Oifigeach go núsáidtear roinnt Gaeilge ag ócáidí agus cruinnithe.

4.4.1.4 Scór:

Baineann cur chun cinn imeachtaí Scór, den chuid is mó, le dualgaisí na gcumainn agus na hOifigigh C&T. Dhearbhaigh an tOifigeach seo go raibh tábhacht le cur chun cinn na Gaeilge faoi scáth chúrsaí cultúrtha agus Scór.

4.4.2 Leibhéal 2:

Oifigigh Cultúr agus Teanga na gCondaethe:

4.4.2.1 Cur chun cinn na Gaeilge ar leibhéal na heagraíochta náisiúnta;

Aontaíonn an ceathrar Oifigeach Cultúr agus Teanga go bhfuil iarrachtaí éigin dhá dhéanamh ag an eagraíocht náisiúnta an teanga a chur chun cinn. Bhí na hOifigigh as na condaethe le cumainn Gaeltachta iontu níos criticiúil maidir leis an méid tacaíochta a fhaigheann an teanga ón eagraíocht náisiúnta ná na hOifigigh ó Chondaethe sa neamhGhaeltacht.

Dhearbhaigh Oifigeach Chonnachta go bhfuil an Ghaeilge ann sa ‘rud scríobhtha’ agus ag ócáidí oifigiúla ach go bhfuil gá le iarrachtaí níos fearr an teanga labhartha a chur chun cinn. “Beidh sé suimiúl a fheiceáil má théann muid níos láidre faoin dteanga labhartha céard a thárlóidh.” (Oifigeach C&T Chonnachta, 2009) Cuireann Oifigeach na Mumhan leis an méid sin ag rá nach bhfuil dóthain Gaeilge ag ard-leibhéal na eagraíochta go fóill agus go bhfuil gá brú ar aghaidh leis.

Luaigh beirt de na hOifigigh gur ‘Lip Service’ a bhíonn i gcur chun cinn na Gaeilge uaireanta ach d’aontaigh an ceathrar acu go bhfuil daoine éigin san eagraíocht atá an-toilteanach an teanga a chur chun cinn.

4.4.2.2 Oifigigh Cultúr&Teanga agus an ról atá acu;

Luaigh an ceathrar Oifigeach go bhfuil eagrú comórtais Scór mar chuid lárnach dá ról. Dhearbhaigh triúr de na hOifigigh gur mó ama a caithtear ag plé le cúrsaí Scór i gcomparáid le cúrsaí teanga mar gheall ar an struchtúr agus ar an amchlár atá ann.

Luaigh na hOifigigh C&T an tacaíocht a thugann siad do Bhord an Chondae maidir le riachtanais Ghaeilge an Bhoird; litreacha, aistriúcháin, altanna Gaeilge a scríobh, comharthaíocht agus an ‘cupla focail’ a úsáid ag na cruinnithe.

Dhearbhaigh triúr den ceathrar go bhfuil meas ar an ról atá acu agus an-mheas ar an nGaeilge i measc baill eile de Bhord an Chondae agus léiríodh go bhfuil na

baill fábharch i leith na teanga. Mar a dúirt Oifigeach amháin, maidir le aon iarracht an Ghaeilge a fhorbairt go dtí seo is cosúil le “pushing an open door” é.

Pléadh deacrachtaí maidir le cúrsaí ama agus an chaoi nach mbíonn Oifigeach C&T gníomhach i ngach cumainn mar dúshláin an ról.

4.4.2.3 Deiseanna labhartha na Gaeilge;

Tá sé soiléar go bhfuil an ceathrar Oifigeach C&T díograiseach faoi dheiseanna labhartha na Gaeilge a chruthú ag cruinnithe agus ócáidí de chuid Bord an Chondae. Úsáideann an ceathrar acu ‘cupla focal’ ag gach cruinniú agus d’ár ndóigh, bíonn níos mó ná sin i gceist ar na Boird ina bhfuil ceantair Gaeltachta i gceist. Tá ranganna do na baill dhá reachtáil i gCondae amháin.

Cuireann Oifigeach Chúige Laighean – áit ina bhfuil Coiste Cultúr agus Teanga de chuid an Chondae ann – síos ar na deacrachtaí a bhaineann le húsáid na Gaeilge ag cruinnithe mar nach bhfuil an teanga ag na baill ar fad, fiú amháin ar an gCoiste seo.

Léirigh Oifigeach Uladh an deá-thoil ar Bhord an Chondae Gaeilge shimplí a úsáid ar leibhéal gur féidir le daoine páirt a ghlacadh. Úsáidtear na beannachtaí agus gnáthfrásaí Gaeilge ag na cruinnithe agus tá na baill lán-sásta go bhfuil an méid sin ar eolas acu. Molann Oifigeach Uladh gan an teanga a bhrú ar éinne ach í a chur ina luí ar daoine go nádúrtha.

Ar an iomlán léiríodh go núsáidtear roinnt Gaeilge ar Bhord an Chondae ag cruinnithe agus ócáidí foirmiúla sna ceithre Chondae. Dhearbhaigh na hOifigigh C&T uilig go raibh na baill eile lán sásta tacaíocht a thabhairt don teanga, fiú amháin iad sin nach bhfuil in ann í a labhairt.

Scoláireachtaí Gaeltachta;

Moltar i bpolasaí an CLG go dtugtar scoláireachtaí Gaeltachta amach ar leibhéal an Chumainn ach mar nach bhfuil Oifigeach Cultúrtha gníomhach sna cumainn ar fad tá sé deacair é sin a mheas. Ag leibhéal an Chondae, bhí scéim scoláireachta dhá reachtáil i dtrí Chondae as an cheithre cinn. Is ó bhuiséad Bhoird an Chondae a thagann an ciste do seo.

4.4.2.4 Scór

Tá mionlach de na cumainn páirteach i gcúrsaí scór i dtrí Chonradh a bhí faoi staidéar. Dhearbháigh leath de na hOifigigh go bhfuil suim i gcúrsaí Scór ag méadú agus pléadh ceiliúradh 125 bliain i mbliana mar chúis leis seo.

Dearbháíodh go bhfuil sé deacair suim i Scór a mhúscailt sna cumainn nach dtógann páirt agus gur cineál traidisiún é go mbíonn cumann áraithe rathúil. Moltar úsáid na Gaeilge in imeachtaí Scór agus dearbháíodh i gCúige Connachta go raibh Craobh an Chúige i mbliana (i gCo Roscomáin) eagraithe go hiomlán trí Ghaeilge.

Tá an Ghaeilge an-láidir mar chuid d'imeachtaí Scór, dar le Oifigeach na Mumhan, agus níor cheart go scarfaí an teanga ón gceol ná ón damhsa. Más féidir suim sa Scór a chaomhnú, caomhnófar an teanga chomh maith. Aontaíonn Oifigeach Uladh leis seo. Molann Oifigeach Chonnachta go ndéanfaí athmheas ar an gcomórtas mar gheall ar an easpa suime i roinnt condaethe, rud atá leagtha amach ar an bPlean Stráitéiseach.

Mar a dhearbháíodh i gCuid 2 thuas maidir le ról na hOifigigh C&T, feictear go dtógann cúrsaí Scór an-cuid ama chun moltóirí, hallaí, cláracha srl a eagrú.

4.4.3 Leibhéil 3

Ceistneoirí agus plé neamhfhoirimiúil le baill de na cumainn

4.4.3.1 Cur chun cinn na Gaeilge ar leibhéal na heagraíochta náisiúnta;

Léiríonn an chéad ráiteas maidir le so-fheiscint na Gaeilge in imeachtaí na heagraíochta náisiúnta nach bhfuil formhór de na baill sa dá ghrúpa samplach (Gaeltachta agus neamhGaeltachta) cinnte go bhfuil cur chun cinn na Gaeilge so-fheicthe sa CLG. Sa ghrúpa iomlán (n= 115), d'fhreagair 58.25% ar an bpointe neodrach nó níos ísle rud a léiríonn nach bhfuil ós cionn leath na bhfreagróirí cinnte go bhfuil cur chun cinn na Gaeilge so-fheicthe san eagraíocht.

Léiríonn tuairim duine amháin as Cumann Bhaile Átha Cliath tuairimí cuid mhaith de na baill; "Nationwide/national scheme is required by the GAA. Not enough has been done to support the language." (Freagróir Bhaile Átha Cliath, 2009).

4.4.3.2 Oifigigh Cultúr agus Teanga agus an ról atá acu;

Is é an ráiteas a dhearbhaíonn go bhfuil Oifigeach Cultúr & Teanga i ngach cumann a fhaigheann an ráta easaontas is áirde ar an gcuid seo den gceistneoir. 40% den daonra iomlán a d'easaontaigh agus d'fhreagair 31.3% ar an bpointe neodrach.

Nuair a cuirtear an cheist maidir le hOifigeach Cultúr & Teanga sa chumann áitiúil, 'sé sin 'sa chlub seo', méadaíonn an ráta aontú, go háraithe sa Ghaeltacht (47.14%). Sa sampla neamhGhaeltachta níl ach aon cúigiú atá cinnte go bhfuil Oifigeach C&T sa chumann agus dearbhaíonn an tromlach (55.55%) nach bhfuil siad cinnte. Fiú amháin sna cumainn Gaeltachta, léiríonn 52.85% de na freagróirí ar Cheist 3 nach bhfuil siad cinnte nó nach bhfuil Oifigeach C&T sa chumann. Méadaíonn an fhiigiúr seo go 79.99% i gcás na cumainn neamhGhaeltacha. Tugann líon na bhfreagraí dearfacha ar Cheist 4 (ról an Oifigeach) atá beagán chun cinn ar Cheist 3 (54.28% sna Cumainn Gaeltacha agus 47.82% sna Cumainn neamhGhaeltacha) le fios go bhfuil níos mó comh-aontú maidir le aidhmeanna Oifigeach C&T ná mar atá cinnteacht go bhfuil duine gníomhach sa ról. Cuireann na tuairimí breise a tugadh ar na ceistneoirí leis an méid seo;

Duine as cumann Gaeltachta Chonnachta (A): "Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag chuile club Oifigeach Cultúr agus Teanga a chuir mar áit lárnach sa chlub." (2009).

Léiríonn an tuairim seo polasaí an CLG i leith na teanga. Sna cáipéisí An Phlean Stráitéiseach, Ich 36, Club Manual, Ich 43 agus Gaeilge sa Chlub, dearbhaíodh go mbeadh Oifigeach C&T gníomhach i ngach cumann, ach de réir na torthaí seo ní chuirtear an polasaí sin i bhfeidhm. Feictear athrá ar mholtaí ón gCáipéis 'Gaeilge sa Chlub' i dtuairimí ó Chumann neamhGaeltachta na Laighean:

"The Irish Officer should be directed by Croke Park to hold night classes in winter months to promote the language. A beginners class could be held on alternative nights in the clubhouses throughout the country." (2009).

"The promotion of Irish set dancing in the winter months would be good fun and would benefit the club or Sean ós/tap dance classes for adults (use Irish language)." (2009).

Tá na baill seo ag moladh leasaithe ar pholasaí ach tá na moltaí ann cheana féin ón gCLG, is é an cleachtas a chaithfear a leasú.

4.4.3.3 Deiseanna labhartha agus so-fheisceacht na Gaeilge sa chumann;

B'iad na ráitis a léirigh an dearfach is mó maidir le cleachtas teanga an CLG ná an ráiteas a d'fhiosraigh na deiseanna labhartha sa chumann (66.95% den iomlán a d'fhreagair go dearfach) agus an ráiteas a cheistigh an féidir an Ghaeilge a chloisteáil nó a fheiceáil sa chlub - mar shampla ar chomharthaíocht nó i gcás fógraí ag cluichí. 64.34% a d'fhreagair go dearfach ar an ráiteas seo. Ní mór an fhiigiúr sin a bhriseadh síos agus na torthaí Gaeltachta agus neamhGaeltachta a phlé.

Cruthaíonn na céatadáin ard sa Ghaeltacht (88.57% ar Cheist 6 agus 84.28% ar Cheist 7) gur suíomh labhartha tábhachtach atá sa chumann áitiúil agus rud a bhí suimíul ná nach raibh mórán difríocht idir na freagraí ó na Limistéir A, B agus C a luaitear i gCaibidil 3.3.1 (Moltaí an Staidéar Chuimsitheach Teangeolaíoch, 2007). Bhí ráta aontú i leith na ceisteanna sin a bhí ós cionn 80% in san trí chumainn Gaeltachta. I gCatagóir C, de réir an Staidéar Teangeolaíoch, labhraíonn níos lú ná 44% den daonra an Ghaeilge go laethúil. Cé nach gá go mbeadh imeachtaí an CLG ar siúl go laethúil, tugann an difríocht idir na figiúirí sin le fios go bhfuil níos mó Gaeilge ar siúl taobh istigh den gCLG (sa chumainn áitiúil), ná mar atá sa cheantar go forleathan.

Tuigeann na baill an tábhacht le so-fheiscint na Gaeilge sna cumainn agus deiseanna labhartha a chruthú:

Cumann Gaeltachta na Mumhan: "Gaeilge le feiscint i gcónaí an rud is tabhachtaí." (2009).

Ba cheart béim a chur ar labhairt na Gaeilge, seachas ar chúrsaí páipéarachas, dar le freagróir ó chumann neamhGaeltachta na Mumhan: "focus on the spoken work not official papers – turns people off the language." (2009).

Níl ach aon triú de fhreagróirí na neamhGaeltachta cinnte gur suíomh é an cumainn áitiúil gur féidir an Ghaeilge a labhairt nó gur féidir í a fheiceáil nó a chloisteáil. Tá méid mór den ghrúpa ar an bpointe neodrach, go háraithe ar an gceist maidir le labhairt na Gaeilge, 46.66%. Tá seans ann go bhfuil an fhiigiúr seo chomh ard mar nach bhfuil na baill ag déanamh aon iarracht an Ghaeilge a labhairt.

Ar an ráiteas maidir le so-fheiscint na Gaeilge (ar chomharthaí srl.), tá an ráta easaontú níos airde sa neamhGhaeltacht (28.88%). Tugann sé seo le fios nach bhfuil forbairt déanta ar chomharthaíocht Gaeilge sna cumainn samplacha go léir, nó nach bhfuil sé soiléar go bhfuil.

Tá formhór (60%) de na freagróirí neamhGhaeltachta a aontaíonn leis na ráitis gur féidir an Ghaeilge a labhairt nó í a chloisteáil nó a fheiceáil sa chumann ar Choistí de chuid an Chumainn. Tugann sé seo le fios go bhfuil níos mó seans go labhraítear agus go gcloistear an Ghaeilge sa neamhGhaeltacht ag cruinnithe ná mar atá ar pháirc na himeartha.

4.4.3.4 Scór;

Tá tábhacht Scór na nÓg agus Scór Sinsir sna cumainn úd fiosraithe i gCeist 9. Tá líon na bhfreagraí dearfacha sna Cumainn Gaeltachta chun tosaigh ar líon na bhfreagraí dearfacha sna Cumainn neamhGhaeltachta. 42.85% a dhearbhaigh Aontú sna Cumainn Gaeltachta agus 24.44% sna Cumainn neamhGhaeltachta. Tugann an céatadán mór ar an bpointe neodrach (42.6% san iomlán) le fios nach bhfuil an tábhacht a bhaineann le himeachtaí agus iarrachtaí Scór an chumainn so-fheicthe ag líon mór de na baill, nó nach dtógtar páirt sa chomórtas.

Tá tacaíocht d'imeachtaí Scór le feiceáil sna tuairimí breise a tugadh ar an gceistneoir.

“I would love to see Scór get off the ground again in this club as we have done extremely well in it in the past.” (Freagróir chumainn neamhGhaeltachta na Mumhan, 2009).

Feiceann freagróir eile as cumann Gaeltachta Cúige Mumhan an nasc idir theanga agus cúrsaí Scór; “Ba chóir do CLG níos mó béime a chur ar Scór agus thiocfadh an Ghaeilge agus an cultúr fén scáth sin.” (2009).

4.5 Cuid 2: Meon na mball i Leith cur chun cinn na teanga a mheas:

4.5.1 Leibhéal 1

Barr na hEagraíochta

4.5.1.1 Tábhacht na teanga san eagraíocht agus an toil an teanga a chur chun cinn

Is féidir na cinnteidil thuas a phlé le chéile ar an leibhéal seo.

Dearbhaíodh ag barr na heagraíochta go bhfuil meon dearfach i leith na Gaeilge i measc Ard Oifigigh agus na baill go ginearálta. Mar a dhearbhaíodh i gCuid 1, tagann tacaíocht don dteanga mar aidhm bhreise san eagraíocht, agus cé go bhfuil sé tábhachtach ní féidir é a chur roimh chur chun cinn na cluichí Gaelacha. Fágtar forbairt na teanga san eagraíochta náisiúnta ag an gCoiste Cultúr agus Teanga i bPáirc an Chrócaigh (Caib 2).

“Certainly we have an obligation as part of our ethos to support the language, music and culture...people understand that it is a part of what we’re about.” (Ard Oifigeach CLG, 2009)

Feictear nach gcuirtear an teanga chun cinn go mór agus go bhfuil gá níos mó a dhéanamh;

“Active support of the language is at a low level; rules, names, teams etc....we need to do more and should do more..”

Dearbhaíonn an tArd Oifigeach go bhfuil ról siombalach ag an teanga san eagraíocht agus go bhfuil an siombalachas sin tábhachtach. Fiú má tá an siombalachas sin níos so-fheichthe nó beocht na teanga san eagraíocht, níor cheart tábhacht an siombalachais a laghdú.

Is léir ón duine seo go bhfuil meas aige ar an dteanga ach go gceapann sé go mbeadh sé dúshlánach tabhairt faoi feachtas athbheochain na teanga gan tacaíocht ó eagraíochtaí eile. Tá an CLG sásta go mbeadh feachtas éigin ar siúl i leith na teanga ach tá sé soiléar go bhfuil liosta fada d’aidhmeanna agus spriocanna chun tosaigh ar na haidhmeanna i leith na teanga.

Tá, mar a dúirt Oifigeach C&T Cúige Uladh liom, an eagraíocht sásta go mbeadh duine éigin ag déanamh rud éigin i leith na teanga ach feictear dom go bhfuil ceannaireacht struchtúrtha i leith cur chun cinn na teanga in easnamh.

4.5.1.2 Meon i leith Cultúr agus Scór

Ba cheart go gcuirfí an teanga chun cinn i gcomhthéacs cultúrtha, dar leis an Ard Oifigeach. Is léir ón dtéarmaíocht a úsáidtear i gcáipéisí an CLG go bhfuil an dearcadh ann nár cheart an teanga a scaradh ón gcultúr agus cúrsaí Scór; ‘Club, Culture and Community’ an teideal faoina thagann cur chun cinn na Gaeilge. Cuireann na gnéithe sin den gcultúr leis an ionannas Éireannach atá dhá cheiliúradh nuair a ghlacann daoine páirt sna cluichí; “Membership of the GAA is about making a statement of Irishness, a means of consolidation

Irishness...people delight that language and culture form a part of that.” (Ard Oifigeach CLG, 2009).

4.5.1.3 Luachanna an Chumainn Áitiúil

Ní féidir luachanna an chumainn áitiúil a mheas ar an leibhéal seo. Dearbhaíodh gur féidir an méid is mó dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí teanga sa chumann áitiúil.

“Club level is the place we can make the biggest impact but it is not one of the key objectives of the GAA.” (Ard Oifigeach CLG, 2009)

Feictear gur aithníodh na féidearthachaí maidir le ról an CLG i bpleanáil teanga ach nach bhfuil gealltanais tugtha go ndéanfar an ról seo a fhorbairt.

4.5.2 Leibhéal 2

Bord an Chonrad

4.5.2.1 Tábhacht na teanga san Eagraíocht agus An toil an teanga a chur chun cinn

Dhearbhaigh an ceathrar Oifigeach C&T go ndéanann baill den gCoiste Cultúr agus Teanga méid mór chun an teanga a chur chun cinn san eagraíocht. Aontaíonn siad go bhfuil meon dearfach i leith cúrsaí cultúr agus teanga ag formhór de baill CLG.

Mhol triúr Oifigigh iarrachtaí iad sin ar bharr na heagraíochta i bhfoghlaim na Gaeilge agus pléadh Iar-Chathaoirleach Nicolás Ó Braonáin a bhí beagnach líofa nuair a d'fhág sé a phost. Moltar an tacaíocht a thugann na hArd Oifigigh ar Leibhéal 1 d'imeachtaí na Gaeilge agus na Gaeltachta agus phléigh Oifigeach C&T na Mumhan an stádas a tugtar do Chomórtas Peile na Gaeltachta nuair a bhronn Cathaoirleach CLG an corn.

Ceistíonn beirt Oifigeach tacaíocht a tugtar don gCoiste Cultúr agus Teanga sa CLG agus dearbhaíonn duine de na hOifigigh nach bhfuil mórán tacaíochta ar fáil don gCoiste seo. Dearbhaíonn Oifigeach amháin go bhfuil brú ón gCLG an Scór a thabhairt ar ais ach nach bhfuil an bhrú céanna ó thaobh na Gaeilge de.

Léiríonn Oifigeach Chúige Laighean na deacrachtaí a bhíonn ann caighdeán agus polasaí buan a chruthú ó thaobh na Gaeilge de sa CLG, nuair a bhíonn Ard Oifigigh na heagraíochta ag athrú. “Braitheann sé (cur chun cinn na Gaeilge) ar cé atá ann. Braitheann sé ar dhaoine cosúil leis na hOifigigh Teanga...tá níos mó

teagmháil agus treoir ag teastáil ó Pháirc an Chrócaigh.” (Oifigeach C&T na Laighean, 2009)

4.5.2.2 Meon i leith Cultúr agus Scór

Tá éagsúlacht ann maidir leis an dtuairimíocht a bhaineann le Scór sna Condaethe agus aithnítear go mbaineann dearcadh na nOifigigh le cé chomh láidir agus atá an comórtas Scór sna condaethe atá faoi staidéar. Tá triúr de na hOifigigh an-dearfach i leith cur chun cinn Scór agus dár leo, ní féidir an teanga agus na gnéithe eile den chultúr a scaradh óna chéile. Luaigh an duine céanna go bhfuil gá daoine a mhealladh ar ais ag an Scór agus go bhfuil poiblíocht nua-aimseartha ag teastáil.

Mhol na hOifigigh ‘Scór na bPáistí’ eagraítear sna Scoileanna Náisiúnta agus pléadh an caighdeáin ard Gaeilge san amhránaíocht, filíocht agus drámaíocht a bhíonn ag n hiomatheoirí.

Is iontach an rud é, dár le beirt de na hOifigigh, go raibh seans ag buaiteoirí amhránaíochta chomórtais Scór, Amhrán na bhFiann a chasadh ag craobhanna an Chúige i mbliana. Tugann sé seo stádas do chúrsaí cultúr agus scór, dár leo.

4.5.2.3 Luachanna an Chumainn Áitiúil

Dearbhaíonn na hOifigigh Teanga go bhfuil meon dearfach i leith cur chun cinn na teanga sna cumainn, ach go bhfuil an struchtúr in easnamh le go ndéantar é go leanúnach. Níl Oifigeach Cultúrtha gníomhach sna cumainn. Caithfear go nainmnítear Oifigeach Cultúrtha i ngach cumann ó 2008, ach ní neartaíonn sé seo an teanga sna cumainn mar go minic úsáidtear ainm an rúnaí nó an leasrúnaí. Is daoine iad seo atá gafa le cúrsaí spóirt agus ní bhíonn an t-am acu plé le teagmháil nó moltaí ar bith maidir leis an dteanga.

Molann Oifigeach Chonnachta go bhfuil gá an CLG a leathnú amach ar leibhéal an chumainn áitiúil chun na daoine cearta a fháil (Figiúr 4.2). Pléann sé duine atá gníomhach i gcúrsaí ceol nó drámaíochta a chur i bhfeighil ar chúrsaí Scór, agus an Ghaeilge a chur faoi chúram duine leis an suim agus an scil an ról seo a líonadh; mar shampla múinteoirí, daoine ag obair i gcomhlacht phoiblí san earnáil phoiblí nó duine atá ag obair in earnáil na Gaeilge. Tá an gréasánú seo le daoine

ó thaobh amuigh den gCLG tábhachtach más rud é go gcomhlíonfar na haidhmeanna cultúrtha.

4.5.3 Leibhéal 3

An Cumann Áitiúil


4.5.3.1 Tábhacht na teanga sa eagraíocht

Léiríonn an ráta dearfach maidir leis an ráiteas ar an gceistneoir a d'fhiosraigh ar cheart go mbeadh baint ag an gCLG le forbairt teanga, go bhfuil tábhacht na teanga soiléar i measc na gnáthbhaill. 92.85% den sampla Gaeltachta agus 75.55% den sampla neamhGaeltachta a d'fhreagair i bhfabhar forbairt na Gaeilge sa CLG. Dearbhaíonn 58.26% den iomlán go bhfuil 'Suim sa Ghaeilge sa chlub seo'. Léiríonn formhór den daonra samplach, chomh maith, go bhfuil ról tábhachtach ag Oifigigh C&T sa CLG – 64.34% den iomlán – ráta atá chun cinn ar an méid a dhearbhaigh go bhfuil Oifigigh C&T ina gcumann fén (46.08%).

Tá meon an-dearfach le feiceáil maidir leis na ceisteanna a fhiosraíonn na buntáistí a bheadh ann don teanga agus don eagraíocht dá mba rud é go gcuirfí an teanga chun cinn ann. Tá líon na mball a dhearbhaíonn go rachadh cur chun cinn na teanga sa CLG chun leasa na Gaeilge (83.47%) chun cinn ar an méid a dhearbhaíonn go mbeadh sé chun leasa an CLG tacaíocht a thabhairt don teanga (69.56%), ach is tromlach de na freagróirí G agus NG a d'fhreagair go dearfach ar an dá cheist.

Tugann an cheist a fhiosraíonn an tábhacht atá le cur chun cinn na Gaeilge anois san eagraíocht i gcomparáid leis a tábhacht san am atá caite, le fios go bhfeiceann na baill laghdú ar thábhacht na Gaeilge san eagraíocht. Aontaíonn an tromlach go raibh cur chun cinn na Gaeilge níos tábhachtaí san am atá caite. Nuair a cuirtear an figiúr sin i gcomparáid le líon na bhfreagróirí a dhearbhaigh gur chóir an teanga a chur chun cinn, feictear go bhfuil na freagróirí ag trácht ar an tacaíocht a tugtar don teanga anois i gcomparáid leis an tacaíocht a tugadh dí fadó.

Figiúr 4.3: Tábhacht na teanga sa CLG inniú i gcomparáid le fadó



Léiríonn freagróir ó Chumann neamhGhaeltacha Chúige Laighean an tábhacht atá le forbairt teanga san eagraíocht; “I believe that the GAA could be a vital platform to expand and develop Irish language.” (2009).

4.4.3.2 An toil an teanga a chur chun cinn

Tá freagraí dearfacha fáighte maidir leis an suim agus an toil tacaíocht a thabhairt d’fheachtas cur chun cinn na Gaeilge. 73.04% a léiríonn go mbeadh siad sásta a bheadh páirteach i bhfeachtas cur chun cinn na Gaeilge agus 55.65% a dhearbhaíonn go mbeadh tacaíocht d’fheachtas cur chun cinn na Gaeilge le fáil sa chumann áitiúil.

Tá an ráta aontú ón neamhGhaeltacht maidir leis an toil an teanga a chur chun cinn sna cumainn áitiúil i bhfad níos diúltaí nó ráta na Gaeltachta, dála an scéil. Níor dhearbhaigh ach 24.44% den sampla NG go mbeadh suim ag baill an chumainn a bheith páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge, i gcomparáid le 75.71% den sampla Gaeltachta. D’fhreagair beagnach leath (46.66%) de na freagróirí NG ar an bpointe neodrach agus laghdaíonn sé sin diúltacht na bhfigiúirí. Mura bhfuil Oifigigh Cultúr agus Teanga sna cumainn (agus cruthaíodh nach bhfuil i bhformhór de na cumainn), is cosúil go bhfuil neamhchinnteacht ann i measc na mball ar céard a bheadh i gceist le ‘feachtas cur chun cinn na Gaeilge’.

Léiríonn tuairim bhreise ó chumann neamhGhaeltachta Bhaile Átha Cliath aontú le méid mór tuairimí bhreise a tugadh; “Promotion would be welcomed by everyone here at x.” (2009).

4.4.3.3 Meon i leith Cultúr agus Scór

Ar an bhformhór, léiríonn torthaí na gceistneoirí go bhfuil suim ag baill an CLG i gcúrsaí cultúrtha agus Scór. Léiríonn tromlach den iomlán go bhfuil Scór tábhachtach san eagraíocht náisiúnta (60%) agus go bhfuil suim ag baill den eagraíocht i dtréithe eile den chultúr seachas an spórt (66.08%).

Laghdaíonn an mheon dearfach i leith Scór agus an chultúr sa neamhGhaeltacht nuair a cheistítear na freagróirí maidir le suim sa Ghaeilge, sa Scór agus sa chultúr ‘sa chlub seo’. 31.11% ón NG a dhearbhaigh go raibh suim sa Ghaeilge sa chlub agus 44.44% den ghrúpa céanna go raibh suim ag baill den gclub i dtréithe eile den gcultúr seachas an spórt. Ní mór a léiriú go bhfuil ós cionn daichead faoin gcéad ar an bpointe neodrach i gcás an dá ráiteas.

4.4.3.3 Luachanna an Chumainn Aitiúil

Baineann na luachanna atá ag na cumainn áitiúil leis na figiúirí pléite thuas maidir le suim sa Ghaeilge agus sa chultúr ar leibhéal an chlub. Chun meon na mball i leith feidhmeanna an chumainn a fhiosrú, cuireadh ceist a d’fhiosraigh ar b’é an iomaíocht spóirt an rud is tábhachtaí sa chlub seo. Cé go raibh beagnach aon triú den ghrúpa iomlán (28.69%) a léirigh easaontas i leith an ráiteas agus aon cúigiú a d’fhreagair ar an bpointe neodrach, d’aontaigh tromlach na bhfreagróirí gur b’é an iomaíocht spóirt is tábhachtaí. ‘Sé cur chun cinn na cluichí Gaelacha príomhaidhm an chumainn agus mar sin ní gá gur meon diúltach i leith na teanga é an fhiúir sin. Nuair a fheictear go raibh an ráta aontú níos airde sa Ghaeltacht (55.71%) ná sa neamhGhaeltacht (44.44%), is léir nach droch-mheon i leith na teanga é seo ach dearcadh dearfach maidir le príomhaidhmeanna an chumainn; ‘sé sin cur chun cinn an spóirt dúchasach.

4.6 Cuid 3: Tuiscint na mball ar pholasaí teanga an CLG a léiriú:

4.6.1 Leibhéal 1

Barr na hEagraíochta

4.6.1.1 Aidhmeanna Oifigiúla an CLG agus Tábhacht aidhm na Gaeilge i gcomparáid le aidhmeanna eile

Is féidir na cinnteidil thuas a phlé le chéile ar an leibhéal seo.

Thug Ard Oifigeach an CLG léargas chruinn ar aidhmeanna oifigiúla na heagraíochta; gur bé an phríomhaidhm atá acu spórt dúchasach na tíre a chaomhnú agus a chur chun cinn agus go bhfuil sé mar aidhm bhreise ag an eagraíocht tacaíocht a thabhairt don teanga. Phléigh an t-Oifigeach na sé spóirt ar lch 19 agus dhearbhaigh sé go dtagann cur chun cinn na teanga ina ndiaidh seo ar fad.

4.6.1.2 Dualgaisí Teanga

Phléigh an t-Oifigeach na dualgaisí teanga a bhaineann leis na rialacha oifigiúla; liostaí na nimreoirí, ainmnithe oifigiúla na cumainn agus na páirceanna srl. Dhearbhaigh sé go gcuireann Páirc an Chrócaigh áiseanna ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do na cumainn in úsáid na Gaeilge, mar shampla; leabhráin agus liostaí de théarmaí, ach níor luaigh sé moltaí faoi leith a bhaineann le cur chun cinn na teanga labhartha sna cumainn áitiúil nó ar Bhord an Chondae.

D'aontaigh an Oifigeach nach bhfuil polasaí teanga faoi leith do na ceantair Gaeltachta ach níor pléadh buntáistí a leithead de pholasaí.

Ní dóigh leis go rachadh sé chun leasa na teanga nó ar leasa an CLG dá mba rud é go raibh dualgaisí teanga reachtúla ar an gCLG.

4.6.2 Leibhéal 2

Bord an Chondae

4.6.2.1 Aidhmeanna Oifigiúla an CLG agus Tábhacht aidhm na Gaeilge i gcomparáid le aidhmeanna eile

Tuigeann na hOifigigh C&T uilig go mbíonn brú ar bhail de Bhoird na gCondaethe príomhaidhm an CLG a chomhlíonadh; 'sé sin na cluichí Gaelacha a chur chun cinn. Aontaíonn siad go bhfuil dualgaisí bhreise ar an gCLG maidir leis an teanga agus an cultúr. Mar gur b'iad seo na daoine atá ann chun aidhmeanna teanga an CLG a bhaint amach, tuigeann siad tábhacht aidhm na Gaeilge i gcomparáid leis na haidhmeanna eile.

Pléann duine de na hOifigigh an baol atá ann go bhfuil tábhacht aidhm na Gaeilge (4(a) de Threoirlínte Oifigiúla) laghdaithe agus nach bhfuil an CLG ag tabhairt faoi comhlíonadh na haidhme sin ach ar shlí shiombalach. Aontaíonn an ceathrar Oifigeach C&T nach dtiocfaidh an lá go mbeidh an nasc idir an CLG agus an teanga scaoilte ach más ‘ról gníomhach’ a bheidh ag an teanga san eagraíocht, dár le Oifigeach amháin, ‘caithfidh muid é sin a chinntiú anois agus brú ar aghaidh leis na nósanna teanga atá san eagraíocht le fada a fhorbairt’ (Oifigeach C&T Chonnachta, 2009).

4.6.2.2 Dualgaisí Teanga

Tá na hOifigigh seo gníomhach i gcomhlíonadh dualgaisí teanga Bhord an Chondae agus tuigtear na rialacha maidir leis an teanga scríobhtha. Déanann an ceathrar iarracht an teanga labhartha a chur chun cinn, mar a mholtar, ag cruinnithe agus ócáidí foirimiúil eile. Pléadh na deacrachtaí a bhaineann le comhlíonadh dualgaisí agus moltaí teanga sna cumainn áitiúil a chinntiú mar gheall nach bhfuil na hOifigigh C&T ann agus nach mbíonn na daoine ann leis an scil nó an t-am é a dhéanamh.

4.6.3 Leibhéal 3

An Cumann Áitiúil

4.6.3.1 Aidhmeanna Oifigiúla an CLG

Léiríodh sár-thuiscint ar phríomhaidhm oifigiúil an CLG ó thorthaí na gceistneoirí. 88.69% a fhreagair gur b'é an príomhaidhm cur chun cinn an spórt dúchasach. Maidir leis an trí aidhm bhreise a bhí clúdaithe ar an gceistneoir; 1. Cur chun cinn na Gaeilge, 2. Tacaíochta a thabhairt do Thionscadal Éireannach agus 3. Tacaíocht a thabhairt do spórt na mban, níor leiríodh an tuiscint céanna. D'aontaigh 71.3% den iomlán go raibh cur chun cinn spórt na mban mar aidhm bhreise, 60.86% den iomlán go raibh cur chun cinn na Gaeilge mar aidhm bhreise ach níor thuig ach 42.6% den iomlán go raibh se mar aidhm ag an gCLG tacaíocht a thabhairt do TÉ.

4.6.3.2 Tábhacht aidhm na Gaeilge i gcomparáid le aidhmeanna eile

Léiríonn tromlach den ghrúpa sa G agus sa NG go bhfuil cur chun cinn na Gaeilge chomh tábhachtach le tacaíocht a thabhairt do TÉ; 51.3% den iomlán.

Tá níos mó neamhchinnteacht le feiceáil nuair a fhiosraítear tábhacht cur chun cinn na Gaeilge i gcomparáid le spórt na mban: 45.21% den iomlán a dhearbhaíonn go bhfuil an Ghaeilge chomh tábhachtach.

4.6.3.3 Dualgaisí Teanga

Tuigeann formhór de na baill Ghaeltachta go bhfuil dualgaisí teanga ar gach cumann (G=65.71%). Níor fhreagair ach leath den sampla neamhGhaeltachta go dearfach ar an ráiteas céanna (NG=51.11%). Léiríodh neamhchinnteacht agus an-difríocht idir an dá cheantar samplach maidir le céard go díreach a bhaineann leis na dualgaisí teanga. Maidir leis an ráiteas a dhearbhaíonn go mbaineann na dualgaisí teanga le páipéarachas amháin, tá ráta árd Easaontú sa Ghaeltacht; 45.71%. Léiríonn sé seo go dtuigeann beagnach leath de na baill Gaeltachta go bhfuil níos mó ná paipéarachas i gceist le dualgaisí teanga an CLG. Sa neamhGhaeltacht maidir leis an ráiteas céanna, tá an ráta Easaontú (20%) íseal agus d'fhreagair formhór de na mbaill ar an bpointe neodrach (42.22%). Aontaíonn gar do dhaichead faoin gcéad go mbaineann dualgaisí an chumainn le páipéarachas amháin.

Léiríodh nach dtuigeann baill de na cumainn neamhGhaeltachta go bhfuil dualgaisí ar na cumainn an teanga labhartha a chur chun cinn, rud a léiríodh thuas i gCuid 1 de na torthaí.

4.7 Conclúid

Léiríonn na torthaí pléite thuas dea-thoil ach droch-chleachtas teanga, ar an iomlán. Tá muintear na Gaeltachta ag súil le caighdeán teanga níos airde agus tá siad níos cinnte ná muintear na neamhGhaeltachta go mbeadh tacaíocht sa CLG d'fheachtas cur chun cinn na Gaeilge.

Tá na sonraí a bhaineann leis na trí réimsí taighde atá pléite ar Thábla 4.2 léirithe sa Chaibidil seo;

1. Cleachtas na heagraíochta náisiúnta agus na cumainn i leith polasaí teanga a thomhas.
2. Meon na mball i leith cur chun cinn na teanga a mheas.
3. Tuiscint na mball ar pholasaí teanga an CLG a léiriú.

Léiríodh difríochtaí móra idir chleachtas agus polasaí teanga agus pléadh na laigeachtaí sa pholasaí, go háraithe an polasaí scríobhtha dírithe ar an eagraíocht náisiúnta. Déanfar anailís ar na torthaí i gCaibidil 5.

Mar a dearbhaíodh thuas, bhí an sampla Gaeltachta (G=70) níos mó ná an sampla neamhGaeltachta (NG=45) agus mar sin bhí an fhianaise agus na sonraí níos láidre ón nGaeltacht. Déanfar anailís ar na torthaí uilig i gCaibidil a Cúig.

Caibidil a Cúig

ANAILÍS

5.1 Réamhrá:

Déanfar ainilís ar na torthaí chun difríochtaí idir pholasaí agus cleachtas teanga a aimsiú agus na ceisteanna ón litríocht maidir le pleanáil teanga a fhreagairt.

Úsáidtear na trí réimsí taighde a léiríodh ar an bhfráma taighde ar Fhigiúr 4.1 chun ainilís a dhéanamh ar an eolas;

1: Cleachtas an CLG i leith na teanga.

2: Meon na mball i leith cur chun cinn na teanga.

3: Tuiscint na mball ar pholasaí an CLG.

5.2 Ainilís ar Chleachtas teanga an CLG

Úsáidtear na torthaí a léiríonn cleachtas teanga an CLG chun cur i bhfeidhm an polasaí a aimsiú. Déantar cur i bhfeidhm aidhmeanna ón bPlean Stráitéiseach, moltaí ón gcáipéis Gaeilge sa Chlub agus moltaí ón 'gClub Manual' a mheas chun na difríochtaí agus cosúlachtaí idir pholasaí agus cleachtas teanga a aimsiú. Léirítear an t-eolas seo ar Thábla 5.1. Úsáidtear na sonraí a bailíodh ón dtrí leibhéal chun fianaise cur i bhfeidhm an pholasaí a mheas.

Caipéis 1: An Plean Stráitéiseach

Tá aidhmeanna fadtéarmach ag an bPlean Stráitéiseach, chomh maith le aidhmeanna don bhlian seo. Déantar cur i bhfeidhm na haidhmeanna do 2009 a mheas agus an fhianaise atá ann go bhfuil an eagraíocht ag tabhairt faoi na haidhmeanna eile.

Cáipéis 2: Gaeilge sa Chlub; Treoirínite d'Oifigeach Cultúr agus Teanga an chluib.

Cé gur moltaí do chur chun cinn na Gaeilge sa chlub atá i gcáipéis 2, tá sé soiléar nach bhfuil Oifigeach C&T gníomhach i ngach cumann. Mar sin, déantar cur i bhfeidhm na moltaí sa chumann áitiúil a mheas faoi leibhéal 3, cur i bhfeidhm na moltaí ar Bhord an Chondae (áit atá Oifigeach C&T gníomhach) a mheas faoi leibhéal 2 agus cur i bhfeidhm na moltaí ar leibhéal náisiúnta a mheas ar Leibhéal 1.

Cáipéis 3: Club Manual

Is moltaí d'Oifigeach C&T an chumainn atá sa cháipéis freisin agus déantar cur i bhfeidhm na moltaí ar leibhéal an Chondae a fhiosrú ar Leibhéal 2.

Eochar Thábla 5.1

Léiríonn 100% den fhianaise ar an leibhéal seo go gcuirtear an polasaí i bhfeidhm.	✓✓
Tá roinnt fianaise go gcuirtear an polasaí i bhfeidhm uaireanta ar an leibhéal.	✓
Ní fianaise ar bith go gcuirtear an polasaí seo i bhfeidhm ar an leibhéal seo.	x
Ní bhaineann cur i bhfeidhm an pholasaí seo leis an leibhéal seo. Ní féidir cur i bhfeidhm na haidhme a mheas ar an leibhéal seo.	-

Tábla 5.1; Cur i bhfeidhm Polasaí Teanga an CLG:

Polasaí Teanga; Na Cáipéisí Pleanála:	Leibhéal 1: An Eagraíocht Náisiúnta	Leibhéal 2: Bord an Chondae	Leibhéal 3: An Cumann Áitiúil
<u>Plean Stráitéiseach 2009-2015:</u>			
Go mbeadh Oifigeach Cultúrtha i ngach club. (2009)	x	x	x
Go mbeadh liosta de na hOifigigh Cultúrtha ar shuíomhoifigiúil an CLG. (2009)	x	-	-
Go dtugtar traenáil d'Oifigigh Cultúrtha. (2009)	✓	✓✓	x

Go mbeadh nasc 'As Gaeilge' dhá forbairt ar shuíomhanna oifigiúla; an Chumainn, an Chondae, an Eagraíocht Náisiúnta. (2011-2015)	✓	x	G=✓NG=x
Go ndéantar athmheas + athphleanáil a dhéanamh ar an gcomórtas Scór. (2009)	x	x	x
<u>Moltaí Gaeilge sa Chlub:</u>			
Go mbeadh ainm Oifigiúil an Chumainn as Gaeilge.	-	✓✓	✓✓
Go núsáidtear ainmneacha Gaeilge na nOifigigh.	✓✓	✓✓	✓✓
Go mbeadh clárú na n-imreoirí agus na bail déantal i nGaeilge.	-	✓	G=✓✓NG=✓
Go mbeadh ainm Gaeilge an chumainn ar mhálaí.	-	-	G=✓✓NG=x
Go ndéanfar éileamh ar ranganna a thomhas.	✓	✓	✓
Go ndéanfar iarracht gnó éigin ar chlár cruinnithe a phlé trí Ghaeilge.	✓	✓	G=✓✓NG=✓
Go gceapfar duine óg mar Oifigeach Óg na Gaeilge.	-	x	x

Go niarrfar ar bhainisteoirí/traénálaithe roinnt Gaeilge a úsáid.	-	x	G=✓NG=x
Go mbeadh ainm na páirce as Gaeilge.	✓	✓	G=✓✓NG=x
Bainisteoir foirne le Gaeilge a cheapadh.	-	x	G=✓NG=x
<u>Club Manual: Go dtabharfadh an Oifigeach C&T;</u>			
Tacaíocht d'Oifigh agus baill in úsáid na Gaeilge.	-	✓✓	✓
Go gcinnteofar go gclaoifear le rialacha na Gaeilge.	-	✓	✓
Go neagrófar scéim Scoláireachta Gaeltachta.	-	✓	x
Comhoibriú a dhéanamh le eagraíochtaí teanga agus cultúrtha eile sa cheantar	-	x	G=✓NG=x
Frásaí agus beannachtaí a úsáid i measc baill.	-	✓✓	✓

5.2.1 Difríochtaí idir Pholasaí agus Cleachtas

An difríocht is mó atá le tabhairt faoi deara idir pholasaí agus cleachtas atá ná go bhfuil formhór de na moltaí dírithe ar chur i bhfeidhm polasaí teanga ar leibhéal an chumainn áitiúil ach níl Oifigigh Cultúrtha i bhformhór de na cumainn chun é seo a dhéanamh. Is cosúil, ó thorthaí na gceistneoirí agus ón méid a bhí le rá ag na hOifigigh C&T nach bhfuil Oifigeach Cultúrtha gníomhach ach i gcorr chumann. Dearbhaíodh ar bharr na heagraíochta nach bhfuil lucht ceannasaíochta an CLG chun é a bhrú ar na cumainn Oifigeach gníomhach a cheapadh. Téann an méid seo in aghaidh an méid a dhearbhaíonn an Plean Stráitéiseach (Féach Tábla 4.1), go mbeadh Oifigeach Cultúrtha gníomhach i ngach cumann láithreach.

Gan Oifigeach Cultúrtha atá gníomhach sa ról ag leibhéal an chumainn, ní chuirfear formhór den bpolasaí a bhaineann le Gaeilge sa chlub (Aguisín 1) nó na moltaí sa 'Club Manual' i bhfeidhm.

Feictear difríocht mhór idir pholasaí agus cleachtas teanga dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge ar pháirc na himeartha. Is léir go dtagann tábhacht na gcluichí ar pháirc na himeartha i bhfad roimh thábhacht na Gaeilge. Dúradh liom i gcumann neamhghaeltachta Chúige Laighean go moltar cupla focal Gaeilge a úsáid i dtraenáil na foirne óga, mar shampla cúlbaire, sliotar, camán srl, ach nach mbíonn focal Gaeilge le cloisteáil ar pháirc imeartha na bhfear ná na mná fásta. Maidir le ráiteas ar an gceistneoir a dhearbhaigh gurbh é an iomaíocht spóirt an rud is tábhachtaí sa chumann, bhí ráta árd Aontú: 51.3% den ghrupa iomlán. Bhí an ráta níos airde sa Ghaeltacht nó mar a bhí sa neamhGhaeltacht (G=55.71% agus NG= 44.44%).

Léiríonn na figiúirí sin go bhfuil baill de na cumainn ag iarraidh na cluichí a chur chun cinn thar aon rud eile, agus tá polasaí a mholann bainisteoir foirne le Gaeilge a fháil mí-réadúil, sa neamhGhaeltacht go háraithe.

Níl fianaise ar bith go bhfuil comh-oibriú nó comhpháirtíocht ar bhonn leanúnach ar siúl idir eagraíochtaí gaeilge agus an CLG. Bíonn urraíocht agus deontaisí ar fáil ó Údarás na Gaeltachta sna Condaetha ina bhfuil Gaeltachtaí iontu agus pléadh é seo a leathnú agus urraíocht a fháil do Champaí Samhraidh trí Ghaeilge sa neamhGhaeltacht leis na hOifigigh C&T a bhí go mór ina bhfábhar. Dhearbhaigh an t-Oifigeach ar bharr na heagraíochta go mbeidh an CLG ag obair

le eagraíochtaí teanga sa neamhGhaeltacht chun Campaí Samhraidh trí Ghaeilge a sholáthair i mbliana; “That is one practical way which we can do something for the language.” (Ard Oifigeach CLG, 2009).

Molann na hOifigigh tosnú leis na cumainn atá in aice na Gaeltachta agus iad sin ina bhfuil Gaelscoileanna, agus an Ghaeilge a fhorbairt i measc an aos óg ag na seisiún traenáile.

Dearbhaíonn Oifigeach Teanga na Mumhan go gcaithfear caighdeáin árd Gaeilge a sholáthar i gcomórtas Scór an Chondae mar go bhfuil urraíocht fáighte ó Údarás na Gaeltachta – mar shampla cinntítear go bhfuil bean/fear an tí le Gaeilge. Bheadh eagraíochtaí Gaeilge inann cleachtas níos fearr i leith na Gaeilge sa CLG a chinntiú dá gcuirfí deontaisí nó urraíocht ar fáil.

Níl teipeadh go hiomlán ar chur i bhfeidhm polasaí teanga tugtha faoi deara sa CLG. Feictear go bhfuil cuid mhaith den bpolasaí a leagtar amach do na cumainn dhá chur i bhfeidhm ar leibhéal Bhoird na gCondaethe. Feictear i dTábla 4.2 go leanann Oifigigh C&T de chuid an Chondae na moltaí atá ann dóibh siúd ar leibhéal an chumainn áitiúil; tá ranganna Gaeilge ar bun i gCondae amháin, tugtar scoláireachtaí ag Gaeltachtaí amach i dtrí cinn, déantar plé as Gaeilge ag cruinnithe Bhord an Chondae sna condaethe ar fad agus tugtar tacaíocht d’Oifigigh eile chun a chinntiú go gclaoífeadh le rialacha teanga oifigiúla an CLG (Aguisín 2).

Is cosúil gurbh é an easpa scil i gcúrsaí teanga sa CLG a ba chúis le drochcleachtas teanga ag leibhéal an chumainn;


“We depend on teachers and gaelscoil graduates for information and these are not always interested or not in the right positions in the club to get the message across.” (Freagróir chumainn neamhGhaeltachta Chúige Laighean, 2009).

Cuireann sé seo leis an méid atá le rá ag Oifigeach Chonnachta maidir le gréasánú sa phobal chun na daoine cearta a fháil. Le tacaíocht agus treoir ó dhaoine agus ó eagraíochtaí leis an scil agus an saineolas i gcúrsaí teanga agus i bpleanáil teanga, is léir go bhféadfadh feabhas a chur ar chleachtas teanga an CLG. Tá gnéithe éigin den bpolasaí á chur i bhfeidhm timpeall na tíre; ranganna, scoláireachtaí, tráth na gceisteanna, ach gan duine leis an eolas agus an suim ar leibhéal an chumainn, tá sé deacair dul chun cinn a dhéanamh. Molann Oifigeach

amháin co-pháirtíocht idir an earnáil phoiblí agus na húdaráis áitiúil atá i mbun cur i bhfeidhm polasaí teanga bunaithe ar coinníollacha Alt (11) Acht na dTeangacha Oifigiúla, i bpleanáil ranganna, comharthaíocht srl.

Rud suimiúil maidir le polasaí teanga sa CLG ná nach bhfuil polasaí nó moltaí breise i dtaobh forbairt teanga do na ceantair Gaeltachta. Moltar do na cumainn ar fad, mar shampla, ballraíocht i gComórtas Peile na Gaeltachta (Comórtas peile idir na cumainn Gaeltachta sa Ghaeltacht) a bheith mar ‘sprioc fadréimseach’ faoi ‘Gaeilge mar Theanga Caidrimh ar an bPáirc Imeartha’, cuid 9 de Ghaeilge sa Chlub. Gan tacaíocht ó eagraíochtaí Gaeilge, Gaelscoileanna nó daoine ón nGaeltacht níl seans ann go dtárlóidh sé sin sa neamhGhaeltacht.

Figiúr 5.1 Có-Pháirtíocht atá molta ag lucht an CLG le comhlachtaí eile



5.2.2 Ceistenna a bhaineann le Pleanáil Teanga

Na ceistenna pleanála teanga a bhí dhá fiosrú sa chuid seo den taighde ná;

1. An gréasáin pobail é an CLG ina neartaítear na Gaeilge?
2. An dtugann imeachtaí an CLG feidhmeanna teanga don Ghaeilge chun an nasc teanga idir 'home-family-neighbourhood-community' a threisiú?

Léiríonn na hagallaimh leis na hOifigigh C&T gur gréasáin pobail cultúrtha atá sa CLG agus go bhfuil Gaeilge dhá úsáid i gcuid d'imeachtaí na heagraíochta. Déantar an-iarracht ar an leibhéal seo tré imeachtaí Scór, an teanga labhartha ag cruinnithe agus chun a chinntiú go bhfuil 'an rud scríobhtha' déanta trí Ghaeilge. Ar leibhéal an Chumann Áitiúil, tá sé soiléar ó na ceistneoirí gur suíomh tábhachtach é an CLG chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Tá sé dearfach go bhfuil ráta árd labhairt na Gaeilge sna cumainn áitiúil Gaeltachta, fiú amháin na cumainn Gaeltachta i Limistéir B agus C de réir Moltaí an Staidéar Teangeolaíoch (2007).

Chun an nasc teanga a mholann Fishman (1991) a threisiú sa CLG, ní mór go mbeadh feidhmeanna teanga curtha ar fáil ag leibhéal an Chumann Áitiúil, mar sin é an áit a fheictear an nasc idir an chlann agus an pobal. Is léir gur suíomh tábhachtach ina núsáidtear na teanga é an chumann áitiúil sa Ghaeltacht. Sa neamhGhaeltacht níl labhairt na Gaeilge nó so-fheiscint na teanga chomh soiléar céanna. Is léir ó na ceistneoirí agus ó thuairimí na mbainisteoirí agus na nimreoirí nach bhfuil cur i bhfeidhm polasaí maidir leis an dteanga labhartha, an Ghaeilge a bheith ar mhálaí traenáilithe nó comharthaíocht sna seomraí feistis ar siúl. Tá iarrachtaí i dtaobh úsáid na Gaeilge i dtraenáil na bpáistí soiléar in dhá chluib neamhGhaeltachta agus tá club sóisialta Gaeilge ar bun i gcumann neamhGhaeltachta Bhaile Átha Cliath; "A club was founded last year by x, which has had a great impact. Similar work on a national level would be welcomed by everyone at this GAA club."

Léiríodh go bhfuil feidhm 'scríobhtha' tugtha don Ghaeilge sa CLG ach nach bhfuil an feidhm 'labhartha' chomh láidir sin taobh amuigh den Ghaeltacht. Má déantar forbairt ar an dteanga labhartha san eagraíocht, is féidir an CLG a úsáid chun feidhmeanna teanga a chruthú a neartaíonn an nasc teanga a phléann Fishman (1991) ar Leibhéal 6 don GIDS, 'sé sin an nasc idir "...home-family-neighbourhood-community processes.."

5.3 Anailís ar Mheon na mball i leith na Gaeilge

Feictear ó thorthaí na trí leibhéail go bhfuil meon dearfach ag lucht an CLG i leith cur chun cinn na teanga. Léiríonn sé seo an mheon a d'aimsigh Fishman i leith na Gaeilge in Éirinn; "Large majorities of both populations have reported themselves as having positive attitudes toward the language itself as a symbol of Irish independence and authenticity.." (Fishman, 1991:124).

Ar an trí leibhéal sa CLG, tuigtear go gcaithfear an teanga a chur chun cinn mar aidhm bhreise san eagraíocht. De réir na foinsí eolais ar Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, tá na rialacha oifigiúla tábhachtach, 'sé sin go mbíonn an rud scríobhtha (ainmneacha, liostaí foirne) déanta i gceart. Mar a dhearbhaigh Ard Oifigeach na heagraíochta; "...it may be a token contribution towards language but I wouldn't like it changed. I don't see any great need and I don't see a great demand." (2009).

Aontaíonn na hOifigigh ar Leibhéal 2 leis an dearcadh sin, go bhfuil gá go mbeadh rialacha éigeantacha i dtaobh na Gaeilge chun caighdeáin scríobhtha a chinntiú. Creideann formhór dóibh gur chóir brú ar aghaidh agus iarracht a dhéanamh an teanga labhartha a athbheochan san eagraíocht. Feictear ó na torthaí ar Leibhéal 3 go bhfuil líon mór de na baill ag súil go gcuirfear an teanga chun cinn agus sásta tacaíocht a thabhairt dí.


Maidir le tuairimí bhreise a tugadh ar na gceistneoirí, feictear go bhfuil roinnt de bhaill na neamhGhaeltachta go mór in aghaidh an Ghaeilge éigeantach agus an bhéim ar pháipéarachas; "I think Croke Park should remove all compulsory use of Irish ie. Writing out teams, headed paper etc." (Freagróir Chumainn Chúige Laighean, 2009).

Feictear, ar an lámh eile, go molann lucht na Gaeltachta cur chun cinn na teanga scríobhtha, den chuid is mó. Cumann Gaeltachta na Gaillimhe B: "Ba cheart go mbeadh gach liosta den fhoireann i nGaeilge fiú taobh amuigh de na Gaeltachtaí – bheadh a ainm ar eolas ag gach duine as Gaeilge, ní mórán é ach b'fhiú é." Molann baill eile den gcumann céanna altanna Gaeilge i nuachtáin áitiúil; "nótaí gearra gach seachtain sa pháipéar áitiúil."

Feictear dom, ón méid a pléadh leis na hOifigigh C&T ar Leibhéal 2 agus ó thorthaí na gceistneoirí, go bhfuil baill na Gaeltachta ag súil le caighdeán níos airde Gaeilge nó iad sin sa neamhGaeltacht. I bhfocail Oifigeach C&T Chonnachta; “Is cosúil le dhá Chondae difriúla iad an Gaeltacht agus an neamhGaeltacht ó thaobh an chaighdeain Gaeilge de.”

Má tá níos mó tacaíochta le fáil d’fheachtas cur chun cinn na Gaeilge sna cumainn Gaeltachta agus tugann na figiúirí le fios go bhfuil (Féach Figiúr 5.2), ba cheart tosú leis na ceantair seo agus polasaí aontaithe a chur i bhfeidhm.

Figiúr 5.2: Tacaíocht d’fheachtas cur chun cinn na Gaeilge



Ní gá go léiríonn na torthaí seo go bhfuil meon níos dearfaí ag baill na Gaeltachta ná na baill neamhGaeltachta i leith cur chun cinn na Gaeilge, ach go bhfuil níos mó cinnteacht gur féidir tabhairt faoi feachtas na Gaeilge ann. Teastaíonn polasaí struchtúrtha, i mo thuairim, sa Gaeltacht agus tacaíocht ó bharr na heagraíochta an polasaí sin a chur i bhfeidhm. Cruthaíodh go gcuirtear polasaí teanga i bhfeidhm sa CLG nuair atá gá leis mar gheall ar dheontaisí nó urraíocht d’Ionad nó ócáid a tharlaíonn sa Gaeltacht (mar a dhearbhaigh Oifigigh Chúige Mumhan agus Cúige Connachta).

Cruthaíodh go bhfuil go leor de na moltaí sa cháipéis ‘Gaeilge sa Chlub’ feiliúnach don Gaeltacht amháin. Samplaí de seo ná; dráma a léiriú le haisteoirí ón gclub, díospóireachtaí Gaeilge a eagrú do bhaill agus comórtas ‘Seachtar-an-taobh’ a eagrú do Ghaeilgóirí an chlub. Níl an polasaí sin ábhartha do na cumainn

neamhGhaeltachta agus ní mór athmheas a dhéanamh ar chur chun cinn na Gaeilge sa neamhGhaeltacht chun spriocanna so-aimsithe a aontú.

5.3.1 Ceisteanna na Pleanála Teanga

Ní mór anailís a dhéanamh ar na freagraí a thugann an t-eolas thuas ar na ceisteanna maidir le pleanáil teanga a bhí aimsithe sa chuid seo den taighde;

1. An pro-RLSers (Reversing Language Shift, Fishman 1991, 2001) iad formhór de bhaill an CLG?
2. An bhfeiceann baill den gCLG go bhfuil luach cultúrtha ag an dteanga?

Tá sé soiléar ó na torthaí gurb iad ‘pro-RLSers’, nó daoine atá sásta agus toilteanach an teanga a chur chun iad cinn baill CLG. Tá na baill sa Ghaeltacht níos láidre i bhfábhar cur chun cinn na Gaeilge agus níos cinnte go mbeadh tacaíocht d’fheachtas teanga sna cumainn áitiúil ar fáil, ach tá formhór den ghrúpa iomlán aontaithe go bhféadfaí an teanga a chur chun cinn go dearfach sa CLG agus go rachadh sé chun leasa na teanga agus chun leasa an CLG é seo a dhéanamh.

Is samplaí iontacha de ‘pro-RLSers’ iad Oifigigh C&T. Cé go raibh dearcadh dearfach ag an Ard Oifigeach i leith na Gaeilge, níor phléigh sé pleananna fadtéarmacha i leith forbairt na teanga agus tugtar faoi deara go raibh cur chun cinn na teanga fágtha ag an gCoiste Cultúr agus Teanga. Má tá ról ag an gCLG i bpleanáil teanga ní mór go mbeadh cur chun cinn na teanga fite fuaite le imeachtaí na heagraíochta uilig. Ní féidir é a fhágáil ag duine amháin nó coiste.

Maidir le ceist a dó thuas, is léir go bhfuil luach cultúrtha ag an teanga ag na trí leibhéil san eagraíocht. Tá an luach sin an-láidir ag barr na heagraíochta agus pléadh an nasc idir an teanga, an chultúr agus an náisiúnachas ag an leibhéal seo, rud atá léirithe i gCaibidil 2 i saothar Fishman (1991), Davis (2002) agus Spolsky (1991).

D’fhéadfadh an CLG deiseanna chun úsáid na Gaeilge a leathnú mar gheall ar an luach chultúrtha a bhaineann leis an teanga san eagraíocht (mar a léirigh Spolsky, 1991, Caib 2.2). Is léir go bhfuil suim sa chultúr ag na baill agus ní mór go ndéanadh polasaí teanga struchtúrtha freastal ar an luach chultúrtha atá leis

an dteanga – agus leis na cluichí – agus go ndéanfar forbairt ar an luach in imeachtaí na heagraíochta.

5.4 Anailís ar Thuiscint na mball ar an bPolasaí teanga

Is eagraíocht spóirt é an CLG thar aon rud eile agus léiríodh deá-thuiscint na mball maidir le príomhaidhm na heagraíochta. Níl an tuiscint céanna ann maidir leis na haidhmeanna breise. Is é cur chun cinn na Gaeilge an chéad aidhm bhreise, tacaíocht do TÉ an dara aidhm bhreise agus tagann tacaíocht do chluichí na mban ina dhiaidh seo. Léiríodh sna torthaí seo, nach bhfuil comhaontas idir thuiscint na mball ar an bpolasaí agus na haidhmeanna breise.

Ar na ceisteanna seo, ba ionann an pointe neodrach agus ‘níl a fhios agam’. Dhearbhaigh líon árd (45.21%) nach raibh a fhios acu go raibh tacaíocht do TÉ mar aidhm oifigiúil ag an eagraíocht, figiúr a bhí go mór chun cinn ar an líon nach raibh fios acu ar aidhm na Gaeilge (15.65%) agus an aidhm maidir le cluichí na mban (12.17%).

Ní léiríonn na haidhmeanna oifigiúla mar atá siad, tuiscint na mball agus ní mór cleachtas na heagraíochta a leasú chun go mbeadh aidhmeanna na heagraíochta le feiceáil go soiléar in imeachtaí na heagraíochta.

Is rud dearfach é don Ghaeilge go dtuigtear gur aidhm bhreise é cur chun cinn na teanga. Cé nach bhfuil an tromlach cinnte go bhfuil aidhm na Gaeilge chomh tábhachtach le cur chun cinn cluichí na mban, (45.21% den lomlán), tá méid mór (27.82%) ar an bpointe neodrach chomh maith rud a léiríonn nach bhfuil na baill go hiomlán cinnte cé acu is tábhachtaí, cur chun cinn na Gaeilge nó cluichí na mban.

Cuireann an céatadán Aontú árd den sampla Gaeltachta ar Cheist 2, maidir le cur chun cinn na Gaeilge mar aidhm bhreise (65.71%), leis an méid a dearbhaíodh thuas maidir leis an gá le polasaí teanga don Ghaeltacht amháin.

Easaontas amháin idir pholasaí scríobhtha agus dearcadh an t-Ard Oifigeach ar Leibhéal 1 a tugadh faoi deara ná go molann na ráitis i leith na Gaeilge i gcáipéisí an CLG cur chun cinn na Gaeilge i gcomhthéacs príomhaidhm na heagraíochta – ‘sé sin tríd na cluichí Gaelacha agus le linn imeachtaí an CLG (Féach Plean Stráitéiseach (2002) ar lch 24). Pléann an Oifigeach seo cur chun

cinn na Gaeilge mar rud faoi leith, a thagann ina dhiaidh ar chur chun cinn spórt dúchasach seachas in éineacht leis.

Ní mór an dearcadh seo a athrú, má tá an CLG chun ról gníomhach a ghlacadh i bPleanáil Teanga. Tuigtear go gcaithfidh an eagraíocht leanacht ar aghaidh leis an bhforbairt iontach atá dhá dhéanamh acu ar spórt dúchasach, ach más féidir feidhm na Gaeilge a fhorbairt san eagraíocht, go neamhfhoirmiúil (mar shampla craoladh na gluichí, fógraí ag cluichí srl) agus go foirmiúil (mar shampla i dtraenáil na bpáistí), ní gá go mbeadh iomaíocht ar bith idir príomhaidhm na heagraíochta agus aidhm na Gaeilge.

5.4.1 Ceisteanna na Pleanála Teanga

Na ceisteanna pleanála teanga a bhí faoi staidéar sa chuid seo den taighde ná;

1. An bhfuil aontú i measc na ball maidir leis na haidhmeanna teanga?
2. An léiríonn polasaí teanga an CLG luachanna na mball?

Léiríonn an staidéar seo go bhfuil, ar an bhformhór, aontú maidir leis na haidhmeanna teanga ach go bhfuil tábhacht na haidhmeanna teanga níos soiléire sa Ghaeltacht nó sa neamhGhaeltacht. Tá an ‘whole-hearted agreement’ a phléigh Fishman (1991) níos so-fheicthe sna cumainn Gaeltachta agus dá bhrí seo, creidim go bhfuil gá go mbeadh iarrachtaí pleanála teanga (RLS efforts) dírithe ar na cumainn seo mar thús pointe.

‘Sé an spórt Gaelach príomhaidhm na heagraíochta agus an príomhluach atá ag na baill, de réir na torthaí. Léiríodh go bhfuil luach ag baint leis an teanga agus an chultúr do formhór na mball chomh maith ach nach bhfuil luachanna eile a ainmníodh sna haidhmeanna, mar shampla go dtugfar tacaíocht don TÉ, chomh tábhachtach sin do na baill.

Dearbhaíonn Fishman (2001) go gcuirtear polasaí teanga i bhfeidhm nuair a léiríonn an polasaí luachanna na mbaill. “Language policy is always enforced in accordance with the values and conventions of the culture within which it exists.” (159) (Tábla 3.3 thuas) Ceistíodh tuiscint na mball ar na haidhmeanna oifigiúla teanga sa chuid seo den taighde agus cruthaíodh go bhfuil tuiscint i measc na mbaill ar luach aidhm na Gaeilge ach go bhfuil an tuiscint seo níos láidre sa Ghaeltacht.

Cruthaíodh go bhfuil gá an polasaí a leasú chun luachanna agus tuairimí na mball a léiriú. Moltar tosnú sa Ghaeltacht leis an bpolasaí teanga leasaithe agus forbairt a dhéanamh ar an bPleanáil Teanga sna cumainn Gaeltachta ar dtús.

Caibidil a Sé

CONCLÚID

6.1 Léargas ar an dTaighde

Sa staidéar seo, rinneadh ainilís ar ról an Chumann Lúthchleas Gael i bPleanáil Teanga. Aimsíodh príomhcheist amháin agus dhá fo-cheist a bhí riachtanach chun an t-eolas a nochtú a thabharfadh léargas d'fheiliúnacht an CLG i bPleanáil Teanga na Gaeilge. Bhain an phríomhcheist taighde leis na difríochtaí idir chleachtas agus polasaí teanga an CLG. 'Sé bunús na ceiste sin ná go bhfuil sé mar aidhm oifigiúil ag an gCLG an teanga agus an chultúr a chur chun cinn; "to actively support the Irish Language". (Treoirínte Oifigiúla CLG) Tugann an aidhm seo fáth le polasaí teanga agus gá le cleachtas teanga.

Bíonn difríochtaí idir chleachtas agus polasaí in eagraíocht nó comhlacht ar bith agus feictear go bhfuil seo amhlaidh freisin sa CLG. Níor pléadh an cheist seo chun saothar in aisce a scríobh maidir le comhlíonadh rialacha, ach chun polasaí agus cleachtas teanga na heagraíochta agus a bhfeiliúnacht i bPleanáil Teanga a mheas.


Baineann na príomhdifríochtaí idir pholasaí agus cleachtas teanga an CLG le polasaí nach bhfuil 'éigeantach' san eagraíocht agus a mholann go gcaitheadar go maith leis an dteanga ar leibhéal an Chumann Áitiúil, áit nach mbíonn an scil nó an cumas é seo a dhéanamh go minic. Léiríodh dea-thoil na mball, chomh maith le droch-chleachtas na gcumann, sna tuairimí agus moltaí maidir le cleachtas teanga; go mbeadh ranganna teanga, ranganna damhsa, scór, ceilithe srl ar siúl sa chumann. Moltar iad ar fad sa pholasaí ach ní dhéantar iad.

An laigeacht is mó a aimsíodh sa pholasaí teanga ná nach bhfuil na moltaí réadúil don neamhGhaeltacht. Tá ós cionn fiche moladh tugtha faoin dteideal 'Gaeilge mar theanga chaidrimh sa Chlub' agus deich gcinn faoin dteideal 'An Ghaeilge mar theanga chaidrimh ar Pháirc na hImeartha'. Ní féidir go mbeadh an Ghaeilge mar theanga chaidrimh ar formhór de na páirceanna imeartha mar níl cumas labhairt na teanga ag na baill. Líon 6.6% de na bhfreagróirí ón sampla neamhGhaeltachta an leagan Gaeilge den gceistneoir, rud a léiríonn easpa cumais agus easpa misnigh in úsáid na teanga.

Léiríodh dearcadh dearfach i leith na teanga agus deá-thoil í a chur chun cinn san eagraíocht ó thorthaí na gceistneoirí. Is léir nach bhfuil na baill cinnte go

bhfuil barr na heagraíochta ag tabhairt tacaíocht don teanga ach aontaíonn a bhformhór go mba cheart dóibh é sin a dhéanamh. Féach Figiúr 5.1.

Figiúr 6.1: Torthaí na gCeisteanna a léiríonn an difríocht idir chleachtas teanga an CLG agus meon baill CLG




Thug torthaí na gceistneoirí, agus an méid eolais a bailíodh ó na leibhéil eile, le fios go bhfuil suim ag baill CLG sa teanga agus sa chultúr agus muna dtugtar tacaíocht ‘gníomhach’ dí san eagraíocht (mar a mholtar san aidhm oifigiúil) is easpa ama, easpa saineolais agus easpa tacaíochta is cúis leis seo. Tá aidhmeanna fad-téarmacha leagtha amach sa Phlean Stráitéiseach don dteanga agus don chultúr agus tá ‘Oifigh Cultúrtha’ lárnach i gcur i bhfeidhm na haidhmeanna seo ar leibhéal an Chumainn Áitiúil ach cruthaíodh sa staidéar seo nach bhfuil na hOifigh sin le fáil i bhformhóir de na cumainn.

Léiríodh i moltaí Fishman (1991, 2001), Spolsky (2001) agus Walsh (2004) go bhfuil gá nasc idir an teanga agus an cultúr a threisiú i bpleanáil teanga. Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil an ghnéith cultúrtha den CLG tábhachtach do na baill agus nach eagraíocht spóirt amháin atá ann. Léiríodh, dála an scéil, go bhfuil fírinne an ráiteas ghinearálta níos soiléire i dtorthaí na gceistneoirí sa

sampla Gaeltachta nó mar atá sa sampla neamhGaeltachta; “the promotion of native pastimes becomes part of the full national ideal, which envisages the speaking of our own language, music and dances.” Féach Figiúr 5.2.

Figiúr 6.2: Torthaí na gCeisteanna maidir le suim sa chultúr agus sa teanga



Mar a léiríodh i gCaibidil 4, níor aimsíodh dearcadh diúltach i leith na teanga sna cumainn neamhGaeltachta ach easpa muiníne agus neamhchinnteacht ar chonas na teanga a chur chun cinn.

I gcomhthéacs na Pleanála Teanga agus ag tarraingt ar aiseolas atá fáighte le linn an staidéar seo, is léir don taighdeoir go bhfuil ath-bhreithniú ar pholasaí agus ar chleachtas teanga ag teastáil, i gcomhpháirtíocht le eagraíochtaí eile, má tá an CLG chun aidhm 4(a) a chur i bhfeidhm go hiomlán; ‘sé sin go dtabharfar tacaíocht gníomhach don teanga (Aidhmeanna Oifigiúla an CLG, ar líne). Molann Fishman (2001) feidhmeanna a thabhairt don teanga agus nascanna a chruthú idir na feidhmeanna teanga chun go mbeadh na huirlisí agus an háiseanna teanga ar fad dhá úsáid; “in order to derive the maximal benefit from their relatively weak resource base and unfavourable resource competitive setting” (Fishman, 2001:14). Tuigtear gur eagraíocht spóirt é an CLG agus ní féidir díriú go hiomlán ar fheachtas teanga ann, ach is eagraíocht cultúrtha é chomh maith agus tugtar deis iontach nascanna a threisiú idir spóirt, teanga agus cultúr.

Cruthaíodh go bhfuil feidhm cinnte ag an nGaeilge in imeachtaí an CLG sa Ghaeltacht agus go bhfuil feidhm scríobhtha ag an dteanga sa neamhGhaeltacht, cé go bhfuil an feidhm labhartha níos laige. Eascraíonn moltaí an taighde seo ó na sonraí a bailíodh ó bhaill an CLG le linn an taighde, tuairimí na mbaill agus an cúlra a thugann litríocht na pleanála teanga.

6.2 Moltaí

Déantar príomhmoltaí an taighde a phlé.

1. Laigeachtaí sa pholasaí

Cruthaíodh:

Tá formhór an pholasaí atá dírithe ar an gCumann Áitiúil mí-réadúil. Níl na háiseanna, an t-am nó an cumas teanga an Ghaeilge a chur chun cinn mar a mholtar sna cáipéisí ar Aguisín 1 agus Tábla 4.1.

Moltar:

Moltar ath-bhreithniú a dhéanamh ar pholasaí teanga sa neamhGhaeltacht. Ní mór don gCLG nascanna a chruthú le eagraíochtaí Gaeilge agus leis an earnáil phoiblí agus ní mór go ndéantar eolas agus aidhmeanna maidir le cur chun cinn na teanga a roinnt. Ba leor cúig phríomhaidhm i rith na bliana, ach iad seo a fhorbairt, le cabhair ó na heagraíochtaí eile. Samplaí d'aidhmeanna ná;

1. Go mbeadh iarrachtaí déanta an Ghaeilge a úsáid ag traenáil na bpáistí.
2. Go mbeadh 'Lá Gaelach' amháin ina n-imrítear comórtas seachtar-an-taobh ag úsáid na Gaeilge (ba cheart go mbeadh deis ag chaipitín na mbuaiteoirí an corn a ghlacadh sa mhodh oifigiúil!).
3. Go mbeadh cuireadh tugtha d'Imreoir Sinsearach Chondae nó iar-Imreoir le cumas sa Ghaeilge ag an gCumann chun labhairt leis na bpáistí.
4. Go mbeadh ainmneacha na bpáistí i nGaeilge agus go mbeadh siad ar eolas acu.
5. Go mbeadh comharthaí soiléir i nGaeilge le feiceáil in ionaid an chumainn; páirceanna, seomraí feistis srl.

Mura bhfuil an saineolas sa chlub sprioc faoi leith a chur i bhfeidhm, ba cheart go dtabharfaí tacaíocht dóibh. Mar shampla, más rud é nach bhfuil duine ar bith le

Gaeilge a úsáid ag na seisiúin traenála, d'fhéadfadh go dtabharfadh eagraíocht Gaeilge agus an eagraíocht náisiúnta tacaíocht don chlub duine a fháil, b'fhéidir uair sa mhí ar tháille. Bheadh na bainisteoirí ag foghlaim uaidh an duine seo agus ní bheadh sé/sí ag teastáil ach le blian nó dhó. Bheadh lucht an chumainn in ann leanacht ar aghaidh leis na scileanna a mhúineadh as Gaeilge ina dhiaidh sin.

Mhol Oifigeach C&T amháin go mbeadh comhpháirtíocht idir CLG agus an earnáil phoiblí. Más rud é go bhfuil ranganna Gaeilge ar siúl ag údarás áitiúil nó comhlacht poiblí, agus go bhfuil éileamh ranganna sa chumann CLG, d'fhéadfaí an buiséad a roinnt agus na ranganna a bheith oscailte do bhail CLG.

2. Easpa Oifigigh Cultúr agus Teanga sa Chumann Áitiúil

Cruthaíodh:

Tá Oifigeach C&T gníomhach i ngach Chondae ach níl i ngach Cumann áitiúil. Baineann cur i bhfeidhm formhór na haidhmeanna agus spriocanna teanga le dualgaisí na hOifigigh Teanga agus mura bhfuil duine ann ag leibhéal an chumainn, ní chuirtear i bhfeidhm iad.

Moltar:

Feictear dhá bhealach thart ar seo;

Más rud é go bhfuil Oifigeach Gaeilge ar leibhéal an chumainn ag teastáil, ba cheart don CLG an ról a phoibliú agus daoine a mhealladh ón gceantar nach bhfuil sa CLG ach go bhfuil spéis agus cumas acu sa teanga. Ba cheart dualgaisí Scór agus na dualgaisí teanga a scaradh óna chéile sa chás nach bhfuil Gaeilge ag an t-é atá i mbun cúrsaí Scór. An príomhrud ná go bhfuil labhairt na Gaeilge ag duine amháin ar an gCoiste le go mbeadh sé/sí in ann cóibriú le Oifigigh eile agus le eagraíochtaí Gaeilge.

Má tá sé soiléar nach bhfuil duine atá toilteanach nó in ann an teanga a chur chun cinn ag leibhéal an chumainn áitiúil, ní mór go mbeadh Oifigeach C&T de chuid an Chondae fostaithe go lánaimseartha. Bheadh sé/sí ag obair le eagraíochtaí Gaeilge, le eagraíochtaí phoiblí agus leis na cumainn áitiúil thart timpeall an Chondae chun na haidhmeanna teanga a chur chun cinn. Caithfidh na cumainn áitiúil páirt gníomhach éigin a ghlacadh i bpleanáil teanga, más rud go ndéanfar go héifeachtach é sa CLG.

Ní mór do na heagraíochtaí Gaeilge plean a aontú leis an gCLG agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh aidhmeanna an phleain a chur i bhfeidhm.

3. Deontaisí ó eagraíochtaí na Gaeilge

Cruthaíodh: Sa Ghaeltacht, cuirtear coinníollacha teanga ar chumainn nó Boird na gCondaethe nuair atá deontaisí airgid nó urraíocht fáighte acu ó Údarás na Gaeltachta nó í eagraíochtaí Gaeilge. Caithfear claoí leis na coinníollacha seo agus cinntítear caighdeáin Gaeilge dá bharr.

Moltar:

Moltar go mbeadh an CLG, i gcomhpháirtnéireacht leis na heagraíochtaí Gaeilge, sásta urraíocht a chur ar fáil do na cumainn a chomhlíonann coinníollacha atá leagtha síos chun caighdeáin réasúnta árd Gaeilge a sholáthar. Bheadh níos mó ná ‘cur i gcéill’ i gceist agus d’fheadfaí comórtais a bhunú air.

Ba cheart go mbeadh na cumainn neamhGhaeltachta i dteideal urraíocht do champaí agus scór chomh maith leis na cumainn Gaeltachta, má cinntítear úsáid na Gaeilge.

4. Idirdealú sa pholasaí ag teastáil idir an Ghaeltacht agus an neamhGhaeltacht

Cruthaíodh:

Ní dhéanann polasaí an CLG idirdhealú idir na ceantair Gaeltachta agus na ceantair neamhGhaeltachta.

Tá feidhm níos láidre ag an nGaeilge sna ceantair Gaeltachta sa CLG. Feictear níos mó suim sa Ghaeilge sa Ghaeltacht (75.71% i gcomparáid le 31.11% sa neamhGhaeltacht) agus toil níos mó a bheith páirteach i bhfeachtas cur chun cinn na teanga, (82.55% i gcomparáid le 57.77%) sa neamhGhaeltacht.

Tá muintir na Gaeltachta ag súil le caighdeán níos airde de chleachtas teanga agus tá an cumas agus an scil ann é sin a sholáthar.

Moltar:

Moltar go mbeadh polasaí faoi leith aontaithe ag an gCLG ar chur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht. Cuireann sé seo leis an méid atá molta sa Staidéar Chuimsitheach i dtaobh “na gréasáin phobail a bhaineann leis na daoine óga”

mar shampla “na heagraíochtaí spóirt agus na struchtúir tacaíochta óige” a pléadh ar leathanach 26. Tá feidhm faoi leith ag na ceantair Gaeltachta in athbheochan na Gaeilge in Éirinn agus caithfear áiseanna a dhíriú ar na ceantair seo chun an teanga a chaomhnú.

Bheadh polasaí teanga níos chuimsithí ag teastáil sna ceantair Gaeltachta chun cur chun cinn na teanga a chinntiú agus chun go dtreiseofaí an nasc teanga idir baile-clann-comharsanacht agus pobal (Fishman, 1991) in imeachtaí an CLG. Moltar go mbeadh baint ag na hOifigigh ar fad ar choistí na cumainn Gaeltachta le cur i bhfeidhm an pholasaí agus go dtuigfeadh na baill uilig – idir óg agus aosta – an gá go ndéanfaí forbairt ar an gcumann mar ‘institiúid’ ina bhfuil feidhm ag an teanga.

5. Ní leor go mbeadh ról ‘siombalach’ ag an nGaeilge sa CLG

Cruthaíodh:

Cuirtear tábhacht ag barr na heagraíochta ar an ról ‘siombalach’ atá ag an dteanga sa CLG ach ní leor an forbairt ‘siombalach’ do na baill ó na leibhéal eile. Baineann cuid mhaith de chleachtas teanga an CLG le nósanna a eascraíonn ón dtraidisiún, seachas le polasaí teanga agus léiríonn torthaí na gceistneoirí nach leor é seo. Tá na baill ag súil go gcuirfeadh an teanga chun cinn ach níl siad cinnte go ndéantar é. (Níl cur chun cinn na Gaeilge ar an leibhéal náisiúnta soiléar ach ag 47.14% den sampla neamhGaeltachta agus 33.33% den sampla Gaeltachta.)

Moltar:

Tá aidhmeanna agus polasaí struchtúrtha ar an gcaoi a gcaithfeadh leis an nGaeilge ag teastáil ar an leibhéal náisiúnta. Más rud é go dtugfar tacaíocht ‘ghníomhach’ don teanga ní féidir go bhfuil cur chun cinn na teanga fágtha ag Coistí nó daoine faoi leith. Caithfidh go bhfuil tuiscint ag na hOifigigh uilig ag barr na eagraíochta ar ról na Gaeilge san eagraíocht agus chabhródh comhphairtnéireacht le eagraíochtaí Gaeilge é sin a shoiléiriú.

Chun riachtanaisí na cumainn Gaeltachta (ina bhfuil an Ghaeilge mar an chéad teanga) a shásadh, ní mór go mbeadh cáipéisí agus pleananna stráitéiseacha an CLG foilsithe go dhátheangach. Níor cheart go mbeadh ar Oifigigh C&T na haidhmeanna teanga a aistriú.

Dúradh leis an dtaighdeoir go mbeidh suíomh oifigiúil an CLG ag forbairt nasc ‘as Gaeilge’ i mbliana ach go dtí sin, d’fhéadfadh i bhfad níos mó Gaeilge a úsáid go nádúrtha ar an suíomh. Níl fiú teideal na heagraíochta ‘Cumann Lúthchleas Gael’ as Gaeilge ar an suíomh, is ‘GAA’ atá ann. Ba cheart go mbeadh eolas maidir le Comórtas Peile na Gaeltachta ar an suíomh agus d’fhéadfadh na cumainn nósanna cur chun cinn na Gaeilge tríd imeachtaí an CLG a phlé i bhforum. Caithfidh sé a bheith soiléar go bhfuil tacaíocht ghníomhach ann don teanga agus tugann an suíomh oifigiúil deis maith poiblíocht a dhéanamh ar an dteanga san eagraíocht.

6.3 Príomhimpleachtaí na Moltaí

Feictear go bhfuil impleachtaí ag na moltaí thuas don CLG agus d’earnáil na Gaeilge. Tá costas ag baint le feachtas teanga agus chun áiseanna an CLG a dhíriú ar phleanáil teanga, i gcomhpháirtnéireacht le eagraíochtaí na Gaeilge, beidh buiséad bliantúil ag teastáil. Ní mór go n-aontófar an buiséad seo ag barr na heagraíochta agus go ndéanfar pleanáil cúramach le hOifigigh Cultúr agus Teanga de chuid na gCondaethe ar an gcaoi a núsáidfear na háiseanna. Feictear dom go bhfuil gá go dtagann cuid mhaith don bhuiséad ón gCLG mar is príomhaidhm na heagraíochta féin atá dhá cur i bhfeidhm. Léiríonn saothar Fishman an tábhacht atá leis seo: “The most crucial ameliorative steps that are undertaken are and must be those that pro-RLS ‘forces’ can reasonably support and attempt by dent of their own time, funds and devotion.” (Fishman, 1991:111).

Tá áiseanna na hEarnáile Gaeilge dírithe ar chur chun cinn na Gaeilge cheana féin, ach ní mór go dtuigeann na heagraíochtaí Gaeilge tábhacht an có-phairtíocht leis an gCLG agus go ndéantar cinneadh eatarthu maidir le soláthar deontaisí agus urraíocht mar a mholtar thuas.

Impleacht eile don gCLG a d’eascraigh ó thorthaí agus ó mholtaí an staidéair seo ná nach bhfuil stiúr na soiléireacht ag teacht ó bharr na heagraíochta maidir le cur i bhfeidhm aidhm na Gaeilge. Ní mór go mbeadh cur chun cinn na Gaeilge so-fheicthe in imeachtaí na heagraíochta agus ní mór go ndéanfar poiblíocht ar an dteanga ar bhonn náisiúnta. Déantar tagairtí den chultúr agus den oidhreacht i mannaí oifigiúla go minic (m.sh Caib 1, lch 1) ach ní mór an teanga féin a chur i mbéal an phobail le feachtas fógraíochta agus poiblíochta a thabharfadh stádas

don Ghaeilge. Ní buiséad amháin atá ag teastáil do seo ach an toil agus an dúthracht a phléitear i sothair Fishman (1991) thuas; ‘devotion’.

Tá an baol ann nach mbeadh na baill ar fad sásta go mbeadh cúrsaí teanga chomh feiceálach sa CLG ach cruthaíodh sa staidéar seo go bhfuil tacaíocht san eagraíocht don teanga. Ní comhlíonfar ceann d’aidhmeanna oifigiúla an CLG faoi láthair agus caithfear é sin a dhéanamh, in ainneoin tuairimí diúltacha baill faoi leith.

6.4 Conclúid

Tá sé soiléar ón staidéar seo ná go moltar airgead a chaitheamh ar chur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht. Pléann Ó Conchubhair an drogall a bhíonn ar bhaill airgead a chaitheamh ar an teanga de bharr an easpa brabúis a bhaineann leis;

There is little profit for the GAA in promoting Irish, but what profit accrues from promoting hurling in Sligo, football in Kilkenny, camogie in Donegal, handball on Toraigh, anti-racism, sportsmanship or tolerance, or making Croke Park carbon neutral? (Ó Conchubhair, 2009:153).

Tugann fréamhacha an CLG in athbheochan cultúrtha na hÉireann agus dearcadh dearfach na mball a léiríodh sa taighde seo, gan trácht ar aidhmeanna oifigiúla na heagraíochta i leith na teanga agus an chultúir, cúis go ndéanfadh an eagraíocht an méid atá dearbhaithe acu agus tacaíocht a thabhairt don teanga. “The association differs from the FAI and IRFU in that it is rooted in the revival and preservation of Irish culture.” (Ó Conchubhair, 2009:153) Teastaíonn buiséad más rud é go ndéanfar é seo agus teastaíonn ath-phleanáil ar an bpolasaí go núsáidfí an bhuiséad i gceart. Caithfear cur leis na rialacha oifigiúla a sholáthraíonn an páipéarachas i nGaeilge agus forbairt na teanga a chinntiú ar leibhéil uilig na heagraíochta.

Is ábhar bróid don gCLG na fréamhacha as ar fhás sé agus má táthair chun na fréamhacha sin a phoibliú i mannaí oifigiúla (Caibidil 1) atá dírithe ar an nasc idir an eagraíocht agus an chultúr, ní mór go mbeadh fírinneacht na ráitis sin soiléar do na baill uilig. Ní leor an ‘siombalachas’ nó an ‘traidisiún’ i bpleanáil teanga, tá tacaíocht phraiticiúil ag teastáil.

Chomh tábhachtach céanna le buiséad a sholáthar, caithfidh na hOifigigh ag barr na heagraíochta ceannaireacht agus deá-shampla i gcleachtas teanga a léiriú. Tuigtear go mbíonn difríochtaí idir thuairimí na gcathaoirligh nach gcaitheann ach trí bliana sa phost agus go mbíonn sé deacair leanúnachas a bhaint amach, ach má tá caighdeáin cinnte leagtha amach ag barr na heagraíochta chun cur chun cinn na teanga agus treoirlínte dearfacha aontaithe ar chonas é a fhorbairt, déanfar é. Níor cheart go mbraitheann cur i bhfeidhm aidhme ar deá-thoil an chaithaoirligh. Pléadh ‘Plean Gaeilge na Mílaoise’ a foilsíodh faoi stiúr Iar-Chathaoirleach CLG Seosamh Mac Donnacha i gCaibidil 2, plean chuimsitheach i leith cur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht ach plean nár cuireadh i bhfeidhm mar go raibh an iomarca ann i dtaobh forbairt teanga. Sin tuairim na ndaoine a tháinig in dhiaidh Mhic Donnacha. Tá polasaí struchtúrtha a shoiléiríonn ról an CLG i bhforbairt na Gaeilge tríd na himeachtaí atá lárnach don CLG (an spóirt dúchasach) ag teastáil, ionas nach mbeidh cur chun cinn na teanga ag braith ar thuairimí nó ar mheon na ndaoine ag barr na heagraíochta.

Tá ‘an beocht’ agus ‘an spirid’ a phléigh Iar-Chathaoirleach CLG Mícheal Ó Donnacha ag Oireachtas na Gaeilge 1952 fós ag teastáil i 2009. Tá áit léirithe sa staidéar seo do Chumann Lúthchleas Gael mar ‘institiúid’ i bpleanáil teanga ach tá an t-am ag sleamhnú. Tá sonraí bailithe ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus tá na moltaí tugtha i Staidéar Chuimsitheach Teangeolaíoch. Tá an Ghaeilge ar scála Fishman pléite agus tuigtear go bhfuil gá go gcinntítear úsáid na Gaeilge ar Leibhéal 6 (sa chlann agus sa chomharsanacht) más rud é go mbeidh todhchaí ag an nGaeltacht. Tá na sonraí ar fad ann a léiríonn feiliúnacht eagraíocht cultúrtha spóirt (an eagraíocht spóirt is mó sa tír) i bpleanáil teanga ach caithfear é a dhéanamh gan moill.

Living cultures and languages are always changing of course, but language shift is indicative of a culture’s inability to control or significantly influence the rate and direction of its change. (Fishman, 2006: 219)

Tá an Ghaeilge i mbaol agus níl an CLG. Is féidir leis an sochaí an teanga a ‘stiúradh’, mar a mholann Fishman, in imeachtaí na heagraíochta agus is féidir leis an gCLG, le tacaíocht ó eagraíochtaí eile agus ón Stáit, go leor a dhéanamh chun stop a chur le meath na Gaeilge.

Cruthaíodh sa staidéar seo nach bhfuil fréamhacha an CLG in athbheochan na Gaeilge dearmadaithe ag na baill. Táthair fós ag súil go gcuirfeadh an teanga chun cinn. Tugann an Ghaeltacht tús-pointe le cur chun cinn na Gaeilge sa CLG ach

tá formhór na mball a bhí páirteach sa staidéar seo ón neamhghaeltacht chomh maith ag súil le níos mó tacaíochta don Ghaeilge. Is cosúil go dtuigeann lucht CLG fírinne an méid a dhearbhaigh Ó Tuama i 1964 maidir le luach na teanga ach tá pleanáil teanga gníomhach ag teastáil seachas 'bá' má tá an teanga chun teacht slán.

The basic reason for the Irish Revival is simply that the Irish language is our own, our unique characteristic; and not alone that but the only means we know of for saving Ireland as a distinct community. (Ó Tuama, 1964:31)

Leabharliosta:

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Cumann Luthchleas Gael (ar líne) (Rialacha Oifigiúla), ar fáil ó http://www.gaa.ie/files/official_guides/official_guide1_june10.pdf [aisghafa 10ú Meitheamh 2009]

An Cumann Lúthchleas Gael (ar líne) (Rialacha Oifigiúla), ar fáil ó http://www.gaa.ie/files/official_guides/official_guide2_june_10.pdf [aisghafa 10ú Meitheamh 2009]

Ard Oifigeach Chumainn Lúthchleas Gael, 2009. *Agallamh leis an Údar*. 7ú lúil. Baile Átha Cliath

Berg, B., L. 2004. *Qualitative Research Methods for the Social Sciences*. 5ú Eagrán. USA: Pearson.

Blommaert, J. 2006. Language Policy and National Identity. I: Ricento, T. (Eag.) *An introduction to Language Policy: Theory and Method*. UK: Blackwell.

Carroll, A. & Buchholtz, A. 2006, *Business & Society Ethics and Stakeholder Management, 6th Ed*, USA; Thomson South-Western.

Clerkin, D. (2008) *Leadership in the G.A.A.* Coláiste na Cathrach, Baile Átha Cliath: Dick Clerkin.

Club Manual, An Cumann Lúthchleas Gael (ar líne), ar fáil ó http://www.gaa.ie/page/club_manual.html [aisghafa 10ú Meitheamh 2009]

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. [ar líne] ar fáil ag: www.gaelport.com

Corry, E. 2005. *An illustrated history of the G.A.A.* Dublin; Gill and Macmillan.

Davis, T. C. 2003, The Irish and their Nation: A Survey of Recent Attitudes, *The Global Review of Ethnopolitics*. Vol. 2, (No. 2) 17-36

De Búrca, M. 1980. *The GAA: a history*. Dublin, Ireland: Cumann Lúthchleas Gael.

Denscombe, M. 2007. *The Good Research Guide; for small-scale social research projects*. 3ú eag. New York: Open University Press.

Dunbarrach, C. 2007. Hard to find the Gaelic in teh GAA. *Irish Independent*, 3ú Lúnasa 2007.

Cooper, R. L. 1989. *Language Planning and Social Change*. Cambridge: Cambridge University Press.

Fishman, J. 1991. *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters.

Fishman, J. 2001. *Can threatened languages be saved?* Clevedon: Multilingual Matters.

Fishman, J. 2006. *Do not leave your language alone*. New Jersey: Lawrence Erlbaum Publishers.

GAA Strategic Review; Enhancing Community Identity. 2002. An Cumann Lúthchleas Gael. [Ar Líne], ar fáil ó http://www.gaa.ie/files/archives/official_reports/strategic_review_2002_part1.pdf [aisghafa Deireadh Fómhair 2008]

Gaeilge sa chlub, An Cumann Lúthchleas Gael (ar líne), ar fáil ó http://www.gaa.ie/files/pdf/inside_gaeilge_sa_chlub.pdf [aisghafa 10ú Meitheamh 2009]

Higgins, J. 1952. Oireachtas Opening; Language not yet safe, Gaels told. *Irish Independent*, 13ú Deireadh Fómhair, 1952. (ar líne) Ar fáil ó: <http://www.irishnewsarchive.com.remote.library.dcu.ie/Default/Skins/INA/Client.asp?Skin=INA&enter=true&AppName=2&AW=1250513600361> [aisghafa Bealtaine 2009]

Hussey, J. & Hussey, R. 1997, *Business Research: A practical guide for undergraduate and postgraduate students*. London: Mac Millan Press

Lyons, F. S. L. 1971. *Ireland since the famine*. London: Weidenfeld & Nicolson.

Mac Donnacha, J. 2000. An Integrated Language Planning Model. *Language Problems and Language Planning* 24 (1).

May, S., Modood, T. & Squires, J. (Eag) 2004. *Ethnicity, nationalism and minority rights*. Cambridge: Cambridge University Press.

Ó Croidheáin, C. 2006. *Language from Below: The Irish Language, Ideology and Power in 20th Century Ireland*. Bern: Peter Lang.

Ó Conchubhair, B. 2009. The GAA and the Irish Language. I: Cronin, M., Murphy, W., & Rouse, P. *The Gaelic Athletic Association 1884-2009*. Dublin: Irish Academic Press.

Ó Doibhlin, B. 2004. *An Aimsir Óg, Cosaint na Daonnachta*, Baile Átha Cliath, Coiscéim.

Oifigigh Cultúr agus Teanga, (Cúige Chonnachta, Cúige Uladh, Cúige Laighean, Cúige Mumhan), 2009. *Agallaimh leis an údar*. Iúil/Lúnasa 2009.

Ó Riagáin, P. 2001. Irish Language Production and Reproduction 1981-1996. I: Fishman, J. (eag.) *Can threatened languages be saved?* Clevedon: Multilingual Matters.

Ó Tuama, C. 1964. *The Facts about Irish*. Corcaigh: ACP

Plean Gníomhaíochta don Ghaeilge, 1983-1986. Baile Átha Cliath: Bord na Gaeilge

Príomhoifig Staidrimh. Census 2002: Irish Language [Ar-Líne]. Ar fáil ag: <http://www.cso.ie/census/Vol11.htm> [Aisghafa Deireadh Fómhair 2008]

Príomhoifig Staidrimh. Census 2006:#75647 [Ar-Line]. Ar fáil ag: http://www.cso.ie/census/census2006_volume9.htm [Aisghafa Deireadh Fómhair 2008]

Puirseál, P. 1982. *The G.A.A. in its time*. Baile Átha Cliath: Clann Uí Phuirséail.

Romaine, S. 2000. *Language in Society: an introduction to sociolinguistics*. Dara eagrán. Oxford: Oxford University Press.

Rouse, P. 2004. GAA: Fianna go brách. *Village* 12ú Deireadh Fómhair. (ar líne) ar fáil ó http://www.village.ie/index.php?Itemid=99999999&limit=50&limitstart=50&option=com_search&ordering=oldest&searchphrase=any&searchword=ireland [aisghafa Márta 2009]

Spolsky, B. J. 1991. Hebrew language vitalization within a general theory of second language learning. I: Spolsky, B. J. & Cooper, B. *The Influence of Language on Culture and thought; Essays in Honor of Joshua A. Fishman's sixty-fifth Birthday*. New York: Mouten de Gruyter.

Spolsky, B. & Shohamy, E. 2001. Hebrew After a Century of RLS Efforts. I: Fishman, J. (eag.) *Can threatened languages be saved?* Clevedon: Multilingual Matters.

Staidéar Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, Príomhtátaí agus Moltaí. 2007. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Suíomh UNESCO. [ar líne]. Ar fáil ó: <http://www.unesco.org/culture/ich/index.php?pg=00206> [aisghafa 10ú Bealtaine 2009]

The GAA Strategic Vision and Action Plan 2009-2015, An Cumann Luthchleas Gael (ar líne), ar fáil ó http://www.gaa.ie/files/gaa_strategy_2009-2015.pdf [aisghafa 10ú Meitheamh 2009]

Walsh, J. 2004. *An teanga, an cultur agus an fhorbairt: Cás an Gaeilge agus cás na hÉireann. An Aimsir óg*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Youngman, M. B. 1978. *Rediguide 12 – Designing and Analysing Questionnaires*. National University School of Education: England.

Aquisín 1

Treoirlíte d'Oifigigh Cultúr agus Teanga a thugtar sa cháipéis Gaeilge sa Chlub:

1. Atmaisféar Gaeilge a Chothú sa Chlub (Is seicliosta an cuid seo agus moltar don Oifigeach C&T tacaíocht a lorg ó oifigigh eile chun féachaint go bhfuil na nithe thíos as Gaeilge 'oiread agus is féidir'.)	2. An Ghaeilge mar Theanga Chaidrimh sa Chlub (Is modhanna iad seo chun an aidhm thuas a bhaint amach)	3. An Ghaeilge a chur chun cinn in Imeachtaí sóisialta eile lasmuigh de Chluichí agus Scór (Is modhanna iad seo chun an aidhm thuas a bhaint amach)	4. An Ghaeilge mar Theanga Chaidrimh ar Pháirc na hImeartha (Is modhanna iad seo chun an aidhm thuas a bhaint amach)
1. Ainm Oifigiúil an Chumainn i nGaeilge.	1. Na baill le Gaeilge nó le spéis sa Ghaeilge a aithint.	1. Tacaíocht an chlub uile a fháil do phleananna Coiste Gaeilge an chlub.	1. Na himreoirí uile sa chlub a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu a aithint.
2. Páipéarachas an chumainn le hainmneacha na n-oifigeach as Gaeilge.	2. An teanga a labhairt i gcónaí leo siúd a bhfuil sí acu.	2. Comhoibriú a fháil ó eagrais chultúrtha/teanga ina gcuid imeachtaí.	2. Na himreoirí uile sa chlub a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge a aithint agus ócáidí foghlama a chur ar fáil dóibh.
3. Ainm an chumainn ar bhrat oifigiúil 9 tr.x 4tr. I nGaeilge.	3. Coiste beag a bhunú ar mhaithe le forbairt na Gaeilge sa chlub.	3. Eolas a fháil ó Oifigeach Gaeilge an Chonrae faoi na himeachtaí atá á n-eagrú aige/aici.	3. Iarradh ar bhainsteoirí/traenáilaithe roinnt Gaeilge a úsáid le linn seisiún traenála.(cúlbaire, lár na pairce srl.)
4. Clárú na n-imreoirí agus na mball i nGaeilge.	4. Éileamh ar ranganna Gaeilge a mheas. Rang a chur ar fáil má tá suim ag dáréag.	4. Tráth na gCeisteanna a eagrú do bhaill an chlub.	4. Comórtas 'Seachtar-an-taobh' a eagrú do Ghaeilgeoirí an chlub.
5. Ainm an chumainn ar mhálaí, ar gheansaithe agus ar aon chultacha as Gaeilge.	5. Mura bhfuil dáréag,téigh i gcomhairle leis an Oifigeach Gaeilge sa chontae socrú a dhéanamh le club eile sa cheantar.	5. Díospóireachtaí a eagrú do bhaill an club.	5. Cluichí a imirt le clubanna ón nGaeltacht.

6. Cártaí ballraíochta a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.	6. Ócáidí foghlama neamhfhoirmiúla a reachtáil go rialta d'oifigigh agus do bhaill an chlub. (Moltar 15,17,18,19,20 a úsáid mar ábhar don mholadh seo.)	6. Dráma a léiriú le haisteoirí ón gclub.	6. Dul i gcomhairle le múinteoirí Gaeilge agus iarradh orthu cluichí trí Ghaeilge a chur ar bun.
7. Seicleabhar as Gaeilge.	7. Cuspóir chinnte a bheith ag na ranganna agus ag na hócáidí foghlama.	7. Tráth na gCeisteanna idirclubanna agus/nó eagrais eile a eagrú.	7. Comórtas a mholadh do mhúinteoirí do na Gaeilgeoirí óga agus urraíocht a chur ar fáil do thrófaithe.
8. Fógraí chuig imreoirí faoi chluichí a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.	8. Iarracht a dhéanamh na ranganna/ócáidí foghlama a bheith ar siúl go leanúnach ag tréimhsí áraithe gach bliain.	8. Eolas a fháil ó Oifigeach Ghaeilge chlubanna eile faoi na himeachtaí atá á n-eagrú acu agus a bheith sásta páirt a ghlacadh.	8. Bainisteoir foirne a cheapadh go bhfuil Gaeilge aige nó aici.
9. Ainm na páirce i nGaeilge.	9. É a bheith mar nós ag na ranganna agus ag na hócáidí foghlama seo gnáthchúrsaí CLG a phlé chomh maith le cúrsaí eile.	9. Diospóireachtaí idirclubanna agus/nó eagrais eile.	9. Bíodh ballraíocht i gComórtas Peile na Gaeltachta mar sprioc fadréimhseach ag an gClub.
10. An scórchlár i nGaeilge.	10. Tacaíocht a thabhairt dóibh siúd le beagán Gaeilge.	10. Múinteoir amhránaíochta a fháil chun amhráin as Gaeilge a mhúineadh do bhaill an chlub.	10. Oiliúnaithe le scileanna peile a mhúineadh trí Ghaeilge a úsáid sna scoileanna.
11. Comharthaíocht Gaeilge ar na seomraí feistis, leithris agus seomra an réiteora.	11. Beannachtaí agus nathanna cainte Gaeilge a úsáid leis na hoifigigh agus leis na baill.	11. Múinteoir ceoil a fháil chun ceol Gaelach a mhúineadh sa chlub.	
12. Inscríbhinní ar bhoinn agus ar thrófaithe as Gaeilge.	12. Iarradh ar oifigigh agus baill leagan Gaeilge a n-ainmneacha a úsáid.	12. Céilithe curtha i láthair i nGaeilge.	
13. Ticéad le haighaidh feachtais airgid, imeachtaí sóisialta a bheith i nGaeilge ná	13. Iarracht a dhéanamh an dátheangachas a spreagadh agus atmaisféar dhátheangach a	13. Ag forbairt ó moltaí 10-13, scoraíocht trí Ghaeilge a chur ar siúl.	

dhátheangach.	chothú ag cruinnithe.		
14. Póstaeirí do chluichí agus d'ócáidí sóisialta a bheith i nGaeilge nó dhátheangach.	14. Iarracht a dhéanamh gnó éigin ar chlár an chruinnithe a phlé trí Ghaeilge amháin.	14. Iarraidh ar na scoileanna i gceantar an chlub díospóireachtaí agus/nó tráth na gceisteanna agus/nó drámaí a chur ar fáil.	
15. Nótaí club ón Oifigeach Caidrimh Poiblí chuid na nuachtáin a bheith dhátheangach.	15. Iomaitheoirí i Scór Sinsear agus Scór na nÓg a spreagadh le Gaeilge a úsáid sna comórtais.	15. Comórtas aistí agus/nó ealaíona a eagrú le comhoibriú ó na scoileanna.	
16. Liosta ainmneacha na gclubanna eile sa chonradh a beith ar fáil don rúnaí as Gaeilge.	16. Fear/Bean an Tí le Gaeilge a roghnú do 'Scór Sinsear' agus 'Scór na nÓg'.	16. Comhoibriú le heagrais eile chun naíonraí agus Gaelscoileanna a bhunú.	
17. Úsáid a bhaint as an dátheangachas ar an gclár do chluichí.	17. Gaeilge a labhairt ag ócáidí bronnta duaiseanna/boinn agus ag ócáidí sóisialta eile.	17. Scéim Scoláireachta chun na Gaeltachta a reachtáil le hurraíocht ón gclub.	
18. Nuachtlitir a bheith dátheangach.	18. Gaeilge a labhairt chun cuairteoirí a fháiltiú agus ag fágáil slán leo.	18. An Fáinne a bhronnadh ar bhaill an chlub.	
19. Comhfhreagras ón gclub a bheith dhátheangach (agus trí Gaeilge amháin sa Ghaeltacht).	19. Iarracht a dhéanamh teagmháil a dhéanamh le club Gaeltachta le go bhféadfadh na clubanna dul ag cuairt chuig a chéile.	19. Imeachtaí eile, (cártaí, gailf, saighead) a eagrú trí Ghaeilge.	
20. Alt ar leith maidir le stádas na teanga agus gnéithe eile an chultúir a bheith i mbunreacht an chluib.	20. Oíche shóisialta Ghaeltach a chur ar bun tar éis cluichí.		
21. Clár cruinnithe dhátheangach.	21. Duine óg a cheapadh mar Oifigeach Óige Gaeilge le breathnú i ndiaidh cur chun cinn		

	na Gaeilge i measc na n-óg.		
22. Tuarascáil bhliantúil an rúnaí agus an chisteora a bheith dhátheangach.	22. Seachtain na Gaeilge a eagrú gach bliain.		
23. Bliániris nó stair an chluib a bheith dátheangach.			
24. Fógraí chuig an nuachtáin faoi chluichí nó faoi ócáidí sóisialta a bheith i nGaeilge nó dátheangach.			

Aquisín 2

Rialacha Oifigiúla an Chumainn Lúthchleas Gael i Leith na Gaeilge.

<u>Rial:</u>	<u>Ábhar:</u>
10 (a) (b) (c) (d) (e)	Go mbeadh an méid seo leanas i nGaeilge ar cháipéisí teagmhála a thagann ón gCumann; Ainm an chumainn/coiste. Síniú an té a chuireann an litir. Ainm agus seoladh an seolaí (sa litir agus ar an gclúdach). Foilsíú nó sínithe ar seicleabhair. Ainmnithe na nimreoirí uilig agus síniú an rúnaí ar liosta oifigiúil na gcluichí. Féach Eiscíochtaí
19 (a)	Go gcuireadh Cláraritheoir an Chumainn trí chóip Gaeilge de chláracha na foirne chuig Rúnaí an Chondae. Féach Eiscíochtaí
25	Go mbeadh ainm Gaeilge ar an gCumann.
50	Go mbeadh toghchán bhliantúil ag Coinbhinsiún an Chondae chun oifigigh an Chondae a thogh, ina measc; Oifigeach Cultúr agus Gaeilge. (Officer for Irish Language and Culture)
100 (d)	Go mbeadh síniú ar fhógra nó ríomhphost a chuirtear.

(Treoirínte Oifigiúla An Chumainn Lúthchleas Gael, Cuid 1, ar fáil ar líne)

Eiscíochtaí faoi Rialacha 10 agus 19:

1. Tugtar deis don gCumann agóid ná frithagóid a cheartú i gás Riall 10 i tréimhse ama éigin, roimh na cáipéisí a rialú as ord.
2. Sa chás go bhfuil sloinne neamhchoitianta i gceist ná nuair atá cúpla leagan Gaeilge ar an ainm, ceadáifear an leagan Béarla.
3. Nuair nach bhfuil leagan Gaeilge ar bith ar ainm.
4. Ceadáifear ainmneacha béarla ar thuarascáileacha an réiteora.

Aquisín 3

Ceistneoir do bhaill Cumann Lúthchleas Gael

Táim buíoch go bhfuil tú sásta an ceistneoir seo a líonadh. Tógfaidh sé deich nóiméad ar a mhéid. Táim ag bailliú eolais ar chur chun cinn na Gaeilge sa Chumann Lúthchleas Gael agus beidh na tuairimí a eascraíonn ón gceistneoir seo fíor-úsáideach.

Cúlra

Cur tic sa bhosca (nó boscaí) a léiríonn an páirt a ghlacann tú sa Chumann Lúthchleas Gael:

Imreoir Peil	<input type="checkbox"/>	Imreoir Camógaíochta	<input type="checkbox"/>
Imreoir Iománaíochta	<input type="checkbox"/>	Bainistíocht	<input type="checkbox"/>
Lucht Tacaíochta	<input type="checkbox"/>	Baill de Choiste	<input type="checkbox"/>

Aois grúpa: Cur tic sa bhosca a léiríonn d'aois grúpa.

16-20 21-35 36-50 50-65 66+

Inscne:

Fireann Baineann

I gCuid a hAon agus Cuid a Dó den gceistneoir, beidh ráitis le léamh. Le do thoil, cuir in iúl do thuairim maidir le gach ráiteas trí pé uimhir a léiríonn chomh fada is a aontaíonn nó a easantaíonn tú leis an ráiteas a chiorclú. Seo a leanas an brí atá le gach uimhir;

Easaontú Láidir	Easaontú	Neodrach/Níl a fhios agam	Aontú	Aontú Láidir
1	2	3	4	5

'Sé do thuairim féin ar an ábhar atá ag teastáil agus ní mór an uimhir a léiríonn do thuairimí agus tuiscint a roghnú. Níl freagra ar bith ceart nó mícheart, is léiriú pearsanta atá i gceist.

Ráiteas Samplach:

Tá saol níos fearr ag muintir na tuaithe ná mar atá ag muintir na cathrach.

1 2 3 4 5

Beidh tuairimí éagsúla ag daoine éagsúla. Cuireann an uimhir a chiorclaíonn tú do bhraistint féin in iúl bunaithe ar do thaithí ar an ábhar. Ná ciorclaigh ach ceann amháin de na cúig rogha le do thoil.

Easaontú Láidir	Easaontú	Neodrach/Níl a fhios agam	Aontú	Aontú Láidir
1	2	3	4	5

Cuid a hAon

Cumann Lúthchleas Gael: an eagraíocht náisiúnta

1. Is é príomhaidhm an Chumainn Lúthchleas Gael an spórt dúchasach a chur chun cinn.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

2. Tá cur chun cinn na Gaeilge mar aidhm breise ag an gCumann Lúthchleas Gael.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

3. Tá cur chun cinn na Gaeilge le feicéail in imeachtaí an Chumainn Lúthchleas Gael.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

4. Níor cheart go mbeadh baint ar bith ag an gCumann Lúthchleas Gael le cur chun cinn na Gaeilge.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

5. Bhí cur chun cinn na Gaeilge níos tábhachtaí san eagraíocht san am atá caite nó mar atá sé inniú.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

6. Tá 'Scór na nÓg' agus 'Scór Sinsir' tábhachtach mar imeachtaí bhliantúla sa Chumainn Lúthchleas Gael.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

7. Tá sé mar aidhm oifigiúil ag an gCumann Lúthchleas Gael tacaíocht a thabhairt do thionscadal Éireannach i gceannacht earraí.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

8. Tugann an Cumann Lúthchleas Gael dóthain tacaíochta do thionscadal Éireannach i gceannacht earraí.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

9. Tá sé mar aidhm oifigiúil ag an gCumann Lúthchleas Gael tacaíocht a thabhairt do chamógaíocht agus do pheil na mban.

1	2	3	4	5
---	---	---	---	---

10. Tugann an Cumann Lúthchleas Gael dóthain tacaíochta do chamógaíocht agus do pheil na mban.

1 2 3 4 5

11. Tá cur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht chomh tábhachtach céanna le tacaíocht a thabhairt do thionscadal Éireannach.

1 2 3 4 5

12. Tá cur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht chomh tábhachtach céanna le tacaíocht a thabhairt do chamógaíocht agus do pheil na mban.

1 2 3 4 5

13. Tá Oifigeach Teanga nó Oifigeach Cultúr agus Teanga i ngach club chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

1 2 3 4 5

14. Tá ról tábhachtach ag an Oifigeach Cultúr agus Teanga sa Chumann Lúthchleas Gael.

1 2 3 4 5

15. Tá suim ag baill an Chumainn Lúthchleas Gael i dtréithe d'ár gcultúr, seachas an spórt amháin, mar shampla an Ghaeilge agus an ceol traidisiúnta.

1 2 3 4 5

16. D'fhéadfaí an teanga dhúchasach a chur chun cinn ar mhodh dearfach sa Chumann Lúthchleas Gael.

1 2 3 4 5

17. Ní bheadh sé ar leasa an Chumainn Lúthchleas Gael an teanga dúchasach a chur chun cinn.

1 2 3 4 5

18. Bheadh sé ar leasa na Gaeilge tacaíocht a fháil ón gCumann Lúthchleas Gael.

1 2 3 4 5

Má tá tuairimí breise agat ar na modhanna gur féidir an Ghaeilge a chur chun cinn san eagraíocht, ná muna gceapann tú gur chóir go ndéanfaí a leithid, tabhair sonraí led'thoil.

1 2 3 4 5

11. Tá níos mó ná spórt i gceist in imeachtaí an chlub seo.

1 2 3 4 5

12. Is é an iomaíocht spóirt an rud is tábhachtaí sa chlub seo.

1 2 3 4 5

13. Thabharfainn tacaíocht d'fheachtas cur chun cinn na Gaeilge sa chlub.

1 2 3 4 5

14. Ní bheadh mórán tacaíochta d'fheachtas cur chun cinn na Gaeilge sa chlub seo.

1 2 3 4 5

Má tá breis eolais nó tuairimí agat gur mhaith leat cur in iúl, maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa chlub seo, ná muna cheapann tú gur fiú a leithead a dhéanamh, tabhair sonraí le'd thoil.

Míle buíochas as ucht do chuid ama.

Aguisín 4:
Achoimre ar na Cumainn Áitiúil

Na Cumann Gaeltachta:

Cumann Chonnachta A:

Is cumann ina nimirtear peil gaelach é an cumann seo. Bhí imreoirí peil, imreoirí peil na mban agus baill de choistí mar fhreagróirí ar an gceistneoir.

Tá an cumann suite in iarthar Chondae na Gaillimhe agus is ceantair i Limistéir A de réir Moltaí an Staidéar Teangeolaíoch atá ann. Is cumann láidir ó thaobh an iomaíocht spóirt de atá ann agus tá an fhoireann is sinsirí ag iomaíocht ar an leibhéal is airde i gCraobh na Gaillimhe. Tá cheithre fhoireann ar fad idir mhná agus fir fásta ag iomaíocht i sraitheanna agus craobhanna de chuid an Chondae ar leibhéal éagsúla. Tá craobh Shinsir Chomórtas na Peile buaite ag an gCumann seo taobh istigh de chúig blian déag ó shoin agus an cluiche ceannais sroicthe acu taobh istigh de deich mbliana.

Cumann Chonnachta B:

Is cumann ina nimirtear peil gaelach é an cumann seo. Bhí imreoirí peil, imreoirí peil na mban, baill de choistí agus lucht bainistíochta mar fhreagróirí ar an gceistneoir. Tá an cumann suite i dTuisceart Chondae na Gaillimhe, gar go Chondae Mhaigheo. Is paróiste atá ann ina bhfuil cuid de na ceantair i Limistéir B agus cuid eile i Limistéir C, de réir an Staidéar Teangeolaíoch. Tá taobh amháin den bparóiste níos láidre ó thaobh na Gaeilge de nó an taobh eile. Tá an fhoireann is sinsirí de chuid na fir agus na mban ag imirt ar leibhéal Idir Mheánach i sraith Chondae na Gaillimhe.

Cumann na Mumhan:

Is cumann ina nimirtear peil gaelach, iománaíocht agus camógaíochta atá sa chumann seo, atá suite i gCondae Phort Láirge. Bhí freagróirí ó na foirne ar fad, chomh maith le baill de choistí agus lucht bainistíochta clúdaithe sa sampla. Is ceantair i Limistéir B, de réir an Staidéar Teangeolaíoch atá ann, cé go bhfuil imreoirí ó Limistéir C ar na foirne chomh maith.

Tá trí fhoireann peile ar fad (na mná san áireamh), dhá fhoireann iomána agus foireann camógaíochta amháin.

Na Cumainn neamhGhaeltachta

Cumann Bhaile Átha Cliath:

Is cumann suite ar dheisceart na cathrach atá sa chumann seo. Imrítear peil, peil na mban, iománaíocht, camógaíocht agus liathróid láimhe sa chumann seo. Is cumann ollmhór atá ann le breis is seasca fhoireann gníomach, idir pháistí agus daoine fásta. Tá an-fhorbairt déanta ar pháirceanna agus ar ionaid an chumainn agus bíonn 'club Gaelach' do pháistí ar siúl ar an Satharn ann.

Cumann na Laighean:

Imrítear peil, iománaíochta agus camógaíochta sa chumann seo. Tá an cumann suite i mbaile beag i gCondae Loch Garman. Líon imreoirí an dá spóirt, baill de choistí agus lucht bainistíochta na ceistneoirí.

Cumann na Mumhan:

Imrítear peil, iománaíochta agus camógaíochta sa chumann seo. Tá sé suite gar go cumann Gaeltachta na Mumhan. Is é foireann iomána na fir an fhoireann is láidre sa chumann agus déanann an fhoireann sin iomaíocht ar an leibhéal is airde sa Chondae.

Aquisín 5: Feidhmeanna na gCeisteanna

Cuid 1:

Ceist	Cur i bhfeidhm Polasaí Gaeilge	Meon i leith na Gaeilge	Tuiscint ar pholasaí Gaeilge
1			✓
2			✓
3	✓		
4			
5			
6		✓	
7			✓
8		✓	✓
9			✓
10		✓	✓
11		✓	✓
12		✓	✓
13	✓		
14		✓	
15		✓	
16		✓	
17		✓	
18		✓	

Aquisín 6: Feidhmeanna na gCeisteanna:

Cuid a Dó:

Ceist	Cur i bhfeidhm Polasaí Gaeilge	Meon i leith na Gaeilge	Tuiscint ar pholasaí Gaeilge
1			✓
2		✓	✓
3	✓		
4	✓		✓
5			
6	✓		
7	✓		
8		✓	
9	✓		
10		✓	
11		✓	
12		✓	
13		✓	
14		✓	

Aquisín 7

Agallamh le hArd Oifigeach Cumann Lúthchleas Gael

1. Can you please outline the main aspects of Irish Language policy in the GAA?
2. Do you feel that the Irish Language is visible in the activities of the GAA?
3. The promotion of the Irish Language is addressed in the first additional aim of the GAA; - “to actively support the Irish Language”. It precedes the promotion of Camogie and Ladies football, and the support of Irish Industry on this list. Do you feel this reflects the true place of the Irish Language in the organisation?
4. Has the promotion of the Irish Language always been an additional aim of the organisation, to the best of your knowledge?
5. Do you feel the language played a more important role in the earlier years of the history of the organisation?
6. Could you please describe the functions of the ‘Coiste Cultúr agus Teanga’?
7. Is there a specific budget allocation for language promotion or is it under the broader heading of culture and language/culture and community?
8. Was there an official decision taken to adopt the term ‘Cultúr agus Teanga’ in place of ‘Gaeilge’ in terms of officers and committees in the GAA?
9. Do you feel that the new term reflects language policy to a better extent?
10. The term “Culture and Community” is used in the Strategic Plan. Does this mean the Irish Language is no longer to be promoted by these officers?
11. In 2000 there was a plan regarding the promotion of Irish Language in the new millennium launched:- ‘Plean Gaeilge na Mílaoise’. This was never implemented. Why do you think that was?
12. It is policy to have an ‘Oifigeach Cultúr agus Teanga’ named in every club. Do you believe the guidelines provided for these officers is relevant and/or implemented? (Irish language quizzes, ceilí nights, creating an Irish atmosphere in the club?)
13. How do you feel GAA headquarters can best advise and support the endeavours of County Culture and Language Officers in the promotion of the Irish Language?
14. Do you believe that the Irish Language is, in general, met with support by GAA members?
15. Do you feel that there is a need to re-address any aspect of language policy?
16. There is no section in the 2009-2015 Strategic Plan given specifically to the Irish Language, it comes under the broader heading ‘Club Culture and Community’. What, in your opinion, is the GAA’s main aim or objective for the promotion of the Irish Language as part of this plan in the next six years?

17. It is an aim of the Strategic Plan that by 2011, 50% of clubs will have an 'As Gaeilge' section on their website. Do you feel that an CLG on-line should be available bilingually?

18. It is also an aim of the Strategic Plan that Cultural and Community Officers are given a 'clear identity', ie. "Everyone in the GAA will know about our Cultural and Community Officers and what they do". Could you please outline the role you envisage these officers hold?

19. Does the GAA have any policy regarding Gaeltacht clubs specifically?

20. Is there any interaction between the GAA and Irish Language Organisations, ie Foras na Gaeilge or Conradh na Gaeilge?

21. Do you feel the language has a more symbolic position than an active one in the activities of the GAA?

22. Do you believe that it would be advantageous to the GAA if they ceased to support the Irish Language on any level?

23. "Those who play its games, those who organise its activities and those who control its destinies see in the GAA a means of consolidating our Irish Identity. The games to them are more than games – they have a national significance – and the promotion of native pastimes becomes part of the full national ideal, which envisages the speaking of our own language, music and dances." (General Statement)

Can you comment on the extent to which you believe membership of the GAA is a 'means of consolidating our Irish Identity' and the extent to which other aspects of our culture – language, music and dance – contribute to this if at all?

Aquisín 8

Agallamh le hOifigeach Cultúr agus Teanga:

1. An ndéanfaidh tú cur síos, le do thoil, ar na príomhrudaí a bhaineann le do ról mar Oifigeach Cultúr agus Teanga?
2. Céard iad na príomh rudaí a bhaineann le polasaí teanga an Chumainn Lúthchleas Gael i leith na Gaeilge, i do thuairim?
3. An dóigh leat go gcuirtear an polasaí i bhfeidhm? Mar shampla na liostaí ainmneacha, Gaeilge ag na cruinnithe, ainm na cumainn áitiúil, comharthaíocht ag na páirceanna peile?
4. An bhfuil Oifigeach Cultúr agus Teanga i ngach cumann sa chonndae seo? Cé acu seo a léiríonn an méid Oifigigh sa chonndae;
 - A. Ceann in san cuid is mó de sna cumainn.
 - B. Ceann i gcuid mhaith cumainn.
 - C. Ceann i leath de na cumainn.
 - D. Ceann i gcorr-chumann.
 - E. Níl ceann i gcumann ar bith.
5. Céard é an dúshlán is mó atá ag Oifigigh Cultúr agus Teanga, ar leibhéal an chumainn agus ar leibhéal an chonndae?
6. An bhfuil dóthain tacaíochta le fáil ó Pháirc an Chrócaigh d'Oifigigh Cultúr agus Teanga an chonndae?
7. Tugaim faoi deara go raibh an téarma 'Oifigeach Gaeilge' athraithe go 'Oifigeach Cultúr agus Teanga' agus go bhfuil sé athraithe arís go 'Culture and Community Officer' i bPlean Stráitéiseach 2009-2015. An léiríonn sé seo go bhfuil an bhaint idir an Ghaeilge agus an CLG ag laghdú, i do thuairim?
8. An dtárlóidh sé amach anseo, i do thuairim, nach mbeidh nasc ar bith idir an teanga agus an CLG?
9. An bhfuil méid mór tacaíochta le fáil d'imeachtaí Scór thart ar an gConndae?
10. Cé acu is tábhachtaí sa CLG, i do thuairim, an Ghaeilge nó an ceol agus an damhsa gaelach?
11. An dtugtar scoláireachtaí ag Gaeltachtaí amach do lucht an CLG sa chonndae seo? Conas a roghnaítear na fáighteoirí?
12. I do thuairim, an bhfuil meas ar an nGaeilge i measc baill an CLG?
13. An gceapann tú go bhfuil an teanga le feiceáil in imeachtaí na heagraíochta?
14. Céard é an mhodh is fearr an teanga a chur chun cinn sa Chumann Lúthchleas Gael, i do thuairim?
15. An gceapann tú go bhfuil áit siombalach ag an dteanga san eagraíocht?

16. An dóigh leat go bhfuil teagmháil ar bith idir an CLG agus eagraíochtaí Gaeilge, mar shampla, Conradh na Gaeilge, Foras na Gaeilge?
17. An mbeadh buntáistí le comhpháirtíocht idir An Coiste Cultúr agus Teanga agus eagraíochtaí eile i gcur chun cinn na teanga? Cé leis a mholann tú comhpháirtíocht a dhéanamh?

Aquisín 9: Torthaí na gCeistneoirí ar Chleachtas Teanga sa CLG:

Eochair: A = Aontú
N = Neodrach
E = Easaontú

G = Gaeltacht
NG = NeamhGaeltacht
I = Grúpa Iomlán

Cló Trom = an céatadán a léirigh deá-chleachtas san eagraíocht ar chur i bhfeidhm polasaí teanga.

Ceist	Cleachtas polasaí Teanga sa CLG:	Gaeltachta (G=70)			NeamhGaeltacht (NG=45)			Iomlán (I=115)		
		A %	N %	E %	A %	N %	E %	A %	N %	E %
Cuid 1	(3) Cur chun cinn na Gaeilge so-fheicthe in imeachtaí an CLG.	47.14	28.57	24.28	33.33	28.88	37.77	41.73	28.69	29.56
	(13) Oifigeach Cultúr & Teanga i ngach Cumann.	34.28	34.28	31.42	17.77	26.66	53.33	27.82	31.3	40.0
Cuid 2	(3) Oifigeach Cultúr & Teanga sa chlub seo.	47.14	32.85	20.0	20.0	55.55	24.44	46.08	41.73	21.73
	(4) Cruthaíonn Oifigeach C&T 'atmaisféar Gaeltach'.	54.28	34.28	12.85	37.77	48.88	13.33	47.82	40.0	13.04
	(6) Is féidir Gaeilge a labhairt sa chlub seo.	88.57	4.28	7.14	33.33	46.66	20.0	66.95	20.86	12.17
	(7) Is féidir Gaeilge a chloisteáil sa chlub seo.	84.28	8.57	7.14	33.33	37.77	28.88	64.34	20.0	15.65
	(9) Tá Scór tábhacht sa chlub seo.	42.85	35.71	21.42	24.44	53.33	22.22	35.65	42.6	21.73

Aquisín 10: Torthaí na gCeistneoirí ar Mheon na mBall i leith na Gaeilge

Eochair: A = Aontú
N = Neodrach
E = Easaontú

G = Gaeltacht
NG = NeamhGaeltacht
I = Grúpa Iomlán

Cló Trom = an céatadán a léirigh dearcadh dearfach i leith cur chun cinn na Gaeilge sa CLG.

Ceist:	Cleachtas polasaí Teanga sa CLG:	Gaeltachta (N=70)			NeamhGaeltachta (N=45)			Iomlán (I=115)		
		A %	N %	E %	A %	N %	E %	A %	N %	E %
Cuid 1	(4) Baint ag an CLG i bhforbairt na Gaeilge.	5.71	1.42	92.85	17.77	6.66	75.55	10.43	3.47	86.08
	(5) Cur chun cinn na Gaeilge níos tábhachtaí san am atá caite.	52.85	28.57	18.57	66.66	17.77	15.55	58.26	24.34	17.39
	(6) Scór tábhachtach san eagraíocht náisiúnta.	58.57	28.57	18.57	62.22	28.88	8.88	60.0	28.69	11.3
	(14) Ról tábhachtach ag Oifigigh C&T sa CLG.	67.14	20.0	12.85	60.0	22.22	17.77	64.34	20.86	14.78
	(15) Suim ag baill den CLG i dtréithe eile den chultúr.	64.28	25.71	10.0	68.88	17.77	13.33	66.08	22.6	6.95
	(16) An Ghaeilge a chur chun cinn go dearfach sa CLG.	88.57	5.71	5.71	93.33	4.44	2.22	90.43	5.21	4.34

(17)	Ar leasa an CLG an Ghaeilge a chur chun cinn.	14.28	8.57	77.14	33.33	8.88	57.77	21.73	8.69	69.56
(18)	Ar leasa na Gaeilge tacaíocht a fháil ón gCLG.	84.28	11.42	4.28	82.22	15.55	2.22	83.47	13.04	3.47
		A	N	E	A	N	E	A	N	E
		%	%	%	%	%	%	%	%	%
Cuid 2										
(8)	Suim sa Ghaeilge sa chlub.	15.71	8.57	75.71	24.44	44.44	31.11	19.13	22.6	58.26
(10)	Cuirtear suim i dtréithe eile den gcultúr sa chlub.	80.0	12.85	7.14	44.44	42.22	13.33	66.08	24.34	9.56
(11)	Níos mó ná spórt i gceist in imeachtaí an chluib.	72.85	14.28	12.85	62.22	26.66	11.11	68.69	19.13	12.17
(12)	An iomaíocht spórt an rud is tabhachtaí sa chlub seo.	55.71	14.28	30.0	44.44	28.88	26.66	51.3	20.0	28.69
(13)	Tacaíocht d'fheachtas cur chun cinn na Gaeilge.	82.85	15.71	1.42	57.77	35.55	6.66	73.04	23.47	3.47
(14)	Tacaíocht sa chumann d'fheachtas cur chun cinn na Gaeilge.	12.85	11.42	75.71	28.88	46.66	24.44	19.13	25.21	55.65

Aquisín 11: Torthaí na gCeistneoirí ar Thuiscint na mball ar pholasaí teanga an CLG

Eochair: A = Aontú
N = Neodrach
E = Easaontú

G= Gaeltacht
NG= NeamhGaeltacht
I= Grúpa Iomlán

Cló Trom = an céatadán a léirigh deá-thuiscint ar pholasaí an CLG. I gCeisteanna 11&12 úsáidtear é chun tábhacht na Gaeilge thar na haidhmeanna eile a léiriú.

Ceist	Cleachtas polasaí Teanga sa CLG:	Gaeltachta (G=70)			NeamhGaeltacht (NG=45)			Iomlán (I=115)		
		A %	N %	E %	A %	N %	E %	A %	N %	E %
(1)	Príomh-aidhm an CLG spórt dúchasach a chur chun cinn.	97.14	0	2.85	75.55	8.88	15.55	88.69	3.47	7.82
(2)	Cur chun cinn na Gaeilge mar aidhm bhreise.	65.71	11.42	22.85	53.33	22.22	24.44	60.86	15.65	23.47
(7)	Aidhm oifigiúil an CLG tacaíocht do TÉ.	42.85	45.71	11.42	42.22	44.44	13.33	42.6	45.21	12.17
(8)	Tugtar dóthain tacaíochta do TÉ.	42.85	45.71	11.42	44.44	46.66	8.88	43.47	46.08	10.43
(9)	Aidhm oifigiúil ag an CLG tacaíocht do Chamógaíocht agus Peil na mBan.	72.85	8.57	18.57	68.88	17.77	13.33	71.3	12.17	16.52
(10)	Tugtar dóthain tacaíochta do Chamógaíocht agus Peil na mBan.	51.42	21.42	27.14	57.77	13.33	28.88	53.91	18.26	27.82

(11)	Cur chun cinn na Gaeilge chomh tábhachtach le TÉ.	51.42	28.57	20.0	51.11	33.33	15.55	51.3	30.43	18.26
(12)	Cur chun cinn na Gaeilge chomh tábhachtach le Camógaíocht agus Peil na mBan.	47.14	28.57	24.28	42.22	26.66	31.11	45.21	27.82	26.95
Cuid 2										
(1)	Dualgaisí teanga ar gach cumann.	65.71	25.71	8.57	51.11	37.77	11.11	60.0	30.43	9.56
(2)	Baineann na dualgaisí ar fad le páipéarachas.	25.71	28.57	45.71	37.77	42.22	20.0	30.43	33.91	35.65

